# An Foras Teanga

## Cumhdach
## Polasaí agus Nósanna Imeachta

### Deisceart na hÉireann

Is é atá san Fhoras Teanga Thuaidh/Theas Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise.

Gabhann an Foras Teanga Thuaidh/Theas air féin a chinntiú go bhfuil an polasaí agus na nósanna imeachta um chumhdach chun dáta. Tagann fóram inmheánach um chumhdach de chuid an Fhorais Teanga i gceann a chéile dhá uair sa bhliain agus tugann sé faoi athbhreithniú inmheánach de réir mar is cuí, agus tugtar faoi athbhreithniú seachtrach uair amháin gach trí bliana de réir athruithe sa reachtaíocht agus treoirlínte cleachtais.

Tá an polasaí agus na nósanna imeachta um chumhdach faofa ag bord Fhoras na Gaeilge agus ag bord Ghníomhaireacht na hUltaise, chomh maith leis an bhForas Teanga Thuaidh/Theas. Chomh maith leis sin, beidh an ráiteas um chumhdach ar taispeáint go feiceálach in oifigí agus in ionaid, chomh maith leis na rannáin ábhartha ar shuíomhanna gréasáin gach gníomhaireachta.

# ÁBHAR

Ráiteas um Chumhdach

Sainmhínithe maidir le Cumhdach

An Comhthéacs Dlíthiúil agus Polasaí

Rioscaí maidir le Cumhdach a Mheasúnú agus a Bhainistiú

An Duine Ainmnithe Teagmhála agus Sainordaithe

Earcaíocht Shábháilte

Oiliúint maidir le Cumhdach & Maoirseacht do Bhaill Foirne

Coinneáil Taifead & Bainistíocht Faisnéise

Catagóirí Mí-úsáide

Saincheisteanna a Bhaineann le Cumhdach a Aithint

Freagairt ar Shaincheisteanna a Bhaineann le Cumhdach

Saincheisteanna a Bhaineann le Cumhdach a Thuairisciú

Cóid Iompair

Treoirlínte maidir le Cumhdach

Aguisíní
1: Spriocanna Eagraíochtúla
2: Nascadh le Cóid agus Buan-Orduithe an Bhoird
3: Foirm le haghaidh Eachtra maidir le Cumhdach
4: Teimpléad Measúnaithe Riosca um Chumhdach

Teagmhálacha úsáideacha

## GLUAIS

| | |
|---|---|
| GÁME | Gorm, Áiseach, Mionlach Eitneach |
| ESP | Eagraíocht Sláinte Phobail |
| DAT | Duine Teagmhála Ainmnithe |
| LEE | An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| LADTC+ | Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasghnéasach, Cam/Ceisteach, agus eile. Tagraíonn sé do phobal daoine a bhfuil d'aontas eatarthu go bhfuil aitheantais inscne nó gnéaschlaonadh acu atá éagsúla ón tromlach heitrighnéasach agus cisinscneach. |
| Meitheal | cur chuige molta na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach leith riachtanais leanaí agus teaghlach a mheas atá tagtha faoi aird cleachtóirí agus ball pobail mar gheall ar ábhar imní maidir le leas nó sábháilteacht leanaí. |
| PÉ | Poblacht na hÉireann |

# RÁITEAS UM CHUMHDACH

Is é atá san Fhoras Teanga Thuaidh/Theas Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise. Tá a gcathaoirleach, bord, príomhfheidhmeannach, ardbhainisteoirí agus foireann féin ag an dá ghníomhaireacht. Feidhmíonn Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise ar bhonn uile-oileáin. Is féidir teacht ar aidhmeanna na gníomhaireachta ábhartha in Aguisín 1. Ar mhaithe le cosaint leanaí agus cumhdach tá a nduine/daoine teagmhála ainmnithe agus a nduine/daoine sainordaithe féin ag gach gníomhaireacht acu.

Cuireann Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise raon leathan seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear maoiniú do ghrúpaí le himeachtaí óige agus imeachtaí eile don phobal a eagrú. Is féidir tagairt don pholasaí um chumhdach seo go coitianta chomh maith mar pholasaí um chosaint agus leas leanaí, ach ar mhaithe le comhsheasmhacht i ngach cuid dár n-eagraíocht leanaimid ar aghaidh ag úsáid an téarma polasaí um chumhdach. Tá an dá théarma mar an gcéanna agus clúdaíonn siad gach gné de chumhdach/cosaint leanaí.

Cuireann doiciméad scríofa ar mheasúnú riosca an Fhorais Teanga in iúl na réimsí riosca fhéideartha dochair, an dóchúlacht go dtarlóidh an riosca, agus tugann sé na doiciméid pholasaí, treorach nó phróisis a theastaíonn leis na rioscaí seo a mhaolú. Rinneadh an measúnú riosca ar an 19 Feabhra 2018.

Mar ghníomhaireacht ábhartha faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, tá ár Ráiteas um Chumhdach forbartha de réir riachtanais na reachtaíochta agus Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta, *Children Safeguarding: a Guide for Policy, Procedure and Practice* de chuid Tusla agus *Safeguarding Vulnerable Persons at Risk of Abuse National Policy & Procedures* (2014) de chuid an FSS

Is iad na daoine sainordaithe d'Fhoras na Gaeilge: **Seosamh Ó Coinne** agus **Nuala Ní Scolláin**.

Inár bpolasaí um chumhdach tá:

- nósanna imeachta do bhainistiú líomhaintí mí-úsáide nó mí-iompair ag baill foirne/saorálaithe i gcoinne linbh, duine óig nó aosaigh a bhaineann úsáid as ár seirbhísí;
- nósanna imeachta d'earcaíocht shábháilte ball foirne/saorálaithe a oibríonn le leanaí, daoine óga nó aosaigh shoghonta;
- Sceideal oiliúna a leagann amach rochtain ar oiliúint agus ar eolas maidir le cumhdach, lena n-áirítear tarlú dochair a aithint;
- Nósanna imeachta le hábhair imní maidir le cosaint nó leas leanaí a thuairisciú d'údaráis reachtúla.

Cuideoidh na polasaithe agus nósanna imeachta seo linn a bheith ag obair lenár mbaill foirne/saorálaithe le caighdeáin chomhaontaithe, chomhsheasmhacha, íosta um chumhdach agus lena chur in iúl a bhfuilimid ag súil leis ó na daoine aonaracha nó eagraíochtaí sin a mhaoinímid a chuireann aon seirbhísí ar fáil do leanaí, daoine óga agus aosaigh shoghonta le tabhairt faoi riachtanais um chumhdach go héifeachtach. Beidh eagraíochtaí maoinithe faoi réir nósanna imeachta um chomhlíonadh mar a léirítear ina dtairiscint maoinithe.

Creideann an Foras Teanga gur freagracht gach duine é an cumhdach. Buncheart ag gach duine is ea saol a chaitheamh atá saor ó dhochar agus ó mhí-úsáid. Tá ról le himirt ag gach duine a bhíonn i dteagmháil le leanaí, lena dteaghlaigh agus/nó aosaigh shoghonta. Is fearr a chumhdaítear iad siúd is leochailí nuair atá daoine gairmiúla soiléir faoina bhfuil ag teastáil uathu go haonarach, agus conas is gá dóibh a bheith ag obair le chéile.

Tá polasaithe agus nósanna imeachta forbartha ag an bhForas Teanga agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad lena chinntiú go bhfuil gach duine eolach ar agus go nglacann siad lena bhfreagracht maidir lena dualgas

cúraim do i leith leanaí, daoine óga agus aosaigh shoghonta Féachfaimid lena chinntiú go dtarlaíonn ár seirbhísí agus gníomhaíochtaí i dtimpeallacht mar a bhfuil leanaí, daoine óga agus aosaigh sábháilte ón bhféidearthacht go dtarlóidh aon chineál drochíde.

Tá an polasaí seo infheidhmithe ar gach ball foirne/saorálaí san Fhoras Teanga, lena n-áirítear comhaltaí boird reatha an dá ghníomhaireacht a bhféadfadh teagmháil dhíreach nó neamhdhíreach a bheith acu le leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta. Caithfidh baill foirne/saorálaithe bheith feasach ar a ról agus a bhfreagracht an cleachtas cumhdaithe is fearr a ghabháil de láimh. Cuirfidh an Foras Teanga oiliúint chuí ar fáil chun feasacht a thógáil ar shaincheisteanna a bhaineann le mí-úsáid leanaí agus chun baill foirne/saorálaithe a chur ar an eolas maidir lena bheartas, a nósanna imeachta agus a threoirlínte um chumhdach.

Tá an polasaí seo i bhfeidhm taobh le polasaithe agus nósanna imeachta eagraíochtúla eile, lena n-áirítear:

- earcaíocht agus roghnúchán;
- sláinte agus sábháilteacht;
- comhdheiseanna;
- oiliúint;
- sceithireacht;
- smacht, casaoid agus achomhairc, etc.

Beidh gach polasaí eagraíochtúil ag teacht leis an bpolasaí seo um chumhdach. Cinnteoidh an cur chuige iomlánaíoch seo eagraíocht shábháilte fholláin do bhaill foirne/saorálaithe agus na leanaí, daoine óga agus aosaigh shoghonta a úsáideann seirbhísí an Fhorais Teanga.

Cuirfear gach duine a bhaineann leis an bhForas Teanga ar an eolas faoin bpolasaí um chumhdach agus na nósanna atá curtha i bhfeidhm chun an chosaint is fearr a thabhairt do leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh. Bainfear seo amach tríd an bpolasaí a scaipeadh, oiliúint agus ardú feasachta.

**Caithfear gach teagmhas nó ábhar imní a thuairisciú don duine teagmhála ainmnithe de réir na nósanna imeachta a leagtar amach sa doiciméad seo.**

Beidh an ráiteas um chumhdach ar taispeáint go feiceálach in oifigí agus in ionaid, chomh maith leis na rannáin ábhartha ar shuíomh gréasáin an dá ghníomhaireacht. Déantar é a athbhreithniú go hinmheánach ar bhonn bliantúil agus déantar athbhreithniú seachtrach uair amháin gach trí bliana. Déantar leasuithe de réir athruithe sa reachtaíocht agus treoirlínte cleachtais.

Tá an polasaí agus na nósanna imeachta um chumhdach faofa ag bord an Fhorais Teanga, bord Fhoras na Gaeilge agus bord Ghníomhaireacht na hUltaise.

***An polasaí reatha athbhreithnithe agus ceadaithe Márta 2018***
***Athbhreithniú inmheánach le déanamh Márta 2019***
***Athbhreithniú seachtrach le déanamh Márta 2021***

Is iad Daoine Teagmhála Ainmnithe/Daoine Sainordaithe Fhoras na Gaeilge:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Duine teagmhála ainmnithe:** | **Seosamh Ó Coinne** | socoinne@forasnagaeilge.ie | 01 6398400 |
| **Leas-Duine teagmhála ainmnithe:** | **Nuala Ní Scolláin** | nniscollain@forasnagaeilge.ie | 04890 890970 |

# Aidhmeanna an Pholasaí agus na Nósanna Imeachta um Chumhdach

Tá an Foras Teanga tiomanta do chleachtas a chosnaíonn leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta ó dhochar agus ó mhí-úsáid, agus is é is aidhm leis timpeallacht a chur ar fáil a chuireann chun cinn a sábháilteacht. Tacaíonn an Foras Teanga cur chuige neamhfhulaingthe i leith na mí-úsáide agus an dochair d'aon chineál, agus féachfaidh sé le leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta a chumhdach.

Is aidhm leis na polasaithe agus na nósanna imeachta seo:

- tiomantas an Fhorais Teanga a léiriú d'eagraíocht a chur ar fáil agus a choimeád a chosnaíonn leanaí, daoine óga agus aosaigh ó dhochar, agus baill foirne/saorálaithe agus an eagraíocht féin a chosaint ó líomhaintí féideartha;
- a chinntiú go ndéantar ár mbaill foirne/saorálaithe a roghnú agus a ghrinnfhiosrú trí nósanna imeachta láidre earcaíochta agus roghnúcháin do gach ball foirne/saorálaí de réir riachtanais reachtaíochta;
- a chinntiú go bhfuil ár mbaill foirne/saorálaithe eolach ar ár gcaighdeáin um chumhdach;
- rioscaí um chumhdach a bhaineann lenár ngníomhaíochtaí a bhainistiú;
- nósanna imeachta a chur ar fáil le haghaidh maoirseacht chuí agus ábhartha, lena n-áirítear Daoine Ainmnithe Teagmhála a cheapadh;
- treoirlínte a chur ar fáil maidir le hoiliúint chuí um chumhdach do bhaill foirne/saorálaithe ionas gurb eol dóibh conas mí-úsáid a aithint agus freagairt di;
- caighdeán a shocrú le haghaidh taifid a bhainistiú, rúndacht, faisnéis a chomhroinnt faoin gcumhdach agus faoin gcleachtas is fearr le baill foirne/saorálaithe, leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta agus tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí de réir mar is cuí;
- treoir a thabhairt maidir le conas ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe freagairt ar nochtuithe eolais;
- nósanna imeachta agus treoir shoiléir maidir le conas is gá do bhaill foirne/saorálaithe plé le haon eachtra nó ábhar imní maidir le cumhdach;
- nósanna imeachta tuairiscithe soiléire a thabhairt i gcás mí-úsáid amhrasta nó iarbhír linbh/duine óig agus/nó aosaigh;
- a chinntiú go ndéantar gníomhaíocht chuí, de réir an chleachtais is fearr, i gcónaí mar tharlaíonn eachtra um chumhdach;
- cód iompair soiléir a chur ar fáil a gcaithfidh gach ball foirne/saorálaí a shíniú, chomh maith le cóid iompair do leanaí & daoine óga, úsáideoirí seirbhíse aosaigh agus tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí;
- nós imeachta a chur ar fáil chun plé le ráitis agus gearáin;
- sábháilteacht ghinearálta agus bainistíocht éifeachtach ghníomhaíochta an Fhorais Teanga a chinntiú.

# Luachanna a bhfuiltear ag súil leo ó bhaill foirne/saorálaithe comhlachta phoiblí

Tá na luachanna seo a leanas aontaithe ag Bord an Fhorais Teanga mar chuid den tseirbhís phoiblí agus tá siad ag súil leis na luachanna céanna a bheith aontaithe ag baill foirne/saorálaithe.

Seo a leanas iad:

- Neamhchlaontacht - ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe a bheith airdeallach i rith an ama ar a ról ag déanamh maoirseachta ar chistí poiblí chomh neamhspleách agus is féidir gan fabhar;
- Cuntasacht - ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe bheith airdeallach ar a ról ag déanamh maoirseachta ar chistí poiblí agus bheith airdeallach i rith an ama ar an oiread is atá príomhspriocanna á mbaint amach mar bhaill foirne/saorálaithe aonair agus mar eagraíocht ina hiomláine;

- Ionracas - níor chóir do bhaill foirne/saorálaithe a bpost a úsáid chun aon íocaíocht sheachtrach nó aon chúiteamh eile ar son dualgas a bhaineann lena bpost a fháil, a shocrú nó a ghlacadh nó iarracht a dhéanamh sin a dhéanamh. Níor chóir dóibh aon sochar a fháil a d'fhéadfadh cur isteach ar a mbreithiúnas go fíor go arbh fhéidir a mheas go gcuirfeadh;
- Oibiachtúlacht - agus cinntí á ndéanamh agus gnó poiblí á dhéanamh, lena n-áirítear conarthaí a bhronnadh nó moltaí a dhéanamh i leith cúitimh agus sochair, ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe roghanna a dhéanamh i gcónaí de réir tuillimh;
- Oscailteacht - ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe a bheith airdeallach ar thiomantas an bhoird bheith chomh hoscailte agus is féidir maidir le gach cinneadh agus nós imeachta óna leanann cinntí, agus na gníomhartha a dhéanann siad. Is cóir cinntí a mhíniú agus níor chóir srian a chur le faisnéis ach amháin má mheastar a leithéid de shrian a bheith chun leas an mhórphobail;
- Freagrúlacht - ba chóir don Fhoras Teanga a chinntiú gur féidir a léiriú go bhfuil sé ag baint úsáid cheart as acmhainní agus nach bhfuil cúis a cháinte ann go bhfuil siad á n-úsáid ar son cuspóirí príobháideacha, páirtíneacha nó polaitiúla. Ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe cuimhneamh ar na riachtanais seo agus iad ag bainistiú a gcuid ama agus acmhainní agus gan am nó acmhainní i bhfostaíocht an Fhorais Teanga a úsáid ar son cuspóirí príobháideacha, páirtíneacha nó polaitiúla;
- Macántacht - tá de dhualgas ar bhaill foirne/saorálaithe leasa príobháideacha a bhaineann lena gcuid oibre a nochtadh agus bearta a dhéanamh aon coinbhliocht leasa fhéideartha a réiteach chun iad féin agus an leas poiblí a chosaint. Áirítear leis seo leas indibhidiúil agus leas gaolmhar grúpa. Déanann baill foirne/saorálaithe dearbhú bliantúil;
- Ceannaireacht - táthar ag tnúth leis ó bhaill foirne/saorálaithe an cód agus na prionsabail seo a chur chun cinn le heiseamláir, go háirithe i dtaca le baill foirne/saorálaithe atá faoina maoirseacht;
- Luach ar airgead - ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe a chinntiú go dtugtar seirbhísí inmheánacha agus seirbhísí a ndéantar tairiscint ina leith ar an mbealach is eacnamaíche, is éifeachtaí agus is éifeachtúla, le measúnú cuí ar fheidhmiúlacht.

Tá an Foras Teanga tiomanta d'fheabhsú na heagraíochta agus gach duine san eagraíocht. Agus an gá leis na baill foirne/saorálaithe gníomhú i dtimpeallacht foirne san áireamh, tá an Foras Teanga ag tnúth le hoscailteacht don fheabhsú agus don oibriú foirne ag gach ball foirne/saorálaí.

# SAINMHÍNITHE MAIDIR LE CUMHDACH

Ciallaíonn **leanbh** duine faoi aois 18 seachas duine atá nó a bhí pósta (Alt 2 an tAcht um Chúram Leanaí 1991; an Bille um Thús Áite do Leanaí 2014; Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí 2011).

Ciallaíonn **aosach** duine ar bith 18 mbliana d'aois nó níos sine mar a shainmhíníonn An tAcht um Lán-Aois, 1985.

**Cumhdach agus Cosaint Leanaí:** Cuireann cumhdach síos ar chosaint leanaí agus daoine óga ó mhí-úsáid agus ó fhaillí, agus timpeallacht shábháilte agus ionchuimsitheach a chruthú ina gcuirtear a leas chun cinn go gníomhach. Ní úsáidtear "cumhdach" chomh minic céanna in PÉ, mar a dtagraíonn comhlachtaí reachtúla i gcónaí do "chosaint" leanaí, daoine óga agus/nó aosach soghonta. Chun críocha an bheartais seo, úsáidtear an téarma "cumhdach" seachas "cosaint leanaí", nó cuimsítear sa doiciméad leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta.

Is é is **Cumhdach Aosach** ceart duine ar mhaireachtáil go sábháilte, saor ó mhí-úsáid agus ó fhaillí a chosaint. Caithfidh sé a bheith tógtha ar chumachtú: ar éisteacht le glórtha daoine atá faoi riosca, agus daoine a ndearnadh dochar dóibh.

*An Roinn Coimirce Sóisialaí: Safeguarding Vulnerable Adults; A Shared Responsibility 2017*

**Aosach Soghonta:** Is iad aosaigh a fhéadfaidh a bheith soghonta iad siúd a fhéadfaidh a bheith srianta ina gcumas iad féin a chosaint in éadan dochair nó dúshaothrú, b'fhéidir de thoradh ar bhreoiteacht, néaltrú, fadhbanna meabhairshláinte, míchumas fisiciúil nó míchumas intleachtach.

*An Roinn Coimirce Sóisialaí: Safeguarding Vulnerable Adults; A Shared Responsibility 2017*

Nuair atáthar ag breathnú ar dhuine mar 'aosach soghonta', tá sé tábhachtach freisin machnamh ar na tosca ar féidir leo duine a dhéanamh níos soghonta (e.g. aonrú sóisialta agus mothúchánach, mí-úsáid substaintí, foréigean, dúshaothrú, athruithe i ndálaí teaghlaigh/airgeadais etc.)

Ba chóir toimhde a bheith ann go bhfuil an cumas ann cinntí a dhéanamh ach amháin má tá a mhalairt cruthaithe agus tá de cheart ag duine cinntí a dhéanamh a fhéadfaidh daoine eile a cheapadh a bheith éigríonna. Caithfear meas a léiriú ar fhéinriar an duine an oiread agus is féidir.

Féadfaidh sé go n-aithneoidh nó nach n-aithneoidh aosach ag a bhfuil **lagú nó míchumas** nó go n-aithneofar nó nach n-aithneofar iad mar aosach soghonta.

Is é is **droch-chleachtas** ann iompar a d'fhéadfadh leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh faoi riosca a chur i mbaol dochair nó mí-úsáide, nó baill foirne/saorálaithe a fhágáil i mbaol líomhaintí iompair mhíchuí.

# AN COMHTHÉACS DLÍTHIÚIL AGUS POLASAÍ

Is conradh idirnáisiúnta ar chearta an duine é **Coinbhinsiún NA ar Chearta an Linbh 1989** a shocraíonn caighdeáin íosta i leith cearta sibhialta, polaitiúla, sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíocha daoine óga. In 1992 shínigh Éire **Coinbhinsiún NA ar Chearta an Linbh**, ag chuir seo oibleagáid ar an rialtas a chinntiú nach sáraíonn reachtaíocht agus beartas aon cheann de na caighdeáin ar a ndéantar breac-chuntas sa Choinbhinsiún.

**An tAcht um Chúram Leanaí 1991** Is é seo an phríomhreachtaíocht a rialaíonn polasaí um chúram leanaí in PÉ. Faoin acht seo tá freagracht reachtúil ar Tusla leas leanaí agus daoine óga nach bhfuil ag fáil cúram agus cosaint imleor a chur chun cinn.

**An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh drochúsáid Leanaí 1998** Cosnaíonn an tAcht seo thú má dhéanann tú tuairisc ar mhí-úsáid amhrasta d'oifigigh ainmnithe Tusla, an Fheidhmeannacht Seirbhíse Sláinte (FSS) nó baill de na Gardaí a fhad is le hintinn mhaith a rinneadh an tuairisc agus nach bhfuil sí mailíseach.

**An tAcht um Cheartas Coiriúil 2006** – chruthaigh Alt 176 den Acht seo an coin leanaí a chur i mbaol go meargánta. Féadfaidh an coin seo a bheith déanta ag aon duine ag a bhfuil údarás nó smacht ar leanbh nó ar dhroch-úsáideoir agus a chuireann leanbh i mbaol go hintinneach nó go meargánta:

1. Trína chur faoi deara, nó trína cheadú, aon leanbh a chur nó a fhágáil i riocht lena gcruthaítear baol substaintiúil don leanbh/duine óg go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith ina íospartach nó ina híospartach díobhála tromchúisí nó droch-úsáide gnéasaí, nó
2. Trí mhainneachtain bearta réasúnacha a dhéanamh chun leanbh/duine óg a chosaint ar bhaol den sórt sin agus a fhios aige nó aici go bhfuil an leanbh/duine óg i riocht den sórt sin.

**An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis um Chionta in Aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choinneáil Siar) 2012** Faoin Acht seo, is cion coiriúil faisnéis a choinneáil siar faoi choin tromchúiseach, lena n-áirítear coin gnéasach, i gcoinne duine faoi 18 mbliana d'aois nó duine shoghonta. Tá forálacha na reachtaíochta maidir le faisnéis a choinneáil siad sa bhreis ar aon riachtanais tuairiscithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

**Na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012–2016** Faoi na hAchtanna seo tá sé éigeantach d'fhostaitheoirí nochtuithe eolais maidir le grinnfhiosrúchán a fháil i leith aon duine atá ag déanamh obair ábhartha le leanaí, daoine óga nó aosaigh shoghonta.

Is tábhachtach an méid a chuireann **An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015** leis an gcóras leasa agus cosanta leanaí nó cuideoidh sé lena chinntiú go gcuirtear ábhair imní maidir le cosaint leanaí in iúl do Tusla gan mhoill.

Tugann **an tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017** faoi dhúshaothrú leanaí/daoine óga agus díríonn sé orthu siúd atá páirteach sa ghníomhaíocht choiriúil seo.

**An tAcht um Fhoréigean Baile 1996 & an tAcht um Fhoréigean Baile (Leasú) 2002**

Tá na cleachtais agus na nósanna imeachta maidir le cumhdach sa pholasaí seo bunaithe ar na prionsabail atá sa reachtaíocht thuas agus an treoir seo a leanas:

- **Polasaí & Nósanna Imeachta Náisiúnta um Daoine Soghonta atá faoi Riosca Mí-Úsáide a Chumhdach (2014)**
- **Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (2017)**

## Na Prionsabail a bhaineann le hAosaigh Shoghonta a Chumhdach

Tá de cheart ag daoine soghonta a bheith cosanta i gcoinne na mí-úsáide agus go dtabharfar faoi aon ábhar imní maidir le heispéiris mhí-úsáide. Tá de cheart acu go gcaithfear leo le meas agus go mothóidh siad sábháilte.

Tá sé de cheart ag gach aon aosach, is cuma cén aois, cumas nó míchumas, inscne, cine, creideamh, bunús eitneach, claonadh gnéis, stádas pósta nó inscne atá acu, a bheith cosanta ó mhí-úsáid agus ó dhroch-chleachtas agus páirt a ghlacadh i dtimpeallacht thaitneamhach shábháilte.

Féachaimid lena chinntiú go bhfuil an Foras Teanga ionchuimsitheach agus déanfaimid coigeartuithe réasúnta le haghaidh aon chumais, míchumais nó lagaithe. Geallfaimid freisin go ndéanfaimid forbairt, monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach.

Tabharfar meas i gcónaí ar chearta, dínit agus fiúntas gach aosach.

Aithnímid gur féidir le cumas agus míchumas athrú thar am, sa mhéid is gur féidir le roinnt aosach a bheith níos mó i mbaol mí-úsáide, mar shampla iad siúd atá spleách ar dhaoine eile nó a bhfuil riachtanais éagsúla cumarsáide acu.

Tá na prionsabail seo a leanas ríthábhachtach i leith daoine soghonta a chumhdach ón mí-úsáid:

***Cearta Daonna:*** Tá buncheart ag gach duine ar dhínit agus meas. Tá bunchearta daonna, lena n-áirítear cearta ar rannpháirtíocht sa tsochaí, cumhdaithe sa Bhunreacht agus i ndlíthe an Stáit. Go stairiúil bhí daoine soghonta ar leithlis óna bpobail agus d'imir pearsanra gairmiúil ról mór ina líonra tacaíochta. De thoradh air sin, féadfaidh sé go bhfuil foinsí teoranta cabhraí seachtraí, tacaíochta nó abhcóideachta ag daoine soghonta le hiad a chumhdach ón mí-úsáid agus le tacú leo más ea go ndéantar leatrom orthu riamh. Tá sé ríthábhachtach deiseanna a thabhairt do dhaoine a leathfaidh a gcaidrimh agus a chuirfidh chun cinn ionchuimsitheacht sa phobal.

***Duinelárnachas*** Is é is Duinelárnachas ann ná an prionsabal a chuireann an duine mar dhuine aonair i gcroílár aon idirbhirt a bhaineann le soláthar nó seachadadh seirbhíse. Is cur chuige dinimiciúil é a chuireann an duine i lár báire. Tá an fócas ar na roghanna, spriocanna, aislingí, uaillmhianta agus an fhéidearthacht atá aige/aici féin, leis an tseirbhís ag tacú agus ag cumasú réadú spriocanna an duine seachas duine ag oiriúnú don méid is féidir leis na seirbhísí nó leis an gcóras a thairiscint.

***Cultúr:*** Tá sé ríthábhachtach do chumhdach rathúil daoine soghonta cultúr oscailte a bheith ann le cur chuige atá duinelárnach go fírinneach i leith cúraim/tacaíochta, a bhfuil de thaca faoi polasaí neamhfhulaingthe i leith na mí-úsáide agus na faillí. Tá sé tábhachtach go gcruthóidh agus go cothóidh soláthraithe seirbhíse cultúr oscailte mar ar féidir le daoine a bhrath go bhfuil siad sábháilte ann agus gur féidir leo ábhair imní a tharraingt anuas ann. Tá an tábhacht a bhaineann le dea-cheannasaíocht agus sampla-aithris an dea-chleachtais ríthábhachtach i ndeimhniú cultúr seirbhísí.

Glacann ***Abhcóideacht*** ról tábhachtach ag cumasú daoine le bheith eolach ar a gceart agus lena n-ábhair imní a chur in iúl. Is é an ról atá ag abhcóide a chinntiú go bhfuil rochtain ag daoine ar gach eolas bainteach agus cruinn le ligean dóibh a bheith in ann roghanna eolacha a dhéanamh. Tá abhcóideacht ar cheann de na bealaí le tacú le daoine soghonta agus iad a chosaint.

***Rúndacht:*** Caithfidh gach duine soghonta a bheith cinnte go bhfuil a fhios acu go bhfuil gach faisnéis fúthu á bainistiú mar is cuí agus go bhfuil tuiscint shoiléir ar rúndacht i measc gach pearsanra seirbhíse. Caithfidh seo a bheith ag teacht le Polasaí Bainistíochta FSS. Braitheann cumhdach éifeachtach duine shoghonta go minic ar thoilteanas na mball foirne sna heagraíochtaí reachtúla agus deonacha a bhaineann leis an duine soghonta faisnéis bhainteach a chomhroinnt agus a mhalartú. Tá sé, mar sin, ríthábhachtach tuiscint shoiléir a bheith ann ar fhreagrachtaí pearsanta agus dlíthiúla maidir le rúndacht agus malartú faisnéis.Caithfear gach faisnéis maidir le hábhair imní nó líomhaintí mí-úsáide nó measúnaithe mí-úsáide maidir le duine soghonta a chomhroinnt ar bhonn riachtanais chun leas an duine shoghonta agus leis na húdaráis

reachtúla bhainteacha agus gairmithe bainteacha. Ní féidir aon ghealltanas a dhéanamh rún a choinneáil.

***Cumhachtú:*** Aithníonn an prionsabal seo an ceart ag gach duine saol chomh neamhspleách agus is féidir a bheith acu. Ba chóir gach tacaíocht agus is féidir a thabhairt leis an gceart sin a réadú. Aithníonn féinstiúradh ceart an duine ar fhéintreorú an oiread agus is féidir, fiú má tá méid áirithe riosca ag baint leis seo. Le cloí leis an bprionsabal seo caithfear rioscaí a aithint, a thuiscint agus a íoslaghdú an oiread agus is féidir, agus ag an am céanna tacú leis an duine a dul sa tóir ar a spriocanna agus a roghanna.

***Comhoibriú:*** Tá comhoibriú idirghníomhaireachta ina chuid ríthábhachtach den chumhdach rathúil. Is féidir baint as faoi le fócas aonseirbhíse, droch-chomhroinnt faisnéise, tuiscint theoranta ar róil, tosaíochtaí éagsúla eagraíochtúla agus droch-rannpháirtíocht príomhsholáthraithe seirbhíse i gcruinnithe maidir le cumhdach aosach.

*Daoine Soghonta atá faoi Riosca Mí-Úsáide a Chumhdach Polasaí & Nósanna Imeachta Náisiúnta*

# RIOSCAÍ MAIDIR LE CUMHDACH A MHEAS & A BHAINISTIÚ.

Is dlúthchuid de straitéis bainistithe riosca an Fhorais Teanga é riosca a bhaineann le cumhdach do leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh a mheasúnú agus a bhainistiú. Agus rioscaí maidir le cumhdach á measúnú agus á mbainistiú, is é an aidhm an dóchúlacht riosca nó a thionchair fhéideartha a íoslaghdú. Baineann seo le gach gníomhaíocht san eagraíocht. Is é freagracht an Fhorais Teanga a chinntiú go ndéantar gach riosca aitheanta a bhainistiú mar is cuí. An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a bhainistíonn seo, a chinntíonn go léiríonn cultúr na heagraíochta go dtugtar meas ar chearta leanaí/daoine óga agus/nó aosach. Tá neamhfhulaingeacht ann don mhí-úsáid, is cuma cibé uair a tharlaíonn sí agus cibé duine is cúis léi.

Baineann na rudaí seo a leanas leis an bpróiseas measúnaithe riosca:

- rioscaí a shainaithint; agus
- an leibhéal riosca a dhearbhú trína thionchar féideartha agus an dóchúlacht go dtarlóidh sé a mheasúnú.

Is féidir teacht ar chóip dár dteimpléad measúnaithe riosca in Aguisín 4. Taifeadfar gach riosca aitheanta a bhaineann le cumhdach agus bearta laghdaithe riosca agus athbhreithneofar iad ar a laghad uair sa bhliain. Beidh sé d'aidhm ag an bhForas Teanga dóchúlacht agus tionchar araon na mí-úsáide a laghdú trí na rudaí seo leanas:

- polasaí um earcaíocht shábháilte a fhiosrú le daoine mí-oiriúnacha a chosc ó theacht isteach san Fhoras Teanga;
- oiliúint a thabhairt do bhaill foirne/saorálaithe le bheith ar an eolas maidir le comharthaí féideartha na mí-úsáide agus é a chur ar a gcumas dóibh freagairt ar ábhair imní maidir le mí-úsáid iarbhír, líomhanta nó amhrasta
- a chinntiú go ndéantar baill foirne/saorálaithe a ionduchtú agus a oiliúint mar is ceart, go dtugtar oiliúint, tacaíocht agus maoirseacht cheart dóibh i rith a gcuid oibre leis an bhForas Teanga;
- cód iompair a chruthú do bhaill foirne/saorálaithe a leagann amach cad iad iompraíochtaí inghlactha agus dea-chleachtas;
- polasaí sceithireachta láidir a bheith ann le cultúr cuimsitheachta, trédhearcach agus oscailte a chur chun cinn ar fud na heagraíochta agus a seirbhísí agus gníomhaíochtaí;
- polasaithe soiléire a bheith ann le hábhair imní/eachtraí a thuairisciú do bhaill foirne nuair a thugann siad dúshlán do dhroch-chleachtas nó nuair a bhíonn ábhair imní acu nó nuair a fhaigheann siad nochtuithe eolais;
- baill foirne/saorálaithe a chur ar an eolas faoin rúndacht agus cosaint sonraí agus go sonrach conas ba chóir eolas faoi eachtraí/ábhair imní maidir le cumhdach a bhainistiú;
- bainistíocht agus cleachtas maith foriomlán eagraíochta a bheith ann le tacaíocht ó réimse polasaithe agus nósanna imeachta eagraíochtúla.

## Timpistí

Tá an Foras Teanga tiomanta do shábháilteacht gach linbh/duine óig agus/nó aosaigh a chinntiú trí mheasúnú riosca a chur i gcrích le haghaidh imeachtaí agus trí iarracht a dhéanamh cóir leighis chéad chabhrach a thabhairt i leith gortú, timpistí agus cásanna breoiteachta le linn a imeachtaí.

Tá aon timpistí le taifeadadh de réir pholasaí Sláinte & Sábháilteachta na gníomhaireachta. Má tharlaíonn timpiste le leanaí nó daoine óga tá tuismitheoir/caomhnóirí/cúramóirí le bheith curtha ar an eolas. Má bhíonn úsáideoir seirbhíse aosaigh i dtimpiste ba chóir an tuismitheoir/caomhnóir/cúramóirí a chur ar an eolas de réir mar is cuí le toiliú an duine.

Ba chóir do gach ball foirne/saorálaí bheith ullmhaithe le plean gnímh má tharlaíonn éigeandáil agus a bheith eolach ar nósanna imeachta garchabhrach na gníomhaireachta. Áireofar leis seo:

- rochtain ar threalamh garchabhrach;
- teagmháil teileafóin más mionaoiseach an rannpháirtí
- teagmháil teileafóin chuig na seirbhísí éigeandála.

# DUINE TEAGMHÁLA AINMNITHE/DUINE SAINORDAITHE

Tá Duine Teagmhála Ainmnithe agus Leas-Duine Teagmhála Ainmnithe an Fhorais Teanga freagrach as feidhmiú mar fhoinse comhairle ar nithe a bhaineann le cumhdach, as gníomhaíocht um chumhdach a chomhordú laistigh den eagraíocht agus as teagmháil le húdaráis reachtúla maidir le cásanna amhrasta nó iarbhír mí-úsáide linbh, duine óig, nó aosaigh.

Is é an **Duine Sainordaithe** duine atá fostaithe leis an bhfeidhm a bhaineann le leas agus cosaint leanaí in eagrais agus eagraíochtaí creidimh, spóirt, fóillíochta, cultúrtha, oideachais agus eile a thugann seirbhísí do leanaí nó daoine óga. Má chuirtear in iúl dóibh ábhar imní faoi leanbh/duine óg a chomhlíonann nó a sháraíonn na tairsí dochair le haghaidh tuairisciú sainordaithe, tá oibleagáid reachtúil orthu tuairisc a dhéanamh do Tusla mar gheall ar a ról.

San Fhoras Teanga is Duine Sainordaithe freisin Duine Teagmhála Ainmnithe nó Leas-Duine Teagmhála Ainmnithe. Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh an Duine Teagmhála Ainmnithe nó an Leas-Duine Teagmhála Ainmnithe oibleagáidí reachtúla an Duine Shainordaithe a chomhlíonadh.

Cuirfear na Daoine Teagmhála Ainmnithe in aithne do bhaill foirne/saorálaithe mar na daoine a gcuirfear in iúl dóibh aon ábhar imní a bhaineann le cumhdach. Cuirfear ainmneacha na nDaoine Teagmhála Ainmnithe ar taispeáint mar chuid den ráiteas um chumhdach in oifigí agus ionaid, chomh maith le codanna bainteacha de shuíomh gréasáin an dá ghréasáin le tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí agus leanaí, daoine óga, agus/nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh a chur ar an eolas faoi na daoine a gcuirfidh baill foirne/saorálaithe ceisteanna maidir le cumhdach in iúl dóibh de réir an nóis imeachta tuairiscithe.

## Dualgais agus freagrachtaí

Déanfaidh an tOifigeach Ainmnithe um Chumhdach nó an Leasoifigeach na rudaí seo a leanas:

- a bheith ag obair leis an bPríomhfheidhmeannach/Foireann Ardbhainistíochta le rioscaí maidir le cumhdach a mheasúnú agus a bhainistiú;
- eolas agus comhairle a chur ar fáil maidir le ceisteanna a bhaineann le cumhdach do gach ball foirne/saorálaí;
- iarracht a dhéanamh a chinntiú go leantar polasaí agus nósanna imeachta an Fhorais Teanga maidir le cumhdach agus go gcoinnítear chun dáta iad de réir reachtaíocht reatha agus an chleachtais is fearr;
- tabhairt faoi oiliúint lena chinntiú go bhfuil siad eolach ar cheisteanna a bhaineann le cumhdach agus an oiliúint seo a athnuachan gach trí bliana le fanacht chun dáta le reachtaíocht reatha agus leis an dea-chleachtas;
- iarracht a dhéanamh a bheith inrochtana agus ar fáil i gcónaí, ach ní gá go stopfadh seo baill foirne/saorálaithe aon ghníomh a dhéanamh i gcás éigeandála;
- glacadh le haon nochtadh eolais a dhéanann leanbh, duine óg agus/nó aosach le ball foirne/saorálaí agus é a chur i dtaifead;
- glacadh le haon ábhar imní agus/nó líomhaintí maidir ó leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh agus sin a chur i dtaifead;
- a bheith in ann daoine a bhfuil ábhair imní acu maidir le cumhdach nach mbaineann le gníomhaireacht a threorú go dtí na húdaráis nó na seirbhísí ábhartha;
- tuairiscí a déanamh chuig seirbhísí reachtúla, ag cinntiú go bhfuil an t-eolas cuí ar fáil nuair a atreoraítear cás agus go ndearbhaítear i scríbhinn é faoi rún;
- aon taifid scríofa a chur i gcomhad go slán agus faoi rún;
- A chur in iúl do Dhuine Teagmhála Ainmnithe/Oifigeach Ainmnithe um Chumhdach an dá roinn choimircíochta aon tuairiscí maidir le cumhdach ó bhaill foirne/saorálaithe nó ó eagraíochtaí

maoinithe.

Is iad Daoine Teagmhála Ainmnithe/Daoine Sainordaithe Fhoras na Gaeilge:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Duine Teagmhála Ainmnithe:** | **Seosamh Ó Coinne** | socoinne@forasnagaeilge.ie | 01 6398400 |
| **Leas-Duine Teagmhála Ainmnithe:** | **Nuala Ní Scolláin** | nniscollain@forasnagaeilge.ie | 04890 890970 |

**Má tá ábhar imní ann maidir leis an Duine Teagmhála Ainmnithe, tuairiscigh le do thoil don Leas-Duine Teagmhála Ainmnithe.**

# EARCAÍOCHT SHÁBHÁILTE

Tá dea-intinn ag bunús na ndaoine atá ag iarraidh a bheith ag obair le pá nó go deonach le leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta.  Ar an drochuair, déanfaidh roinnt daoine aonair iarracht eagraíochtaí deonacha agus eagraíochtaí deonacha a úsáid chun teacht ar leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta ar mhaithe le cúiseanna míchuí. Mar sin, tá sé riachtanach nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin éifeachtacha a bheith againn le daoine nach bhfuil oiriúnach a scagadh amach agus a dhíspreagadh ó ionadaíocht a dhéanamh dár n-eagraíocht.

Cinnteoidh an Foras Teanga go bhfuil nósanna imeachta éifeachtacha earcaíochta agus roghnúcháin ann le haghaidh poist/róil san Fhoras Teanga trí na rudaí seo leanas a dhéanamh:


- sainchuntas poist/róil a chur ar fáil le haghaidh gach poist a chuireann síos ar an réimse dualgas a bheidh i gceist sa ról, agus sonraíocht faoin bpearsa a chuireann síos ar na gnéithe atáimid ag iarraidh a bheith ag an sealbhóir poist (e.g. a dtaithí, cáilíochtaí, riachtanais eile). Ag an bpointe seo léireoidh sé an dtagann an post/ról leis an sainmhíniú ar ghníomhaíocht rialaithe. Cuideoidh seo soiléire a bheith ag baill foirne/saorálaithe san eagraíocht maidir lena bpost/ról;
- poist/róil a fhógairt i nuachtáin áitiúla agus náisiúnta nó ar shuíomh gréasáin an Fhorais Teanga.  Áireofar leis seo cur in iúl, más bainteach, go ndéanfar seiceáil ghrinnfhiosrúcháin;
- a chinntiú go gcomhlánóidh aon duine a chuireann isteach ar phost san Fhoras Teanga foirm iarratais ina mbeidh rannán ina bhfiafraítear den duine toiliú le seiceáil ghrinnfhiosrúcháin más gá é. San fhoirm iarratais beidh rannán ar leith ina mbeidh an t-iarrthóir in ann aon chiontuithe nó eolas ábhartha a fhógairt iad féin.  Seolfar seo amach leis an bhfoirm iarratas chun rúndacht agus neamhchlaontacht a chinntiú.   Is é is cuspóir don fhoirm dearbhaithe ná a chinntiú go bhfuil an t-eolas a thugtar ag teacht leis na seiceálacha ábhartha a dhéantar;
- sonraí dhá mholtóra a fháil i scríbhinn.  Is cóir go n-áireofar leo seo a bhfostaitheoir deireanach/bainisteoir saorálaithe, ag brath ar dhualgais an phoist;
- seiceáil a iarraidh ó Lárionad Grinnfhiosrúcháin na nGardaí ar gach earcach nua de réir riachtanais dhlíthiúla. Ceanglófar ar aon bhaill foirne/saorálaithe reatha a bhogann go ról nua lena mbaineann gníomhaíocht rialaithe tabhairt faoi sheiceáil ó Lárionad Grinnfhiosrúcháin na nGardaí (PÉ). Déanann an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin 2012 foráil le haghaidh eolas ábhartha a roinnt maidir le heolas roimh fhostaíocht/saorálaíocht d'iarrthóirí;
- baill foirne/saorálaithe a chur faoi agallamh ag ar a laghad dhá ionadaí den Fhoras Teanga;
- aon bhearnaí san fhoirm iarratais a sheiceáil, cáilíochtaí agus taithí a fhíorú, ag soiléiriú aon bhearnaí dealraitheacha san fhostaíocht/saorálaíocht agus a chinntiú go bhfuil an cumas agus an tiomantas ag an iarrthóir tabhairt faoin ról.

Tá an Foras Teanga ag súil leis freisin go ndéanfaidh eagraíochtaí a mhaoiníonn sé nó a dtacaíonn sé leo cinnte de go leanann siad an cleachtas is fearr earcaíochta agus roghnúcháin.  Tá nósanna imeachta agus roghnúcháin éifeachtacha chun sochair do chách.  Cinntíonn siad go bhfuil róil agus freagrachtaí atá sainmhínithe go soiléir ag baill foirne/saorálaithe, a mbeidh tionchar dearfach acu ar leanaí, daoine óga agus aosaigh shoghonta.

Dearbhófar do thuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí a fhad agus is féidir go bhfuil gach beart réasúnta agus is féidir déanta ag an bhForas Teanga lena chinntiú nach n-earcaítear ach daoine oiriúnacha le bheith ag obair le leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta.

## Déileáil le Seiceálacha Grinnfhiosrúcháin na nGardaí

Tar éis an post a thairiscint go sealadach, ba chóir d’iarrthóirí toiliú i scríbhinn a thabhairt le haghaidh nochtadh Grinnfhiosrúcháin na nGardaí. Tar éis an fhaisnéis nochta a fháil agus í a thrastagairt leis an bhféindearbhú, breithneoidh an eagraíocht an fhaisnéis go léir nuair atáthar ag déanamh ceapachán chun poist. De ghnáth, ní chuirfidh stair choiriúil cosc aisti féin ar dhuine a bheith ag obair nó a bheith ina s(h)aorálaí leis an bhForas Teanga, ach measfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin faisnéis a fhaightear ar ais ó aon cheann de na foinsí seo thuas agus déanfaidh sé/sí an cinneadh fostaíochta.



# OILIÚINT MAIDIR LE CUMHDACH & MAOIRSEACHT BALL FOIRNE

Tá an Foras Teanga tiomanta seisiúin feasachta chuí nó an leibhéal ábhartha oiliúna ar Chumhdach a chur ar fáil do gach ball foirne/saorálaí.

Chomh maith le hoiliúint ar chumhdach, cuirfidh an Foras Teanga ar fáil freisin:

- oiliúint ionduchtúcháin le heolas a thabhairt do gach ball foirne/saorálaí ar thimpeallacht oibre an Fhorais Teanga, súilíochtaí agus riachtanais an phoist, lena n-áirítear comhlíonadh gach polasaí reatha;
- is féidir go mbeidh oiliúint scileanna ar leith ag teastáil lena chur ar a gcumas do bhaill foirne/saorálaithe na riachtanais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a chur i gcrích, mar shampla oiliúint garchabhrach, nósanna imeachta dóiteáin.

Beidh gach bainisteoir freagrach as a chinntiú go gcuirtear baill foirne/saorálaithe ar an eolas faoi agus go gcuireann siad i bhfeidhm polasaí agus nósanna imeachta um Chumhdach an Fhorais Teanga de réir mar is cuí do róil an phoist, ag úsáid an chórais agus na dtreoirlínte eagraíochtúla atá ann cheana.

Ag gach leibhéal, sainaithneoidh an oiliúint nó an t-ardú feasachta:

- an t-eolas agus na scileanna maidir le cumhdach atá riachtanach;
- príomhthorthaí foghlama;
- spriocghrúpa

## Sceideal le haghaidh Oiliúint ar Chumhdach

**Leibhéal 1: Feasacht ar Chumhdach**
*Gach ball foirne/saorálaí san eagraíocht.*

Is é a bheidh i gceist leis seo eolas a thabhairt do bhaill foirne/saorálaithe ar an timpeallacht oibre, ár súilíochtaí agus riachtanais an phoist. Tabharfar do gach ball foirne/saorálaí cód iompair, nach mór dóibh a léamh. Tarraingeoidh an cód iompair aird ar leith ar pholasaí agus nósanna imeachta an Fhorais Teanga um Chumhdach.

**Leibhéal 2: Oiliúint maidir le Cumhdach Leanaí, Daoine Óga agus Aosach faoi Riosca**
*Gach ball foirne/saorálaí a bhfuil teagmháil ábhartha le leanaí, daoine óga, nó aosaigh faoi riosca, nó le cúramóirí/tuismitheoirí/caomhnóirí/áiseanna riachtanacha, nó daoine atá freagrach as eagraíochtaí a mheasúnú a bhfuil teagmháil rialta acu le leanaí, nó a bhfuil teagmháil acu le haosaigh arb eol nó a bhfuil amhras fúthu gur riosca iad do leanaí agus daoine óga nó aosaigh faoi riosca.*

Cuirfidh an seisiún oiliúna 3 uair an chloig duine le duine ar a gcumas do bhaill foirne/saorálaithe a róil agus a bhfreagrachtaí maidir le cumhdach a thuiscint i gcomhthéacs pholasaí agus nósanna imeachta na heagraíochta um Chumhdach. Baineann seo le feasacht a ardú ar an rud is mí-úsáid ann, saincheisteanna ar chóir go gcuirfeadh siad baill foirne/saorálaithe ar a n-airdeall maidir le féidearthacht na mí-úsáide, freagairt do leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh faoi riosca a nochtann go bhfuiltear á mí-úsáid, cé dó lena insint agus déileáil le saincheisteanna lena n-áirítear rúndacht agus na nósanna imeachta tuairiscithe.

**Leibhéal 3: Oiliúint don Duine Teagmhála Ainmnithe**
*Gach Duine Teagmhála Ainmnithe.*

Cuirfidh an seisiún oiliúna ar feadh lá iomlán duine le duine ar a gcumas do Dhaoine Ainmnithe Teagmhála eolas a chur ar an ról agus ar fhreagrachtaí a róil agus le hinniúlacht a fhorbairt i ndéileáil le hábhair imní nó eachtraí a bhaineann le cumhdach.

*Críochnú **Leibhéal 1:** Is ceanglas éigeantach iad **Feasacht ar Chumhdach** agus freastal ar gach oiliúint*

*ábhartha ina dhiaidh sin agus coinneoidh Acmhainní Daonna taifid oiliúna gach duine faoi leith. Ceanglófar ar bhaill foirne ábhartha oiliúint Leibhéal 2 agus Leibhéal 3 a chur i gcrích gach trí bliana.*

## Maoirseacht ar Bhaill Foirne

Aithníonn an Foras Teanga an tábhacht a bhaineann le córas tacaíochta agus maoirseachta a chur ar bun do gach ball foirne/saorálaí. Cuirfidh seo ar a gcumas do bhaill foirne/saorálaithe a bheith níos éifeachtaí ina róil trí riachtanais oiliúna a aithint agus déileáil go tapa le deacrachtaí.  Tairgfear do bhaill foirne/saorálaithe deiseanna rialta a n-eispéiris a athbhreithniú agus aon riachtanais oiliúna nó tacaíochta breise a aithint.  Is é an tairbhe uileghabhálach a bhaineann le dea-chóras tacaíochta agus maoirseachta a bheith i bhfeidhm ná gur féidir leis an bhForas Teanga muinín a chur i gcaighdeán na seirbhíse atá á cur a fáil agus is féidir an deis a bheith ag baill foirne/saorálaithe ábhair imní a tharraingt anuas, lena n-áirítear ábhair imní a bhaineann le cumhdach.

Tá ceart ag baill foirne/saorálaithe ar na rudaí seo a leanas:

- rochtain ar oiliúint leanúnach agus ar eolas ar gach gné de bheith ag obair le leanaí/daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta;
- tacaíocht nuair atá mí-úsáid á tuairisciú (lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta gairmiúla);
- an Foras Teanga a bheith ag caitheamh go cothrom agus go comhionann leo;
- cosaint ó mhí-úsáid ag baill foirne/saorálaithe eile, leanaí, daoine óga, úsáideoirí seirbhíse aosaigh agus tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí;
- gan a bheith fágtha i mbaol agus iad ag obair le leanaí, daoine óga agus/nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh.

Beidh breithmheas bliantúil (baill foirne) nó athbhreithniú bliantúil (saorálaithe) ann chun daoine a mheasúnú agus chun aiseolas a thabhairt dóibh ionas gur féidir aitheantas a thabhairt dóibh as an dea-obair atá á déanamh acu agus cuidiú leo a scileanna a fhorbairt a thuilleadh.

Coinneofar taifid scríofa ar oiliúint atá curtha i gcrích ag baill foirne/saorálaithe, tacaíocht agus maoirseacht agus seisiúin bhreithmheasa bhliantúla, de réir riachtanais um chosaint sonraí.

# COINNEÁIL TAIFEAD & BAINISTÍOCHT FAISNÉISE

Is príomhpháirt den obair éifeachtach idirghníomhaíochta, idirdhisciplíne maidir le cumhdach iad coinneáil taifead agus bainistíocht faisnéise. Mura ndéantar faisnéis a thaifeadadh, a tábhacht a thuiscint, í a chomhroinnt ar bhealach cuí, fiúntach, agus tráthúil agus mura ndéantar ansin gníomh oiriúnach, is féidir leis sin cur isteach ar obair na ndaoine sin a bhfuil sé de thásc acu leanaí, daoine óga agus aosaigh a choinneáil sábháilte.

Tá an Foras Teanga tiomanta timpeallacht chuimsitheach a chur ar fáil, mar a bhfuil trédhearcacht agus oscailteacht lárnach don chaoi a gcuirtear seirbhísí/gníomhaíochtaí ar fáil.

## Cosaint Sonraí

Féadfaidh faisnéis a fhaigheann eagraíochtaí agus iad ag dul dá ndualgais um chumhdach agus um chosaint leanaí a bheith ina faisnéis phearsanta faoin leanbh, duine óg, nó aosach ar leith, agus mar sin tá sí faoi riail dhlí coiteann na rúndachta agus na reachtaíochta um Chosaint Sonraí. Ar mhaithe le Cosaint Sonraí, cuirtear Bailitheoirí Sonraí ar eagraíochtaí nó daoine mar seo a rialaíonn inneachar agus úsáid sonraí pearsanta.

Cloíonn an Foras Teanga le hocht bprionsabal na Cosanta Sonraí.

- Faisnéis a fháil agus a phróiseáil go cothrom;
- Coinnigh í le haghaidh cuspóir sonrach, follasach agus dlíthiúil amháin nó níos mó;
- Úsáid agus nocht í ar bhealaí a thagann leis na cuspóirí seo amháin;
- Coinnigh í sábháilte agus slán;
- Coinnigh í cruinn, iomlán agus chun dáta;
- Cinntigh go bhfuil sí imleor agus ábhartha agus nach bhfuil sí iomarcach;
- Coinnigh í tráth nach faide ná mar is gá don chuspóir/do na cuspóirí;
- Tabhair cóip dá s(h)onraí pearsanta don duine sin ar iarratas.

Tá de fhreagracht ar an Duine Teagmhála Ainmnithe as taifid um chumhdach a choinneáil slán agus as faisnéis a chomhroinnt ar bhealach oiriúnach, fiúntach agus tráthúil le Tusla agus na Gardaí, agus as tuairisciú go bhfuil eachtra nó nochtadh eolais tar éis tarlú don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Duine Teagmhála Ainmnithe/Oifigigh Ainmnithe um Chumhdach na ranna coimircíochta.

Aithníonn an Foras Teanga an gá le cloí leis na dlíthe éagsúla a rialaíonn próiseáil faisnéise pearsanta a bhaineann le daoine agus de réir reachtaíocht um Chosaint Sonraí. Aithníonn an Foras Teanga an tábhacht a bhaineann le sonraí pearsanta a bhailiú mar is ceart agus de réir an dlí. Beidh sonraí pearsanta uile, bíodh siad á gcoinneáil ar pháipéar, ar ríomhaire nó i meáin eile, faoi réir na gcosaintí dlí céanna:

- Coinneofar aon sonraí bunúsacha a bhaileofar e.g. trí fhoirmeacha clárúcháin, slán i bhfillteáin nó i gcórais chomhdúcháin.
- Caithfear aon sonraí pearsanta nó rúnda bhaileofar a choinneáil i dtimpeallacht shlán agus níor chóir ach pearsanra údaraithe a cheadú iad a rochtain.

Nuair is gá, lorgóidh an Foras Teanga sonraí pearsanta riachtanacha maidir le leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh a ghlacann páirt i seirbhísí agus gníomhaíochtaí.  Féadfaidh sé go n-áireofar leis seo ainm, seoladh agus uimhreacha teagmhála don leanbh, duine óg nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh, agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí de réir mar is cuí.  Féadfar eolas leighis agus sláinte a lorg freisin le seirbhís shábháilte a chinntiú.  Iarrtar an t-eolas seo, chomh maith le toiliú scríofa le haghaidh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí na heagraíochta, ar fhoirm chlárúcháin na heagraíochta.

Chomh maith leis sin, coinneofar taifead ar fhreastal le haghaidh gach seirbhíse/gníomhaíochta.

Ar iarratas, inseofar do leanaí, daoine óga, úsáideoirí seirbhíse aosaigh, agus tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí conas a úsáidfear faisnéis, conas a stórálfar agus a roinnfear í (má bhaineann) sula gcuireann siad ar fáil í. Ba chóir go mbeadh siad in ann cibé faisnéis a choinnítear fúthu a fheiceáil.

## Rúndacht & Comhroinnt Faisnéise

Tá sé tábhachtach go mbeidh gach duine atá bainteach muiníneach nach nochtfar an fhaisnéis a chuirfidh siad ar fáil ach nuair atá sé chun leas an linbh, an duine óig nó an aosaigh sin a dhéanamh. Tá polasaí agus nósanna imeachta an Fhorais Teanga deartha go cúramach le rúndacht dá leithéid a chinntiú, agus ag an am céanna ag cosaint leas an linbh, an duine óig, nó an aosaigh.

Tá Daoine Teagmhála Ainmnithe ag an bhForas Teanga, a bhfuil sainoiliúint faighte agus sa réimse cumhdach leanaí, daoine óga agus aosach, agus atá tiomanta do phrionsabal na rúndachta.

Ach, nuair a thagann ábhair imní um chumhdach chun cinn, is gá faisnéis a chomhroinnt ar bhonn riachtanais eolais chun leas an linbh/duine óig/aosaigh faoi riosca leis na húdaráis reachtúla bhainteacha agus, más bainteach, le tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí.

- Ní sárú ar rúndacht nó ar chosaint sonraí é faisnéis a chur ar fáil go comhréireach do na gníomhaireachtaí reachtúla is gá le leanbh/duine óg/aosach faoi riosca a chosaint.
- Tá sé de cheart ag tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí agus ag leanaí/daoine óga/aosaigh a fhios a bheith acu má tá faisnéis phearsanta á comhroinnt, ach amháin dá bhféadfadh sé leanbh, duine óg, nó aosach a bhfuiltear ag déanamh dochair dóibh faoi níos mó riosca nó an tuairisceoir a chur faoi riosca.

Caithfear eolas faoi chúram agus sábháilteacht linbh, duine óig nó aosaigh, nó nuair atáthar in amhras go raibh coir ann, a thuairisciú don Duine Teagmhála Ainmnithe de réir na nósanna imeachta tuairiscithe agus ag úsáid na bhfoirmeacha cuí.

Roinnfidh an Foras Teanga an t-eolas seo le gníomhaireachtaí seachtracha de réir mar is cuí, lena n-áirítear na ngníomhaireachtaí reachtúla úd a bhfuil freagracht acu as cumhdach.

Beidh rochtain ag leanaí, daoine óga, úsáideoirí seirbhíse aosaigh agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí ar fhaisnéis faoin bhForas Teanga. Déanfar na rudaí seo a leanas dóibh:

- cuirfear in iúl dóibh an polasaí um chumhdach agus treorófar iad go dtí áit a mbeidh siad in ann cóip a fháil;
- cuirfear ar an eolas iad maidir le nósanna imeachta tuairiscithe agus ainm an Duine Teagmhála Ainmnithe agus an Leas-Duine Teagmhála Ainmnithe;
- tabharfar cóip dóibh den ráiteas polasaí um chumhdach ach iad a iarraidh;
- cuirfear in iúl dóibh na nósanna imeachta le haiseolas a thabhairt agus le gearán a dhéanamh.

# CATAGÓIRÍ MÍ-ÚSÁIDE

## Mí-úsáide Leanaí

Féadtar foirm amháin nó níos mó den mhí-úsáid a dhéanamh ar leanbh/duine óg ag an aon am amháin.

Is féidir le mí-úsáid agus faillí tarlú sa teaghlach, sa phobal nó i suíomh institiúide. Féadtar gur duine atá ar aithne ag an leanbh/duine óg an mí-úsáideoir, nó strainséir, agus is féidir gur aosach nó leanbh eile nó duine óg eile atá ann.

I gcás ina líomhnaítear mí-úsáid a bheith déanta ag leanbh/duine óg eile, is cóir breathnú air mar cheist a bhaineann le leas agus cosaint linbh don dá leanbh/duine óg agus ba chóir nósanna imeachta um chosaint leanaí a leanúint don íospartach agus don mhí-úsáideoir líomhnaithe araon.

Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (2017) aithníonn seo ceithre phríomhchatagóir mí-úsáide leanaí: faillí, mí-úsáid mhothúchánach, mí-úsáid fhisiciúil agus mí-úsáid ghnéasach. Sna sainmhínithe seo a leanas cuimsíonn na téarmaí leanbh/leanaí daoine óga:

**Faillí**, tarlaíonn sé nuair nach bhfaigheann leanbh cúram nó maoirseacht imleor, an oiread sin is go ndéantar dochar don leanbh go fisiciúil nó maidir le forbairt. Sainmhínítear í de ghnáth mar easpa cúraim, nuair a dhéantar dochar do shláinte, forbairt nó leas linbh trí bhia, éadaigh, teas, sláinteachas, cúram leighis, spreagadh intleachtach nó maoirseacht agus sábháilteacht a cheilt.
Bheadh ábhar imní réasúnta ann do leas an linbh nuair is gnáthrud í an fhaillí sa chaidreamh idir an leanbh agus an tuismitheoir nó cúramóir. Féadfaidh seo a bheith le feiceáil má fheiceann tú an leanbh thar thréimhse ama, nó féadfaidh tionchair na faillí a bheith soiléir tar éis an leanbh a fheiceáil uair amháin.

Is gnéithe d'fhaillí linbh iad seo a leanas:

- Leanaí fágtha leo féin gan cúram nó maoirseacht imleor
- Míchothú, easpa bia, bia míchuí nó cothú corrach
- Gan a bheith faoi bhláth ar chúis neamhorgánach, i.e. leanbh gan a bheith ag cur suas meáchain ní hamháin mar gheall ar mhíchothú, ach mar gheall ar dhíothacht mhothúchánach
- Teip cúram imleor a sholáthar do riachtanais leighis agus forbartha an linbh, lena n-áirítear spreagadh intleachtach
- 
- Dálaí maireachtála neamh-imleor – dálaí míshláinteacha, saincheisteanna timpeallachta, lena n-áirítear easpa teasa agus troscáin
- 
- Easpa éadaí imleora
- Gan aird ar shláinteachas bunúsach
- Easpa cosanta agus neamhchosaint ar chontúirt, lena n-áirítear contúirt mhorálta, nó easpa maoirseachta oiriúnach d'aois an linbh
- 
- Teip leanúnach freastal ar scoil
- Tréigean nó fágáil

**Mí-úsáid mhothúchánach** is ea drochíde chórasach mhothúchánach nó shíceolaíoch ar leanbh mar chuid den chaidreamh iomlán idir cúramóir agus leanbh. Ní bhreathnaítear ar

dheacrachtaí aonuaire agus anois agus arís idir tuismitheoir/cúramóir agus leanbh mar mhí-úsáid mhothúchánach. Tarlaíonn mí-úsáid nuair nach riartar ar bhunriachtanas linbh ar aird, chion, moladh, leanúnachas agus slándáil, mar gheall ar éagumas nó neamhshuim óna dtuismitheoir nó cúramóir. Is féidir leis an mí-úsáid mhothúchánach tarlú freisin nuair nach bhfuil aosaigh atá freagrach as aire a thabhairt do leanaí eolach agus nuair nach bhfuil siad ábalta (mar gheall ar réimse cúiseanna) freastal ar riachtanais mhothúchánacha agus forbartha a linbh. Féadfaidh sé nach bhfuil mí-úsáid mhothúchánach furasta a aithint mar níl sé furasta na torthaí a fheiceáil. Bheadh ábhar imní réasúnta ann do leas an linbh nuair is gnáthrud í an iompraíocht sa chaidreamh idir an leanbh agus an tuismitheoir nó cúramóir.

Is féidir mí-úsáid a fheiceáil i roinnt de na bealaí seo a leanas:

- Diúltú
- Easpa sóláis agus grá
- Easpa ceangail
- Easpa spreagadh ceart (e.g. spraoi agus súgradh)
- Easpa cúraim leanúnaigh (e.g. bogadh go minic, go háirithe gan phleanáil)
- Easpa leanúnach molta agus spreagtha
- Cáineadh, tarcaisne, cur in éadan nó lochtú an linbh go leanúnach
- Bulaíocht
- Tuismitheoireacht choinníollach ina mbraitheann cúram nó gean ar leanbh ar a (h)iompraíochtaí nó a g(h)níomhaíochtaí

- Róchosaint mhíchuibheasach
- Pionós neamhfhisiciúil míchuí (e.g. leanbh a chur faoi ghlas i seomra leapa)
- Coimhlintí agus foréigean teaghlaigh leanúnacha

Ba chóir a nótáil nach bhfuil aon táscaire amháin ina léiriú dosheánta as féin ar mhí-úsáid mhothúchánach. Is dóchúla go mbeidh drochthionchar ag an mí-úsáid mhothúchánach ar leanbh nuair atá sí leanúnach thar am agus nuair at easpa fachtóirí cosanta eile ann.

**Mí-úsáid chorpartha** is ea nuair a ghortaíonn duine leanbh go corpartha d’aon turas nó a chuireann faoi riosca iad a bheith gortaithe go fisiciúil. Féadfaidh sé tarlú mar eachtra amháin nó mar phatrún eachtraí. Tá ábhar imní réasúnta ann nuair atá, nó a fhéadfaidh, dochar déantar do shláinte agus/nó d’fhorbairt linbh de thoradh ar mhí-úsáid chorpartha amhrasta.

Is féidir na rudaí seo a leanas a áireamh mar mhí-úsáid chorpartha:

- Pionós corpartha
- Greadadh, boiseog, bualadh nó ciceáil
- Brú, croitheadh nó caitheamh
- Liomóg, greim, tachtadh nó tarraingt gruaige
- Fórsa iomarcach a úsáid nuair atáthar ag láimhseáil
- Nimhiú d’aon turas
- Plúchadh
- Breoiteacht chumtha/spreagtha
- Ciorrú baill ghiniúna ban

Tá foráil san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 a chuireann deireadh leis an gcosaint sa dlí coiteann smachtú réasúnta in imeachtaí cúirte. Bhíodh tuismitheoir nó duine eile in údarás agus a chuir smacht go corpartha ar leanbh in ann an chosaint seo a úsáid.

Tarlaíonn **mí-úsáid ghnéasach** nuair a úsáideann duine eile leanbh ar son a s(h)ásaimh nó a g(h)riogtha ghnéasaigh féin nó daoine eile. Áirítear leis leanbh a bheith páirteach i ngníomhartha gnéasacha (glacaireacht, muirniú, gnéas béil nó treáiteach) nó gníomhaíocht ghnéasach a thaispeáint do leanbh go díreach nó tríd an bpornagrafaíocht. Féadfaidh mí-úsáid ghnéasach linbh speictream leathan imeachtaí mí-úsáideacha a chlúdach. Is annamh nach mbíonn ann ach eachtra amháin agus i roinnt cásanna tarlaíonn sí thar roinnt blianta. Is minice a tharlaíonn mí-úsáid ghnéasach leanaí laistigh den teaghlach, lena n-áirítear siblíní níos sine agus baill den teaghlach sínte.
Ar shamplaí de mhí-úsáid ghnéasach leanaí féadtar na rudaí seo a leanas a áireamh:

- Aon ghníomh gnéasach a dhéantar d'aon turas i láthair linbh
- Iarraidh ar leanbh baint ghnéasach a dhéanamh nó baint d'aon turas nó ainteagmháil le corp linbh, bíodh sin ag duine nó rud ar mhaithe le griogadh nó sásamh gnéasach
- Glacaireacht i láthair linbh nó leanbh a bheith páirteach i ngníomh glacaireachta
- Caidreamh collaí le leanbh, bíodh sin leis an mbéal, leis an bhfaighin nó leis an anas
- Dúshaothrú gnéasach linbh
- Ábhar gáirsiúil a thaispeáint do leanaí, rud atá ina ghné den phróiseas mealltóireachta ag déantóirí mí-úsáide
- Gníomhaíocht chomhthoiliúil ghnéasach ina bhfuil leanbh nó duine faoi aois páirteach.

Maidir le mí-úsáid leanaí, ba chóir a nótáil gurb é an aois toilithe don chaidreamh collaí sa dlí coiriúil 17 mbliana do bhuachaillí agus do chailíní.

**BULAÍOCHT** Cé nach sainmhínítear an bhulaíocht mar chatagóir faoi leith den mhí-úsáid leanaí, aithnítear go n-imríonn an bhulaíocht tionchar ar shaol líon fásmhar leanaí agus gur féidir léi a bheith in cúis le hábhar fíor-imní maidir le leas linbh.

Is féidir bulaíocht a shainmhíniú mar ionsaitheacht arís agus arís eile – bíodh sin ó bhéal, síceolaíoch nó fisiciúil – a dhéanann duine nó grúpa i gcoinne daoine eile. Iompraíocht atá ann a chuireann isteach agus atá bagrach d'aon turas, agus a tharlaíonn go príomha idir leanaí i dtimpeallachtaí sóisialta mar scoileanna.

Áirítear air iompraíochtaí mar ionsaitheacht fhisiciúil, cibearbhulaíocht, damáiste do mhaoin, imeaglú, leithlisiú/eisiamh, baisteachán, cúlchaint mhailíseach agus sracadh. Is féidir le bulaíocht a bheith i bhfoirm mí-úsáide bunaithe ar inscne, rogha ghnéasach, cine, eitneacht agus fachtóirí creidimh. Le forbairtí sa teicneolaíocht nua-aimseartha, is féidir le leanaí a bheith ina n-íospartaigh ag bulaíocht neamhtheagmhála, trí ghutháin phóca, an t-idirlíon agus gairis phearsanta eile.

Cé gur féidir le bulaíocht tarlú do leanbh ar bith, is féidir le cuid acu a bheith níos leochailí. Áirítear orthu seo: leanaí a bhfuil míchumais orthu nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu; iad siúd ó mhionlach eitneach agus ó ghrúpaí inimirceach; ón lucht taistil; leanaí LADTC+ agus iad siúd a mheastar a bheith LADTC+; agus leanaí ó creidimh reiligiúnacha mhionlaigh.

## Leanaí & Daoine Óga a bhfuil Leochaileachtaí Níos Mó acu

Is féidir le leanaí agus daoine óga ó gach cúlra agus le gach leibhéal cumais an mhí-úsáid a fhulaingt. Ach tá roinnt leanaí agus daoine óga níos leochailí don mhí-úsáid mar gheall ar chúinsí sonracha:

- Leanaí/Daoine Óga faoi chúram;
- Leanaí/Daoine Óga a Théann ar Iarraidh;
- Daoine óga i gCóiríocht le Tacaíocht ;

- Daoine Óga Gan Dídean;
- Leanaí/Daoine Óga atá ar altramas príobháideach;
- Foréigean Baile agus Mí-Úsáid;
- Leanaí/Daoine Óga i gcomhphobail daoine Gorma, Áiseacha agus de Mhionlach Eitneach;
- Leanaí/Daoine Óga Tuismitheoirí a bhfuil Riachtanais Bhreise Thacaíochta acu;
- Leanaí agus Daoine Óga Scartha, Gan Tionlacan agus a ndearnadh Gáinneáil Orthu;
- Leanaí/Daoine Óga a bhfuil Míchumais acu;
- Leanaí/Daoine Óga Aeracha, Déghnéasach, nó Trasghnéasacha*, Cama/Ceisteacha (LADT).

Tá na leanaí agus daoine óga seo faoi riosca níos mó mí-úsáide mar is féidir leochaileacht níos mó agus chumtha a bheith acu. Tá seo mar gheall ar luachanna, dearcthaí agus toimhdí sóchaí diúltacha agus rochtain éagothrom ar sheirbhísí agus acmhainní. Beidh cineál a leochaileachta uathúil do gach leanbh/duine óg faoi leith. Féadfaidh riachtanais bhreise a bheith acu a bhaineann le laguithe fisiceacha, céadfacha, cognaíocha, agus/nó cumarsáide.

Is féidir tuairimí ginearálaithe a bheith ann faoi na leanaí agus na daoine óga seo, tuairimí is féidir leo leochaileacht don dochar a mhéadú, mar shampla an tuairim go léirítear iompraíochtaí áirithe mar gheall ar a gcúinsí seachas aon mhí-úsáid a d'fhéadfadh siad a bheith á fulaingt. Má tá eolas teoranta nó mura bhfuil eolas ar bith ag baill foirne/saorálaithe a thacaíonn le leanaí agus le daoine óga ar leochaileachtaí níos mó, is féidir leis seo na bacainní a mhéadú ar aithint na mí-úsáide. Tá sé tábhachtach go gcaithfidh baill foirne/saorálaithe le gach leanbh/duine óg mar dhuine ar leith agus a aithint gur féidir le hiompar a d'fhéadfaí a mheas mar dhrochiompar a bheith ina tháscaire ar mhí-úsáid.

## Mí-Úsáid Aosach

Is féidir mí-úsáid aosach a shainmhíniú mar:

> *"aon ghníomh, nó teip gníomh a dhéanamh, a bhfuil de thoradh air sárú ar chearta daonna, saoirsí sibhialta, slánaíocht fhisiciúil agus intinne, dínit nó leas ginearálta duine leochailigh, bíodh sin d'aon turas nó trí fhaillí, lena n-áirítear caidrimh ghnéasacha nó idirbhearta airgeadais nach dtoilíonn an duine dóibh nó nach féidir leis an duine toiliú dóibh go bailí, nó a dhéanann dúshaothrú d'aon turas. Féadfaidh an mí-úsáid a bheith i bhfoirmeacha éagsúla."*

*Na Caighdeáin Náisiúnta le haghaidh Seirbhísí Chónaithe do Leanaí agus do Dhaoine Fásta a bhfuil Míchumais acu.*
An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS). Baile Átha Cliath, 2013

Féadfaidh mí-úsáid a bheith ina gníomh aonair nó athdhéanta thar thréimhse ama. Féadfaidh foirm amháin nó an iliomad foirmeacha den mhí-úsáid a bheith ann.
Is féidir le heaspa gníomh oiriúnach a bheith ina fhoirm den mhí-úsáid. Féadfaidh mí-úsáid tarlú chomh maith i caidreamh ina bhfuiltear ag tnúth le muinín agus is féidir léi a bheith déanta ag duine a sháraíonn an mhuinín sin. Is féidir mí-úsáid a bheith déanta ag daoine a bhfuil tionchar acu ar shaol daoine soghonta, bíodh siad ina gcúramóirí foirmiúla nó neamhfhoirmiúla nó ina mbaill teaghlaigh nó eile. Féadfaidh sí tarlú taobh amuigh de chaidrimh mar seo chomh maith.

Tá sé ríthábhachtach go n-aithnítear an ceart ag daoine soghonta saol chomh normálta agus is féidir a bheith acu, go háirithe féadfaidh díothacht na gceart seo a leanas a bheith ina mhí-úsáid:
- Saoirse;
- Príobháideachas;
- Meas agus dínit;

- Saoirse rogha a dhéanamh;
- Deiseanna le mianaidhmeanna pearsanta a chur i gcrích agus an fhéidearthacht a réadú ina saol pearsanta;
- Deis maireachtáil go sábháilte gan eagla roimh mhí-úsáid de chineál ar bith;
- Meas ar shealúchas.

Sainmhíníonn Daoine Soghonta atá faoi Riosca Mí-Úsáide a Chumhdach: Polasaí & Nós Imeachta Náisiúnta (2014) 7 bpríomhchatagóir mí-úsáide a fhéadfaidh aosaigh a fhulaingt:

Mí-úsáid chorpartha, lena n-áirítear bualadh, boiseog, brú, ciceáil, mí-úsáid cógais, srianadh nó pionós neamhoiriúnach.

**Mí-úsáid ghnéasach**, lena n-áirítear éigniú agus ionsaí gnéasach, nó gníomhartha gnéasach nár thoiligh an duine soghonta leo, nó nach dtoileodh siad leo, nó ar comhéigníodh é nó í toiliú leo.

**Mí-úsáid shíceolaíoch**, lena n-áirítear mí-úsáid mhothúchánach, bagairtí dochair nó tréigin, díothacht teagmhála, uirísliú, lochtú, rialú, imeaglú, comhéigean, ciapadh, íde béil, leithlisiú nó tarraingt siar seirbhísí nó líonraí tacúla.

**Mí-úsáid airgeadais nó maoine**, lena n-áirítear goid, calaois, dúshaothrú, brú maidir le tiomnaí, maoin, oidhreacht nó idirbhearta airgeadais, nó mí-úsáid nó mí-leithghabháil maoine, sealúchais nó leasanna.

**Faillí agus easnaimh**, lena n-áirítear neamhaird ar riachtanais chúraim leighis nó fhisiciúla, teip rochtain ar sheirbhísí oiriúnacha sláinte, cúraim shóisialta nó oideachais a chur ar fáil, coinneáil siar riachtanais na beatha lena n-áirítear leigheas, cothú agus teas.

**Mí-úsáid leatromach**, lena n-áirítear aoiseachas, ciníochas, gnéasachas, atá bunaithe ar mhíchumas duine, agus cineálacha eile ciaptha, maslaí nó bealaí comhchosúla caitheamh le duine.

Féadfaidh **mí-úsáid institiúideach** tarlú laistigh de shocrú cúraim cónaithe agus géarchúraim lena n-áirítear teach altranais, ospidéil ghéarmhíochaine agus socruithe othar cónaitheach, agus féadfaidh droch-chaighdeáin chúraim a bheith i gceist, nó gnáthaimh righne agus freagairtí neamhimleora ar riachtanais chasta.

Tá de cheart ag aosaigh a éiríonn leochaileach:

- go léireofar an meas agus an dínit chéanna orthu le haosach ar bith eile trí aitheantas a thabhairt: dá n-uathúlacht agus dá riachtanais phearsanta;
- go dtabharfaí rochtain dóibh ar eolas agus ar fhaisnéis ar bhealach is féidir leo a thuiscint le cuidiú leo roghanna eolacha a dhéanamh;
- go dtabharfaí faisnéis dóibh, agus cuidiú praiticiúil maidir le, iad féin a choinneáil sábháilte agus iad féin a chosaint ó mhí-úsáid;

- maireachtáil go sábháilte gan eagla roimh fhoréigean de chineál ar bith;
- go léireofar meas ar a n-airgead, a n-earraí agus a sealúchas agus cosaint chomhionann a fháil dóibh féin agus dá maoin tríd an dlí;
- go dtabharfaí treoir agus cuidiú dóibh agus iad ag lorg cabhrach tar éis mí-úsáide;
- go dtabharfaí tacaíocht dóibh agus iad ag déanamh a gcinntí féin faoi conas is mian leo dul ar aghaidh má tharlaíonn mí-úsáid agus go mbeidh a fhios acu go measfar a mianta a bheith fíorthábhachtach ach amháin má mheastar é a bheith riachtanach ar mhaithe lena sábháilteacht féin nó sábháilteacht daoine eile cúrsa eile a ghlacadh, nó má éilíonn an dlí sin a dhéanamh;
- go dtabharfar tacaíocht dóibh agus iad ag déanamh gearáin;
- go ndéanfar imscrúdú ar chásanna líomhnaithe, amhrasta nó dearbhaithe go pras agus go cuí;

- tacaíocht, oideachas agus comhairleoireacht a fháil tar éis mí-úsáide;
- sásamh a lorg trí ghníomhaireachtaí oiriúnacha.

*Daoine Soghonta atá faoi Riosca Mí-Úsáide a Chumhdach Polasaí & Nósanna Imeachta Náisiúnta*

# SAINCHEISTEANNA A BHAINEANN LE CUMHDACH A AITHINT

Níl sé furasta i gcónaí mí-úsáid a aithint. Níl sé simplí i gcónaí mí-úsáid a aithint agus féadfaidh duine níos mó ná cineál amháin dochair shuntasaigh a fhulaingt.

> Is é is **ábhar imní** ann mothú buartha faoi iompar nó cleachtas duine, arbh fhéidir gur comhartha é ar shaincheisteanna maidir le cumhdach.
>
> Is é is **eachtra** maidir le cumhdach ann gníomh mí-úsáide, iompraíocht mhí-oiriúnach, nó droch-chleachtas a fheiceann duine éigin.
>
> Is é is **líomhain** ann maíomh nó dearbhú go bhfuil gníomh nó gníomhartha mí-úsáide déanta ag duine éigin.
>
> Is é is **nochtadh eolais** ann nuair a insíonn leanbh, duine óg agus/nó aosach faoi mhí-úsáid. D'fhéadfadh sé go bhfuil nó nach bhfuil líomhain ann in éadan mí-úsáideoir 'ainmnithe'

Ní orainne atá an fhreagracht san Fhoras Teanga a shocrú ar tharla mí-úsáid nó atá nó nach bhfuil leanbh nó duine óg faoi riosca suntasach dochair ó dhuine éigin.

Tá, áfach, freagracht agus dualgas againn **gníomhú**: Ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe aon ábhair imní eachtraí maidir le cumhdach a thuairisciú don Duine Teagmhála Ainmnithe ionas gur féidir leis na gníomhaireachtaí cuí fiosrú a dhéanamh agus aon ghníomh riachtanach a dhéanamh leis an leanbh, duine óg, nó aosach a chosaint.

Tá bealaí éagsúla ann a d'fhéadfaí a thabhairt le fios duit go bhfuil duine ag fulaingt mí-úsáide:

- féadfaidh siad a insint duit;
- féadfaidh duine eile a insint duit faoina n-ábhair imní nó faoi rud éigin is cúis imní duit;
- féadfaidh siad comharthaí a léiriú go bhfuil gortú fisiceach acu nach bhfuil míniú sásúil nó inchreidte ann lena aghaidh;
- d'fhéadfadh a gcuma nó a n-iompar a bheith ina gcúis duit a bheith in amhras faoi mhí-úsáid nó faillí;
- tá tú míchompordach mar gheall ar iompraíocht duine atá cóngarach dóibh (féadfar go n-áirítear leis seo ball foirne/saorálaithe eile, comhaoiseach nó ball teaghlaigh);

Ba chóir go mbeadh gach ball foirne/saorálaí a bheith in ann táscairí go bhféadfaidh leas nó sábháilteacht duine a bheith faoi riosca a aithint agus ba chóir go mbeadh siad in ann gníomhú mar gheall orthu.

Cé a d'fhéadfadh a bheith mar mhí-úsáideoir? **D'fhéadfadh duine ar bith a bheith ann.**

Cén áit a bhféadfadh an mhí-úsáid tarlú? **Is féidir le mí-úsáid tarlú in aon áit.**

**Níor chóir aon duine a mheas mar dhuine nach féidir a bheith in amhras faoi go ndéanfadh siad mí-úsáid.**

Má fheiceann baill foirne/saorálaithe iompraíocht is cúis imní í nó droch-chleachtas caithfidh siad seo a thuairisciú don Duine Teagmhála Ainmnithe. Féadfaidh sé gur mian le baill foirne/saorálaithe meas a léiriú ar neamhspleáchas/príobháideachas agus nach mian leo cur isteach ach tá sé tábhachtach a chuimhneamh go dtarlaíonn mí-úsáid nó dochar mar gheall ar fhaillí agus easpa cosanta an oiread agus gníomhartha mí-úsáide a dhéantar.

# FREAGAIRT AR SHAINCHEISTEANNA A BHAINEANN LE CUMHDACH

## Líomhaintí i gcoinne baill foirne/saorálaithe

Má dhéantar líomhain i gcoinne baill foirne/saorálaithe ba chóir seo a thuairisciú don Duine Teagmhála Ainmnithe, de réir an nóis imeachta tuairiscithe. Rachaidh an Duine Teagmhála Ainmnithe i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach feidhmiúcháin agus le hAcmhainní Daonna.

Má tá an líomhain faoi nó má bhaineann sí leis an Oifigeach Ainmnithe, ba chóir tuairisc a dhéanamh don Leasoifigeach Ainmnithe, agus rachaidh siadsan i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus le hAcmhainní Daonna.

Athbhreithneoidh an Duine Teagmhála Ainmnithe an líomhain agus déanfaidh siad cinneadh an gcomhlíonann an líomhain an tairseach le bheith atreoraithe go seachtrach go Tusla nó chuig na Gardaí. Mura bhfuil an Duine Teagmhála Ainmnithe cinnte an gcomhlíonann líomhain an tairseach le bheith atreoraithe go seachtrach ba chóir dóibh comhairle a lorg ó ghníomhaireacht chuí.

Is féidir machnamh a dhéanamh ar bhaill foirne/saorálaithe i gceist a chur ar fionraí go sealadach (nó iad a bhogadh go dualgais eile) a fhad is go bhfuil údaráis reachtúla ag déanamh an imscrúduithe.

Más ionann na líomhaintí agus gníomh (nó gníomhartha) féideartha mí-iompair thromchúisigh, cuirfidh an Foras Teanga tús le nósanna imeachta go hinmheánach.

## Ábhair imní maidir le teip cloí le Polasaithe agus Nósanna Imeachta um Chumhdach

Má tá ábhair imní ag baill foirne/saorálaithe ag an bhForas Teanga faoi chomhghleacaí gan a bheith ag comhlíonadh riachtanais ár bPolasaithe agus Nósanna Imeachta um Chumhdach, ar an gcéad dul síos ba chóir a chur i gcuimhne don chomhghleacaí a thábhachtaí atá sé cloí lenár bpolasaithe agus nósanna imeachta agus leis an gcleachtas is fearr.

Má tá ábhair imní ag baill foirne/saorálaithe fós, ba chóir iad seo a chur i láthair an Duine Teagmhála Ainmnithe. Rachaidh an Duine Teagmhála Ainmnithe i gcomhairle le bainisteoir líne a duine agus féadfaidh siad atreorú go dtí Acmhainní Daonna más gá.

## Plé le Nochtuithe Eolais

Labhróidh leanaí, daoine óga, agus aosaigh faoina n-ábhair imní agus faoina bhfadhbanna le daoine a bhraitheann siad a bhfuil siad in ann muinín a chur iontu; ní gá gur baill foirne shinsearacha nó saorálaithe sinsearacha a bheadh ann. Má thagann duine chugat is dóigh leat atá ag iarraidh a insint duine faoi mhí-úsáid a d'fhulaing siad, ba chóir duit éisteacht go dearfach agus na nósanna imeachta maidir le hábhair imní maidir chumhdach a leanúint, ach tá rudaí áirithe breise duit le cur san áireamh:

- **Cinntigh go bhfuil an duine sábháilte láithreach**. Má tá cabhair leighis/Gardaí ag teastáil go práinneach, cuir glao ar na seirbhísí éigeandála.
- **Fan socair agus éist go hairdeallach:** Ná léirigh do thuairimí féin ar an gceist. D'fhéadfadh freagairt a léiríonn gur baineadh geit asat nó go gceapann tú go bhfuil sé dochreidte a thabhairt ar dhuine

'dúnadh síos', an scéal a tharraingt siar nó stad de bheith ag caint, mar sin déan iarracht fanacht socair.
- **Léirigh gur cás leat an scéal agus tabhairt aitheantas ar a bhfuiltear á rá**; tá siad tar éis é a insint duit mar tá cabhair uathu agus creideann siad gur tusa an duine a chreidfidh iad agus a chabhróidh leo.
- **Inis dóibh nach orthu an locht**. Ní ar an duine a d'fhulaing í an locht as mí-úsáid, agus is gá seo a bheith ar eolas acu.
- **Inis don duine go bhfuil an rud ceart déanta acu é a rá leat**; Má chuirtear duine a bhí, is dócha, ag coinneáil mí-úsáid faoi rún ar a suaimhneas is féidir leis dul i gcion go mór orthu.

Is féidir leis a bheith deacair do dhaoine mí-úsáid a nochtadh. Is minic eagla a bheith orthu go mbeidh iarmhairtí ann. Déanann cuid daoine moill sula ndeir siad le duine éigin faoi mhí-úsáid ar feadh achar fada ama, agus ní insíonn daoine eile choíche, fiú más mian leo é a insint. Tá sé tábhachtach do dhaoine go gcreidtear iad agus tá sé ríthábhachtach go ngníomhóidh tú ar an méid a dúradh leat.

- **Abair go gcreideann tú iad.** Féadfaidh duine mí-úsáid a choinneáil faoi rún ar eagla nach gcreidfear iad. Tá siad tar éis é a insint duit mar tá cabhair uathu agus creideann siad gur tusa an duine a chreidfidh iad agus a chabhróidh leo;
- **Ná labhair leis an mí-úsáideoir líomhnaithe.** Má thugann tú aghaidh ar an mí-úsáideoir líomhnaithe faoin méid a dúradh leat d'fhéadfadh sé an cás a dhéanamh i bhfad níos measa don duine;
- **Mínigh an méid a dhéanfaidh tú ina dhiaidh sin.** Mínigh don duine ar bhealach atá oiriúnach dá n-aois go mbeidh ort an mhí-úsáid a thuairisciú do dhuine éigin a bheidh in ann cuidiú.

Má fhaigheann tú nochtadh ó aosach tá sé tábhachtach a bheith oscailte agus trédhearcach na céimeanna a chaithfidh tú a ghlacadh tar éis an nochtadh a fháil. Cuimhnigh agus cumas an aosaigh a chur san áireamh.

Ag brath ar na cúinsí faoi leith, e.g. aois an aosaigh, leibhéal tuisceana, féadfaidh sé gur gá urlabhraí a bheith i láthair le gur féidir glór an aosaigh a chloisteáil ar bhealach níos éifeachtaí. D'fhéadfadh sé gur seo ceannaire grúpa, cúramóir nó tuismitheoir an aosaigh, ach amháin gurb ise nó eisean an duine is ábhar imní ann. Mura bhfuil an duine maoirseachta ar fáil, is féidir baill foirne/saorálaithe eile (an Duine Teagmhála Ainmnithe is fearr) a úsáid le cuidiú glór an aosaigh a chur i láthair más cuí.

- **Cuir in iúl don duine go nglacfar go dáiríre leis an eolas** agus tabhair sonraí ar cad é a tharlóidh ina dhiaidh sin, lena n-áirítear teorainneacha agus srianta na rúndachta;
- **Mínigh dóibh gurb é do dhualgas d'ábhar imní a chomhroinnt** le do Dhuine Teagmhála Ainmnithe ach amháin go méadódh sé a riosca dá ndéanfá sin – i.e. gurb é an Duine Teagmhála Ainmnithe ábhar na líomhaintí. Sa chás seo ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an Leas-Duine Teagmhála Ainmnithe.
- **Cuir an duine ar a suaimhneas go gcoinneofar páirteach iad ag gach céim**; mínigh go lorgóidh an Duine Teagmhála Ainmnithe a dtoiliú sula ndéanfar aon atreorú go gníomhaireachtaí seachtracha;
- **Má cheapann tú go bhfuil coir tar éis tarlú** bíodh a fhios agat go bhféadfaidh fianaise leighis agus fhóiréinseach a bheith ag teastáil. Déan machnamh ar an ngá le hatreorú tráthúil go dtí an tseirbhís póilíneachta agus cinntigh nach ndéanfaidh tú aon rud le fianaise a thruailliú;
- **Comhlánaigh foirm le haghaidh Eachtra maidir le Cumhdach** a luaithe agus is féidir agus tuairiscigh don Duine Teagmhála Ainmnithe láithreach.

Cibé acu a fhaigheann tú nochtadh ó leanbh, duine óg nó aosach, **NÁ DÉAN** aon cheann de na rudaí seo:
- Duine a stopadh ó eolas a nochtadh duit;
- Gealltanais a dhéanamh faoin todhchaí;
- Gealltanas a thabhairt rúin a choinneáil;
- An mí-úsáideoir líomhnaithe a cháineadh;

- Treoircheisteanna a úsáid nó focail a chur i mbéal an duine;
- Brú a chur ar an duine le haghaidh tuilleadh sonraí nó a thabhairt orthu an scéal a athinsint gan ghá;
- Cúlchaint a dhéanamh faoin nochtadh nó an t-eolas a thabhairt ar aghaidh d’aon duine nach gá dóibh a bheith ar an eolas;
- Teagmháil a dhéanamh leis an duine a líomhnaíodh go ndearna siad an dochar;
- Iarracht a dhéanamh an scéal a fhiosrú tú féin;
- Sonraí faoi d’ábhair imní a fhágáil ar ghlórphost nó i ríomhphost.

**Ná déan moill an mhí-úsáid a thuairisciú**. Más luaithe a thuairiscítear an mhí-úsáid tar éis nochtadh eolais is amhlaidh is fearr.

**Tuairiscigh láithreach** don Duine Teagmhála Ainmnithe. Comhlánaigh foirm le haghaidh Eachtra maidir le Cumhdach a luaithe agus is féidir agus tabhair don Duine Teagmhála Ainmnithe a luaithe agus is féidir í. Déanfaidh an Duine Teagmhála Ainmnithe aon ghníomh láithreach is gá lena chinntiú go bhfuil an leanbh, duine óg, nó aosach soghonta sábháilte agus déanfaidh siad cinneadh maidir le cathain is cuí labhairt leis an duine faoi na hábhair imní agus faoi aon ghníomhartha molta.

## Conas Nochtadh Eolais a Thaifeadadh

Má nochtann duine mí-úsáid duit, caithfidh tú Foirm le haghaidh Eachtra maidir le Cumhdach (féach Aguisín 3) agus tabhair í do do Dhuine Teagmhála Ainmnithe. Má tá deacrachtaí litearthachta nó teanga agat, féadfaidh an Duine Teagmhála Ainmnithe cuidiú leat an fhoirm a chomhlánú ach caithfear seo a léiriú ar an fhoirm le haghaidh eachtra.

Coinneoidh an Duine Teagmhála Ainmnithe an Fhoirm le haghaidh Eachtra maidir le Cumhdach go slán agus faoi rún. Coinneofar taifid um chumhdach le “stádas cosanta” (mar a shainmhíníonn reachtaíocht um Chosaint Sonraí) ar feadh 3 bliana tar éis na heachtra/an ábhair imní a lua nó má iarrann na Gardaí nó údaráis reachtúla é go dtí go ndearbhóidh siad nach bhfuil an t-eolas ag teastáil a thuilleadh. Coinneofar taifid um chumhdach a bhaineann le leanaí nó daoine óga le stádas cosanta (mar a shainmhíníonn reachtaíocht um Chosaint Sonraí) go dtí 23ú breithlá is eol nó a bhraitear a bheith ag an duine.

Nuair atá tú ag taifeadadh an nochtaithe eolais caithfidh tú:

- nóta a dhéanamh, a luaithe agus is féidir, ar an méid a dúirt an duine, ag úsáid a gcuid focal féin;
- cur síos a dhéanamh ar na cúinsí inar tharla an nochtadh eolais. Aire a thabhairt idirdhealú a dhéanamh idir fíric, breathnóireacht, líomhain agus tuairim. Tá sé tábhachtach an t-eolas atá agat a bheith cruinn; agus,
- bí aireach ar an ngá le rúndacht, nach ceadmhach an t-eolas seo a chomhroinnt ach le do Dhuine Teagmhála Ainmithe agus le daoine eile ar bhonn riachtanais amháin.

## Toiliú agus Cumas d’Aosaigh Shoghonta

Tá sé tábhachtach an t-aosach soghonta a choinneáil páirteach i rith an phróisis agus toiliú a lorg le haghaidh aon atreorú chuig údaráis reachtúla nó na Gardaí ach amháin go bhfuil an t-aosach i mbaol dochair go gearr. Níl Daoine Teagmhála Ainmnithe in ann a dheimhniú cén cumas atá ag aosaigh; mura bhfuil tú cinnte an bhfuil aosach in ann toiliú is cóir duit teagmháil a dhéanamh le Foireann um Chumhdach agus Cosaint FSS le treoir agus comhairle a fháil.

Tagann dúshláin faoi leith chun cinn i gcásanna ina bhfuil ábhair imní maidir le mí-úsáid fhéideartha aosaigh leochailigh agus nach bhfuil an duine sin ag iarraidh a bheith páirteach nó comhoibriú le hidirghabhálacha.

Is féidir leis seo a bheith casta, go háirithe i gcásanna baile. Má chuireann aosach in iúl nach mian leo a bheith páirteach nó comhoibriú leis an FSS agus tá ábhair imní fós ag an FSS beidh ar an FSS machnamh a dhéanamh ar cheist an chumais agus ina leith seo nótálfar na nithe seo a leanas:

- Tá toimhdiú ann go bhfuil cumas ag gach aosach.
- Tá de cheart ag aosach ag a bhfuil cumas gan a bheith páirteach leis an FSS nó aon seirbhísí, más mian leo sin.
- Má tá ábhar imní ann go bhfuil aosach soghonta agus go bhféadfaidh sé go bhfuil nó nach bhfuil de chumas acu cinntí a dhéanamh, féadfaidh sé go maith go bhfuil oibleagáidí ar an FSS in leith.

- Ba chóir don FSS machnamh a dhéanamh an bhfuil neamh-chomhoibriú an duine mar gheall ar cheisteanna cumais, an bhfuil sé dá ndeoin, nó an bhféadfadh sé gur ó chineál éigin comhéigin, mar shampla, a thagann sé.

Caithfear cinntí maidir leis na céimeanna cuí atá le ghlacadh i gcásanna mar seo a dhéanamh ar bhonn cás ar chás agus le comhairle ghairmiúil chuí. Tá sé tábhachtach chomh maith na feidhmeanna agus an méid atá le déanamh ag gníomhaireachtaí ábhartha faoi leith, lena n-áirítear na Gardaí, Tusla agus údaráis áitiúla. Tá comhoibriú idirghníomhaireachta go háirithe tábhachtach sna cásanna seo.

I gcásanna ina bhfuil aosach i mbaol go gearr féadfaidh sé nach féidir a mianta a phlé leo agus nach féidir toiliú bailí a fháil. Faoi na tosca seo, ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe cibé gníomh a bhraitheann siad a bheith oiriúnach a dhéanamh leis an aosach a chosaint, lena n-áirítear idirghabháil leighis agus/nó Gardaí a lorg.

## Nochtadh Siarghabhálach ag Aosaigh

Tá líon fásmhar aosach ag nochtadh eolais faoi mhí-úsáid a tharla nuair a bhí siad ina bpáistí. Nuair is eol cé hiad an déantóir mí-úsáide líomhnaithe nó an t-íospartach líomhnaithe ba chóir don tseirbhís i gcónaí dul i gcomhairle le Tusla lena phlá ar chóir tuairisc a dhéanamh. Nuair is cuí, ba chóir tuairiscí a dhéanamh le Tusla gan mhoill go díreach nó tríd na Daoine Teagmhála Ainmnithe ag úsáid Fhoirm Tusla le haghaidh Tuairisc Shiarghabhálach ar Mhí-Úsáid atá ar fáil ar a suíomh gréasáin.

## Cúis réasúnta le Mí-Úsáid Leanaí a Thuairisciú

Ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe gach ábhar imní, eachtra, nochtadh nó líomhain a tuairisciú don Duine Teagmhála Ainmnithe a dhéanfaidh athbhreithniú ar an tuairisc agus a shocróidh an bhfuil cúis réasúnta ann le hábhar imní a bheith ann go bhféadfaidh sé go raibh, go bhfuil nó go mbeidh leanbh nó duine óg faoi riosca mí-úsáid a bheith déanta orthu nó faillí déanta ina leith.

I measc cúiseanna réasúnta le hábhar imní maidir le cosaint nó leas leanaí tá:

- fianaise, mar shampla gortú nó iompar, atá ag teacht le mí-úsáid agus nach dócha go bhfuil rud ar bith eile ina chúis leis;
- aon ábhar imní faoi mhí-úsáid ghnéasach fhéideartha;
- comharthaí seasmhacha go bhfuil leanbh/duine óg ag fulaingt ó fhaillí mhothúchánach nó fhisiciúil.
- leanbh/duine óg ag rá nó ag léiriú ar bhealaí eile go bhfuil mí-úsáid déanta orthu;
- admháil nó chur in iúl ó aosach nó leanbh/duine óg maidir le mí-úsáid líomhnaithe atá déanta acu;
- cuntas ó dhuine a chonaic mí-úsáid á déanamh ar leanbh/duine óg.

Ní gá don Duine Teagmhála Ainmnithe a chruthú gur tharla mí-úsáid le hábhar imní a thuairisciú do Tusla. Níl ag teastáil ach cúis réasúnta a bheith agat le hábhar imní a bheith agat.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na prionsabail threoracha ar mhí-úsáid nó faillí leanaí a thuairisciú mar seo a leanas:

- Caithfear tús áite a bheith ag sábháilteacht agus leas an linbh/duine óig thar ábhair imní maidir le daoine fásta a bhféadfar líomhain mhí-úsáide a dhéanamh ina n-éadan;

- Is cóir tuairiscí ar ábhair imní a dhéanamh gan mhoill le Tusla.

Mura bhfuil an Duine Teagmhála Ainmnithe cinnte faoi thuairisciú go Tusla, féadfaidh siad teagmháil a dhéanamh le Tusla leis an ábhar imní a phlé go neamhfhoirmiúil. Má tá an t-ábhar imní faoi tairseach thuairiscithe, féadfaidh Tusla a bheith in ann comhairle a thabhairt maidir le súil a choinneáil ar an leanbh/duine óg agus seirbhísí eile a fhéadfaidh a bheith níos oiriúnaí le riar ar riachtanais an linbh, duine óig, agus/nó an teaghlaigh.

## Tuairisciú Sainordaithe

Más duine sainordaithe thú agus má tá ábhar imní agat faoi leanbh/duine óg, is é **do dhualgas dlíthiúil** cinneadh a dhéanamh cé acu a thrasnaíonn nó nach dtrasnaíonn an t-ábhar imní an tairseach le haghaidh tuairisc shainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Má tá tú sásta nach bhfuil an tairseach seo bainte amach, ba chóir duine a thaispeáint go soiléir ar an tuairisc gur tuairisc shainordaithe seo déanta faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

Mura bhfuil tú cinnte an mbaineann d’ábhar imní amach an sainmhíniú dlíthiúil ar dhochar le tuairisc shainordaithe a dhéanamh, is féidir leat an t-ábhar imní a phlé le hoibrí sóisialta ó Tusla. Ach fanann an fhreagracht as an gcinneadh a dhéanamh leatsa mar dhuine sainordaithe faoin Acht.

Más duine sainordaithe thú, ní féidir leat tuairisc shainordaithe a dhéanamh gan ainm.

Éilíonn an tAcht um Thús Áite do Leanaí ar dhaoine sainordaithe ábhar imní sainordaithe a thuairisciú go Tusla “a luaithe agus is féidir”. Éilíonn an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 ar Tusla daoine údaraithe a cheapadh le glacadh le tuairiscí sainordaithe. Tá d’oibleagáid ar dhaoine údaraithe aitheantas a thabhairt i scríbhinn ar gach tuairisc shainordaithe a fhaigheann siad.

# SAINCHEISTEANNA A BHAINEANN LE CUMHDACH A THUAIRISCIÚ

## CÉIM 1 – TUAIRISCIÚ
## Gach ball foirne nó saorálach

Más amhlaidh, mar chuid de do ról leis an bhForas Teanga:

(a) go bhfuil amhras ort go raibh nó go bhfuil leanbh, duine óg nó aosach faoi riosca mí-úsáide; nó
(b) gur tugadh nochtadh eolais duit; nó
(c) go bhfaigheann tú gearán ó bhall den phobal maidir le saincheist um chumhdach; nó
(d) go ndéantar líomhain dhíreach i do choinne nó i gcoinne baill foirne/saorálaithe eile; nó
(e) go mbreathnaíonn tú iompraíochtaí ag ball den phobal (aosach nó duine óg) a bhaineann le cumhdach leanaí, daoine óga, nó aosach;
(f) má fhaigheann tú amach go bhfuil droch-chleachtas um chumhdach ar siúl, má tá tú in amhras go bhféadfaidh droch-chleachtas um chumhdach a bheith ag tarlú, nó má deirtear leat faoi rud éigin a d'fhéadfadh a bheith ina dhroch-chleachtas um chumhdach.

**Caithfidh tú Foirm le haghaidh Eachtra maidir le Cumhdach a chomhlánú agus tuairisciú don Duine Teagmhála Ainmnithe.**

**Ná fiosraigh tú féin – éist go díreach**

Níor cheart, in am ar bith, d'aon bhall foirne/saorálaí féachaint le plé le fadhb na mí-úsáide astu féin.
Cuir do Dhuine Teagmhála Ainmnithe ar an eolas

### Gníomh Éigeandála

Má tá cosaint láithreach ó dhochar ag teastáil ón leanbh caithfidh tú teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí, Otharcharr agus Tusla láithreach.
Cuir in iúl don Duine Teagmhála Ainmnithe chomh luath agus is féidir.

Scríobh nótaí go cúramach san fhoirm le haghaidh eachtra maidir le cumhdach ar an méid a chonaic tú, a chuala tú nó a insíodh duit.

Cuir síniú agus dáta ar an bhfoirm agus tabhair í don Duine Teagmhála Ainmnithe um Chumhdach.

### Gníomh Neamhéigeandála

Mura bhfuil an leanbh faoi riosca dochair láithreach, scríobh nótaí go cúramach ar an méid a chonaic tú, a chuala tú nó a insíodh duit ar an bhFoirm le haghaidh Eachtra maidir le Cumhdach.

Cuir síniú agus dáta ar an bhfoirm agus tabhair í don Duine Teagmhála Ainmnithe agus leanfaidh siadsan an nós imeachta a leagtar amach i gCéim 2.

### Teagmhálacha maidir le Cumhdach Leanaí & Daoine Óga

**Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach** www.tusla.ie
Fón: 01 7718500/Ríomhphost: info@tusla.ie

**An Garda Síochána** Fón: 999 / 112

### Teagmhálacha maidir le Cumhdach Aosach

**Foirne um Chumhdach agus Cosaint**

Tá naoi bhfoireann um Chumhdach agus Cosaint ar fud na tíre. Ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann san Eagraíocht Sláinte Pobail ina bhfuil an duine ina chónaí.

**Líne Eolais FSS** Luan go Satharn, 8am-8pm
Glao Sábhála: 1850 24 1850/ Ríomhphost: info@hse.ie

## Céim 2a – Ábhair Imní maidir le Cumhdach Leanaí a Athbhreithniú & a Atreorú Daoine Teagmhála Ainmnithe

Ar thuairisc maidir le hábhar imní a fháil dóibh, caithfidh an Duine Teagmhála Ainmnithe an t-ábhar imní a athbhreithniú, in éineacht le haon eolas ábhartha eile, agus cinneadh a dhéanamh, i gcomhairle le daoine eile go minic, cad iad na gníomhartha is gá a dhéanamh. Cuirfidh an Duine Teagmhála Ainmnithe Oifigeach Ainmnithe um Chumhdach/Duine Teagmhála Ainmnithe an dá roinn choimircíochta maidir le haon atreoruithe seachtracha.

Ba chóir Tusla nó na Gardaí a chur ar an eolas i gcónaí nuair atá cúis réasúnta ann le hábhar imní a bheith ann go bhféadfaidh sé go bhfuil mí-úsáid déanta ar leanbh nó ar dhuine óg, go bhfuil mí-úsáid á dhéanamh orthu, nó go bhfuil siad faoi riosca mí-úsáide.

**Má tá an leanbh/duine óg i mbaol dochair go gairid ba chóir duit atreorú go dtí Tusla agus na Gardaí gan mhoill.**

### Lorg comhairle

Mura bhfuil tú cinnte cén gníomh ba chóir duit a ghlacadh iarr comhairle agus tacaíocht ó Tusla

### Saincheist maidir le Cumhdach

*Má tá amhrais ann maidir le cumhdach gan riosca láithreach dochair*

Atreoraigh go dtí Tusla i scríbhinn ag úsáid a bhFoirme Tuairisce maidir le Cosaint agus Leas Leanaí.

### Saincheist maidir le cosaint

*Tá riosca soiléir láithreach ann go bhfuil dochar/coir líomhnaithe ann, atreoraigh go dtí na Gardaí*

Atreoraigh **láithreach** ar theileafón go dtí Tusla, na Gardaí, agus/nó Otharcharr.

Nuair atá tú ag atreorú go práinneach thar ghuthán beidh ort d'atreorú a dheimhniú i scríbhinn laistigh de 24 uair an chloig, ag úsáid na Foirme Tuairiscithe maidir le Cosaint agus Leas Leanaí.

### Níl Saincheist maidir le Cumhdach ann

- Ba chóir an chúis gan tuairisciú a thaifeadadh.
- Ba chóir aon ghníomh a rinneadh mar thoradh ar an ábhar imní a thaifeadadh.
- Ba chóir míniú soiléir i scríbhinn a thabhairt don fhostaí nó saorálaí a thóg an t-ábhar imní ar na cúiseanna nach bhfuil an t-ábhar imní á thuairisciú do Tusla.
- Ba chóir a chomhairliú don fhostaí nó don saorálaí má tá imní orthu fós faoin gcás go bhfuil saoirse acu tuairisc a dhéanamh go Tusla nó na Gardaí.

Cibé cinneadh a dhéanfaidh tú, **CAITHFIDH** tú:

- Gach cinneadh a rinneadh a thaifeadadh i scríbhinn, an fáth leo seo, agus cé a rinne na gníomhartha.
- Tosaigh Comhad ar Chás um Chumhdach a thosú (a choinneofar de réir treoracha maidir le cosaint sonraí);
- Coinnigh taifead iomlán ar gach gníomh agus cinneadh;
- A chinntiú go dtugtar cúram tréadach do gach ball foirne/saorálaí de réir mar is cuí.

Nuair atá atreorú á dhéanamh go Tusla ba chóir duit an oiread eolais ábhartha agus is féidir leat a sholáthar faoin leanbh, a c(h)úinsí baile agus na cúiseanna le hábhar imní. D'fhéadfadh a leanas bheith san áireamh:

- Ainm, seoladh agus aois an linbh;
- Ainmneacha agus seoltaí tuismitheoirí nó caomhnóirí;
- Ainmneacha, más eol, na ndaoine a líomhnaítear go bhfuil dochar déanta acu ar an leanbh nó nár thug siad aire chuí dóibh;
- Cuntas mionsonraithe ar do chúiseanna le hábhar imní (e.g. sonraí na líomhna, dátaí eachtraí, agus cur síos ar ghortuithe);

## Céim 2b – Ábhair Imní maidir le Cumhdach Aosach a Athbhreithniú & a Atreorú Daoine Teagmhála Ainmnithe

Ar thuairisc maidir le hábhar imní a fháil dóibh, caithfidh an Duine Teagmhála Ainmnithe an t-ábhar imní a athbhreithniú, in éineacht le haon eolas ábhartha eile, agus cinneadh a dhéanamh, i gcomhairle le daoine eile go minic lena n-áirítear an t-aosach, cad iad na gníomhartha is gá a dhéanamh. Cuirfidh an Duine Teagmhála Ainmnithe Duine Teagmhála Ainmnithe/Oifigeach Ainmnithe um Chumhdach an dá roinn choimircíochta ar an eolas maidir le haon atreoruithe seachtracha.

*Mura bhfuil tú cinnte cén gníomh ba chóir duit a ghlacadh **iarr comhairle** agus tacaíocht ón bhfoireann um Chumhdach agus Cosaint nó na Gardaí.*

**Níl Saincheist maidir le Cumhdach ann**

Déan Taifead de Chinneadh ar Fhoirm le haghaidh Eachtra maidir le Cumhdach

**Saincheist maidir le Cumhdach**

*Amhrais nó ábhair imní aan*

**Lorg toiliú don atreorú ón aosach**

**Toiliú diúltaithe/ní cumas acu**

**Ná déan atreorú - Lorg Comhairle**

Déan teagmháil le Foireann um Chumhdach agus Cosaint thar ghuthán agus lean a gcomhairle.

**Níl Saincheist maidir le Cumhdach ann**

Déan Taifead de Chinneadh ar Fhoirm le haghaidh Eachtra maidir le Cumhdach.

**Toiliú Tugtha**

**Atreoraigh Saincheisteanna maidir le Cumhdach** go dtí an Fhoireann um Chumhdach agus Cosaint ag úsáid na Foirme Tuairisce Eachtraí.

**Saincheist maidir le cosaint**

*Tá riosca soiléir láithreach ann go bhfuil dochar/coir líomhnaithe ann:*

Atreoraigh go dtí na Gardaí.

**Lorg toiliú don atreorú Ach, má dhiúltaítear toiliú féadfaidh tú leanúint ar aghaidh le hatreorú**

**Atreoraigh Saincheisteanna maidir le Cumhdach láithreach go dtí na Gardaí.**

Cibé cinneadh nó toradh atá ann, **CAITHFIDH** tú:

- Gach cinneadh a rinneadh a thaifeadadh i scríbhinn, an fáth leo seo, agus cé a rinne na gníomhartha.
- Tosaigh Comhad ar Chás um Chumhdach a thosú (a choinneofar de réir treoracha maidir le cosaint sonraí);
- Coinnigh taifead iomlán ar gach gníomh agus cinneadh;
- A chinntiú go dtugtar cúram tréadach do gach ball foirne/saorálaí de réir mar is cuí.

Beidh ort an oiread sonraí agus is féidir a thabhairt (ainm, seoladh, cúinsí an aosaigh) Déan cinnte go bhfuil seo ar láimh agat nuair atá atreorú á dhéanamh agat.

# Céim 3 – Measúnuithe agus Fiosrúcháin

Do Dhaoine Teagmhála Ainmnithe & Gníomhaireachtaí Reachtúla

Ba chóir do Tusla tuairiscí a dhéanann tú faoi leanbh a admháil agus féadfaidh siad teagmháil a dhéanamh leat le haghaidh tuilleadh eolais más gá.

Déanfaidh gníomhaireachtaí reachtúla machnamh cúramach ar an atreorú chomh maith le haon eolas eile ar fáil agus déanfar measúnú um chumhdach leanaí má aithnítear riosca imleor. Féadfaidh siad a shocrú cruinniú straitéise nó Meitheal a thionól. Is cruinniú gairmithe é seo, leithéid na Gardaí, gairmithe oideachais, seirbhísí sóisialta, agus aon eagraíochtaí eile. Féadfaidh Duine/Daoine Teagmhála Ainmnithe an Fhorais Teanga a bheith san áireamh.

Má thugtar cuireadh dóibh, ba chóir don Duine/na Daoine Teagmhála Ainmnithe freastal ar chruinnithe straitéise agus a chinntiú go dtugtar aon mholtaí a dhéantar ag an gcruinniú sin ar ais go dtí na bainisteoirí ábhartha san Fhoras Teanga.

Mar thoradh ar an eolas a chomhroinntear ag an gcruinniú straitéise/Meitheal féadfaidh na gníomhaireachtaí

# Céim 4 - Conclúidí

Do Dhaoine Teagmhála Ainmnithe & Údaráis Reachtúla
Measúnuithe agus fiosrúcháin

Ba chóir don Duine/na Daoine Teagmhála Ainmnithe cuidiú le húdaráis reachtúla go dtí go bhfuil aon mheasúnú nó fiosrúcháin i gcrích. Cé nach bhfuil sé indéanta i gcónaí do Tusla thú a choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn nó toradh an cháis, féadfaidh siad dul i dteagmháil leat le hinsint ar baineadh amach tairsí agus, bunaithe air sin, an mbeidh siad ag déanamh gníomhaíochta eile.

### GAN TUILLEADH GNÍOMHAÍOHTA DÉANTA AG ÚDARÁIS REACHTÚLA

Tar éis tabhairt faoin ábhar imní, féadfaidh údaráis reachtúla a shocrú gan tuilleadh gníomhaíochta maidir le cumhdach a dhéanamh.

Sna cúinsí seo féadfaidh an leanbh/aosach soghonta tacaíocht a fháil fós ó ghníomhaireachtaí reachtúla.

Fiú má shocraíonn údaráis reachtúla gan aon ghníomh eile a dhéanamh féadfaidh an cheist a ardaíodh a bheith ina chúis le hidirghabháil ag an bhForas Teanga, agus féadfaidh sé gur mian leo leanúint ar aghaidh le nósanna imeachta bainistithe cás nó cleachtas a athbhreithniú.


### TUILLEADH GNÍOMHAÍOHTA DÉANTA AG ÚDARÁIS REACHTÚLA

Má bhraitheann údaráis reachtúla go bhfuil cúiseanna ann le tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh maidir le líomhain i gcoinne baill foirne/saorálaithe cuirfear nósanna imeachta smachta inmheánacha i bhfeidhm.

Fiú mura lochtaítear baill foirne/saorálaithe déanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Daoine Teagmhála Ainmnithe an cás a phlé agus féadfar go molfar tuilleadh measúnaithe riosca um chumhdach i leith ghníomhaíochtaí nó sheirbhísí an Fhorais Teanga, lena n-áirítear nósanna imeachta maidir le bainistiú cás nó athbhreithniú ar chleachtas.

# Tuairiscí ar Ábhair Imní/Eachtraí maidir le Cumhdach a fháil ó Eagraíochtaí Maoinithe

Ceanglaítear ar gach eagraíocht atá maoinithe ag an bhForas Teanga aon ábhair imní/eachtraí maidir le Cumhdach a thuairisciú do Dhuine/Daoine Teagmhála Ainmnithe. A luaithe is atá tuairisc mar seo faighte ag Duine Teagmhála Ainmnithe na gníomhaíochta atá i gceist tuairisc mar seo, ba chóir dóibh an nós imeachta a leagtar amach thíos a leanúint.




Má chinneann an ghníomhaíocht ábhartha den Fhoras Teanga gur theip ar aon eagraíocht mhaoinithe plé go cuí le hábhair imní nó eachtraí um chumhdach féadfaidh siad ansin machnamh a dhéanamh ar mhaoiniú na heagraíochta a chur ar fionraí go dtí go bhfuil an cheist réitithe. Má theipeann orthu plé go cuí le hábhair imní um chumhdach nó plé le saincheisteanna a bhaineann le droch-chleachtas arís agus arís eile is é an toradh a bheidh air go mbainfear ar shiúl maoiniú.

# NÓS IMEACHTA UM GHEARÁIN MAIDIR LE CUMHDACH D'ÚSÁIDEOIRÍ SEIRBHÍSE

Tá cultúr cuimsitheachta, trédhearcachta agus oscailteachta ag an bhForas Teanga, a éascaíonn saorshreabhadh eolais ón eagraíocht go dtí gach ball foirne/saorálaí, leanbh, duine óg agus úsáideoirí seirbhíse aosaigh agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí maidir lenár n-éiteas, aidhmeanna agus an méid is mian linn a bhaint amach.

Más mian leat tuilleadh eolais faoi pholasaithe agus nósanna imeachta an Fhorais Teanga um chumhdach nó má tá aon tráchtaireacht nó moltaí le déanamh maidir le cumhdach san eagraíocht, déan teagmháil le do thoil leis an Duine Teagmhála Ainmnithe.

Caithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí a bheith eolach ar a ndéanaimid agus conas a dhéanaimid é, agus go mbeidh baill foirne/saorálaithe ar fáil i gcónaí le linn gníomhaíochtaí le haghaidh comhairliúcháin nó comhairle. Cuirfear ar fáil tuilleadh eolais maidir le hócáid nó gníomhaíocht trí litreacha, ríomhphoist nó teagmháil teileafóin.

Éilíonn an Foras Teanga go bhfaightear toiliú maidir le gach leanbh agus duine óg ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí ó thuismitheoir/caomhnóir/cúramóir. Éilíonn an Foras Teanga go bhfaightear toiliú ó na húsáideoirí seirbhíse aosaigh nó, más bainteach, tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí an aosaigh.

Beidh athbhreithniú rialta ar pholasaithe an Fhorais Teanga ann trí chruinnithe leis an bhfoireann/saorálaithe agus aiseolas ó leanaí, daoine óga agus/nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh agus tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí.

## Gearáin nach mbaineann le Cumhdach

Má tá imní nó gearán ag leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh faoi riosca nó a gcúramóirí nó a dtuismitheoirí faoi ghné éigin den Fhoras Teanga **nach mbaineann le cumhdach** ba chóir dóibh nós imeachta um ghearáin na gníomhaireachta cuí a fháil.

Ba chóir cloí i gcónaí le nósanna imeachta smachta, casaoide agus achomhairc mar a chomhaontaíonn Boird an Fhorais Teanga. Tá cóip den nó imeachta um ghearáin na gníomhaireachta ábhartha ar fáil ar iarratas. Is cóir don phobal an nós imeachta um ghearáin a úsáid chun saincheist a chur i láthair agus ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe an nós imeachta um chasaoid a úsáid.

## Gearáin a bhaineann le Cumhdach

Ach, má tá gearán agat a bhaineann le cumhdach leanaí, daoine óga nó aosaigh, is cóir duit teagmháil a dhéanamh go díreach leis an Duine Teagmhála Ainmnithe.

Má bhaineann do ghearán le hiompar míchuí ag baill foirne/saorálaithe nó úsáideoirí seirbhíse i leith leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta, tuairiscigh seo don Duine Teagmhála Ainmnithe le do thoil.

**Céim 1: Gearán maidir le cumhdach déanta leis an Duine Teagmhála Ainmnithe**
Má tá gearán maidir le cumhdach agat déan teagmháil le do thoil leis an Duine Teagmhála Ainmnithe, a leanfaidh ár nósanna imeachta um chumhdach.

**Mura bhfuil an Duine Teagmhála Ainmnithe ar fáil nó más faoin Duine Teagmhála Ainmnithe atá an gearán téigh go dtí an Leas-Duine Teagmhála Ainmnithe.**

A luaithe is atá an gearán faighte ag an Duine Teagmhála Ainmnithe caithfidh siad é a **athbhreithniú** faoi 24 uair an chloig.  Déanfar taifead den ghearán agus den athbhreithniú agus coinneofar sin faoi rún. **Deimhneoidh** an Duine Teagmhála Ainmnithe an ionann an gearán agus:

- **Ceist nach mbaineann le cumhdach:** *níl aon amhras nó imní go bhfuil dochar ann ach tá fianaise ar dhroch-chleachtas ann*
- **Ceist a bhaineann le cumhdach:** *tá amhras nó imní ann gan riosca láithreach dochair*
- **Ceist a bhaineann le cosaint:** *tá riosca soiléir láithreach dochair/coir líomhnaithe ann*

Mura bhfuil an Duine Teagmhála Ainmnithe cinnte an bhfuil an gearán ina cheist a bhaineann le cumhdach nó cosaint féadfaidh siad **comhairle a lorg** ó fhoirne um Chumhdach agus Cosaint an gá an cás a atreorú.

A luaithe agus atá **cinneadh** déanta, cuirfear seo **in iúl duit** agus faoi 3-5 lá oibre agus comhaontófar agus cuirfear i bhfeidhm aon ghníomhartha atá ag teastáil a luaithe agus is féidir.

**<u>Céim 2: Achomharc ar chinneadh chuig an bpríomhfheidhmeannach</u>**
Má bhraitheann tú nár pléadh leis an ngearán go sásúil ag Céim 1 is cóir an gearán a chur chuig an bPríomhfheidhmeannach, a athbhreithneoidh an gearán agus na gníomhartha a rinne an t-oifigeach ainmnithe agus an Leas-Duine Teagmhála Ainmnithe, a thiocfaidh ar chinneadh agus a chuirfidh seo in iúl duit faoi 14 lá ón achomharc a fháil.

Ag pointe ar bith sa phróiseas is féidir leat d’ábhair imní a thuairisciú do Tusla, na Gardaí nó Foirne um Chumhdach agus Cosaint.

Is iad Daoine Teagmhála Ainmnithe Fhoras na Gaeilge:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Duine Teagmhála Ainmnithe:** | **Seosamh Ó Coinne** | socoinne@forasnagaeilge.ie | 01 6398400 |
| **Leas-Duine Teagmhála Ainmnithe:** | **Nuala Ní Scolláin** | nniscollain@forasnagaeilge.ie | 04890 890970 |

# CÓID CLEACHTAIS UM CHUMHDACH

## Cód Cleachtais Iompair do Bhaill Foirne/Saorálaithe

Tá an cód iompair um Chumhdach do bhaill foirne/saorálaithe an Fhorais Teanga, mar a thugtar breac-chuntas air thíos, ceaptha chun bheith ina threoirlíne do bhaill foirne agus mar thagairt do Chomhaltaí Boird agus ardbhainisteoirí. Ba chóir an cód a léamh i gcomhar leis na cóid iompair do Chomhaltaí Boird, agus téarmaí bunaithe an Fhorais Teanga.

Ba chóir an cód iompair um chumhdach do bhaill foirne/saorálaithe a léamh i gcomhar le saintéarmaí agus coinníollacha fostaíochta agus sainchuntas poist gach fostaí.

Cuireann an Foras Teanga i bhfeidhm cód iompair láidir um chumhdach ar fud na heagraíochta chun an seans a íoslaghdú go bhfulaingeoidh leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh dochar. Cuidíonn an cód iompair seo um chumhdach freisin baill foirne/saorálaithe a chosaint trína chinntiú gur léir dóibh an iompraíocht a bhfuiltear ag tnúth léi uathu agus na teorainneacha inar chóir dóibh feidhmiú.

Féadtar gur cosúil gur ciall choitianta atá ina lán gnéithe den Chód Iompair um chumhdach ach tá na cúrsaí seo déanta foirmiúil ag an bhForas Teanga chun comhleanúnachas cleachtais a chinntiú ag gach ball foirne/saorálaí agus chun úinéireacht air a spreagadh.

Táthar ag tnúth lena leanas ó bhaill foirne/saorálaithe:

- sábháilteacht gach linbh, duine óig agus/nó aosaigh a chinntiú trí mhaoirseacht chúramach, réamhphleanáil chuí gach gníomhaíochta, agus modhanna sábháilte a úsáid;
- caitheamh le gach duine go cothrom agus a chinntiú go mothaíonn siad go gcuirtear luach orthu, agus gan fabhraíocht a léiriú;
- timpeallacht neamh-leithcheala a spreagadh maidir le creideamh reiligiúnach, cine, inscne, claonadh gnéis, aicme shóisialta nó easpa cumais/lagú;
- a bheith buíoch as iarrachtaí gach linbh, duine óig, agus úsáideoirí seirbhísí aosaigh atá páirteach san Fhoras Teanga.
- a bheith dearfach, lách agus moladh a thabhairt chun cuspóirí na hoibre a chur chun cinn;
- aon ábhair imní nó eachtraí maidir le cumhdach a thuairisciú láithreach don Duine Teagmhála Ainmnithe;
- rochtain a bheith agat ar ghuthán chun teagmháil láithreach a dhéanamh le seirbhísí éigeandála más gá;
- obair mheithle a chothabháil chun sábháilteacht leanaí, daoine óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh atá faoina gcúram a chinntiú;
- a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm cearta agus freagrachtaí leanaí, daoine óga, agus úsáideoirí seirbhíse aosaigh;
- rúndacht a choinneáil maidir le faisnéis leochaileach;
- meas a léiriú ar thuairimí leanaí, daoine óga, agus úsáideoirí seirbhíse aosaigh;
- am a ghlacadh chun treoracha mhíniú lena chinntiú go dtuigtear iad go soiléir;
- bheith ina n-eiseamláir (smacht acu orthu féin/tiomanta/coinneáil ama);
- gan barraíocht ama a chaitheamh leo féin le leanaí, daoine óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh as radharc/éisteacht daoine eile.

Ní ceadmhach do bhaill foirne/saorálaithe in am ar bith:

- tobac nó alcól a chaitheamh i láthair leanaí nó daoine óga le linn gníomhaíochtaí a bhaineann le hobair;
- drugaí mídhleathacha a chaitheamh le linn gníomhaíochtaí a bhaineann le hobair;
- teanga mhíchuí a úsáid nó ábhair mhíchuí a phlé le linn gníomhaíochtaí a bhaineann le hobair;
- súgradh garbh, bulaíocht nó iompar míchuí a cheadú, a spreagadh nó bheith páirteach ann;
- ligean d'aon líomhain mí-úsáide de chineál ar bith dul gan dúshlán nó gan a thaifeadadh;
- eachtraí agus timpistí a thaifeadadh de réir pholasaí agus nósanna imeachta an Fhorais Teanga agus a chur in iúl do thuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí nuair is cuí;
- a bheith páirteach in aon ghníomh mí-úsáide nó dochar ar leanaí, daoine óga, nó aosaigh.

Lena nach gcuirfidh siad iad féin faoi riosca líomhaintí, moltar go láidir **nach** ndéanfaidh baill foirne/saorálaithe mar pháirt dá ról, seachas i gcásanna éigeandála:

- le leanaí, daoine óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh a thabhairt abhaile leo;
- leanaí, daoine óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh a bheith leo ina n-aonar i bhfeithicil;
- gan garchabhair a thabhairt lena mbaineann éadaigh a bhaint de leanbh, duine óg, nó aosach mura bhfuil sé go hiomlán riachtanach agus i láthair daoine eile;
- dul isteach sa leithreas le leanaí, daoine óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh ach amháin i gcúinsí eisceachtúla le riar ar riachtanais an duine, agus nuair is féidir ba chóir aosach eile a bheith i láthair.

Caithfidh baill foirne/saorálaithe a fhoghlaim conas suíomhanna leochaileacha maidir le cumhdach a aithint. Féadfaidh sé go mbeidh amanna ann nuair atá sé dodhéanta suíomhanna mar seo a sheachaint. I gcásanna mar seo, ba chóir don chinneadh ag baill foirne/saorálaithe iad féin a chur ina leithéid de shuíomh a bheith faoi thionchar a bhfuil chun leasa don leanbh, duine óg, nó úsáideoir seirbhíse aosaigh.

Tá ceart ag baill foirne/saorálaithe ar na rudaí seo a leanas:

- rochtain ar oiliúint leanúnach agus ar eolas ar gach gné den obair le leanaí/daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta, go háirithe ar chumhdach;
- tacaíocht maidir le cásanna amhrasta mí-úsáide a thuairisciú;
- seirbhísí tacaíochta gairmiúla a rochtain;
- lucht na bainistíochta bheith ag caitheamh leo go cóir cothrom;
- cosaint a bheith acu ó mhí-úsáid ag leanaí, daoine óga, nó aosaigh eile;
- gan a bheith fágtha gan chosaint agus iad ag obair le leanaí, daoine óga nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh;

Tá d'aidhm ag an gcód iompair droch-chleachtas a íoslaghdú agus drochiompar atá le seachaint a aibhsiú. Féadfar a áireamh air seo iompraíochtaí a shleamhnaíonn baill foirne/saorálaithe ar ais iontu cheal taithí nó oiliúna. Cé nach bhfuil dochar i gceist d'aon turas, b'fhéidir, is féidir míthuiscint a bhaint as iompraíocht mar seo, arbh fhéidir go mbeadh líomhaintí mí-úsáide de thoradh air. Féadfaidh a leanas a bheith i measc samplaí:

- a bheith ag obair i d'aonar gan ghá le leanaí, daoine óga nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh i suíomhanna príobháideacha nó gan bhreathnú;
- le leanaí, daoine óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh a spreagadh le rúin a choinneáil;
- gan caitheamh le meas agus dínit le leanaí, daoine óga, nó aosaigh;
- teip treoirlínte comhaontaithe a leanúint e.g. má tá teagmháil fhisiciúil nó tacaíocht ag teastáil;
- gan eolas breise, tuairimí agus/nó toiliú linbh, duine óig, úsáideora seirbhíse aosaigh agus/nó tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí a lorg;
- gan na scileanna, cáilíochtaí agus árachas atá riachtanach a bheith agat le haghaidh gníomhaíochta;
- gan ligean do thuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí a bheith páirteach nó iad a chosc ó bheith páirteach;

- leanaí, daoine óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh a cháineadh agus/nó aiseolas diúltach a thabhairt.

***Impleachtaí do bhaill foirne/saorálaithe***

Má tharlaíonn aon sárú ar na Cóid Iompair um Chumhdach, treoróidh na bainisteoirí líne an ball foirne/saorálaí go dtí an Polasaí um Chumhdach agus, más gá, tuairisceoidh siad don Duine Ainmnithe Teagmhála a dhéanfaidh taifead den eachtra seo. Má sháraítear an cód go seasmhach agus go tromchúiseach is é an toradh a bheidh ann go n-iarrfar ar an mball foirne/saorálaí tarraingt siar ón obair, nó cuirfear ar fionraí é/í le pá, ag fanacht le himscrúdú de réir polasaí agus nósanna imeachta. Is féidir le baill foirne dífhostú a achomharc, agus déanfaidh bainisteoirí sinsearacha na cinntí deireanacha.

Má dhéantar líomhain mhí-úsáide i gcoinne baill foirne/saorálaí, déanfar imscrúdú de réir nós smachta an Fhorais Teanga.  Beidh ar an oifigeach imscrúduithe dul i gcomhairle leis an Duine Teagmhála Ainmnithe lena shoiléiriú an bhfuil aon taifid bhainteacha aige/aici ar aon eolas eile maidir le cumhdach a bhaineann le leanaí agus daoine óga i dtaobh an duine.

Má fhaigheann an t-imscrúdú amach gur ghníomhaigh baill foirne/saorálaithe go míchuí nó nár ghníomhaigh siad chun leasa an linbh nó an duine óig nó na n-úsáideoirí seirbhíse aosaigh, cuirfear i bhfeidhm an nós imeachta smachta.

Is iad Daoine Teagmhála Ainmnithe Fhoras na Gaeilge:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Duine Teagmhála Ainmnithe:** | **Seosamh Ó Coinne** | socoinne@forasnagaeilge.ie | 01 6398400 |
| **Leas-Duine Teagmhála Ainmnithe:** | **Nuala Ní Scolláin** | nniscollain@forasnagaeilge.ie | 04890 890970 |

## Cód Iompair do Leanaí agus Daoine Óga

Tá an Foras Teanga go hiomlán tiomanta do leas leanaí agus daoine óga a chumhdach agus a chur chun cinn. Creideann an Foras Teanga go bhfuil sé tábhachtach go léireoidh baill foirne/saorálaithe agus tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí a bhaineann leis an bhForas Teanga meas agus tuiscint ar shábháilteacht agus leas daoine eile i gcónaí. Mar sin, moltar do leanaí agus daoine óga a bheith oscailte agus aon ábhair imní nó gearáin a fhéadfaidh a bheith acu faoi aon ghné den Fhoras Teanga a chomhroinnt le baill foirne/saorálaithe nó leis an Duine Teagmhála Ainmnithe.

Ba chóir eispéireas dearfach a bheith ag leanaí agus daoine óga a fhreastalaíonn ar ghníomhaíochtaí a eagraíonn an Foras Teanga, mar ar féidir leo rudaí nua a fhoghlaim i dtimpeallacht shábháilte dhearfach.

Mar leanbh nó duine óg a bhaineann leis an bhForas Teanga táthar ag tnúth leis uait go gcloífidh tú leis an gcód iompair seo a leanas.

Táthar ag tnúth leis ó leanaí agus daoine óga:

- a bheith dílis agus an dara seans a thabhairt dá gcairde;
- a bheith cairdiúil agus fáilte ar leith a chur roimh bhaill nua;
- tacaíocht agus tiomantas a léiriú do leanaí agus daoine óga eile agus sólás a thabhairt nuair is gá;
- gan baint a bheith acu le piarbhrú míchuí agus gan daoine eile a bhrú chun rud éigin nach mian leo a dhéanamh;
- fanacht laistigh de shainteorainn an limistéir atá leagtha amach le haghaidh gníomhaíochta;
- iad féin a iompar go maith agus éisteacht le gach treoir ó na baill foirne/saorálaithe atá i gceannas ar an ngníomhaíocht. Cloígh leis na rialacha agus bíodh meas agat ar na baill foirne/saorálaithe agus a gcinntí;
- aire a thabhairt do gach trealamh ar le daoine eile é, lena n-áirítear an Foras Teanga;
- caithfidh gach leanbh agus duine óg meas a léiriú ar chearta, dínit agus luach gach rannpháirtí is cuma faoi aois, inscne, cumas, cine, cúlra cultúrtha nó creideamh reiligiúnach, nó féiniúlacht ghnéasach;
- gan drochtheanga nó tagairtí ciníocha/seicteacha a úsáid;
- gan bulaíocht a dhéanamh ar leanaí nó daoine óga eile, duine le duine nó ar líne, e.g. meáin shóisialta, aipeanna teachtaireachtaí nó téacsáil a úsáid;
- gan a bheith ag súgradh ar bhealach garbh agus contúirteach;
- cloí le hamanna comhaontaithe le haghaidh gníomhaíochtaí agus a chur in iúl do bhaill foirne/saorálaithe má tá siad ag dul a bheith mall;
- éadaigh oiriúnacha a chaitheamh don ghníomhaíocht mar a chomhaontaítear le baill foirne/saorálaithe;
- aon táillí le haghaidh gníomhaíochtaí a íoc go tráthúil más gá;
- meas a léiriú ar dhaoine eile;
- iad féin a choinneáil sábháilte;
- iompar míchuí nó cúinsí atá contúirteach do dhaoine eile a thuairisciú;
- bheith cóir agus iontaofa;
- meas a léiriú ar gach ball foirne/saorálaí;
- dúshlán a thabhairt faoi bhulaíocht ar do chomhaoisigh agus sin a thuairisciú;
- meas a léiriú ar dhaoine ó eagraíochtaí eile;
- gan séitéireacht a dhéanamh nó a bheith foréigneach/ionsaitheach;
- cuidiú le SPRAOI a chothú i d’eagraíocht;

Ní ceadmhach do leanaí agus daoine óga tobac nó alcól nó drugaí de chineál ar bith a chaitheamh ar áitreabh an Fhorais Teanga nó ar áitreabh a fhaigheann an Foras Teanga ar cíos, agus iad ag freastal ar ócáidí atá eagraithe ag an bhForas Teanga nó le linn dóibh a bheith ag déanamh ionadaíochta ar son an Fhorais Teanga.

Tá ceart ag leanaí agus daoine óga:

- a bheith sábháilte agus sona sa ghníomhaíocht atá roghnaithe acu;
- go n-éistfear leo;
- go léireofar meas orthu agus go gcaithfear go cothrom leo;
- príobháideachas;
- sult a bhaint as a ngníomhaíocht i dtimpeallacht chaomhnach;
- go n-atreorófar iad le haghaidh cabhair ghairmiúil más gá;
- go gcosnófar iad ó mhí-úsáid ag baill eile nó ag daoine seachtracha;
- páirt a ghlacadh ar bhonn cothrom, atá cuí dá gcumas;
- eispéireas a bheith acu ar an iomaíocht agus fonn a bheith orthu bua a fháil;
- go gcreidfear iad;
- cabhair a lorg.

Pléifidh baill foirne/saorálaithe le haon oilghníomh agus mí-iompar ginearálta tuairisceofar sin don Duine Teagmhála Ainmnithe. Is é a bheidh de thoradh ar mhí-iompar leanúnach go gcuirfear amach ó ghníomhaíochtaí an Fhorais Teanga iad. Cuirfear in iúl do thuismitheoirí/caomhnóirí ag gach céim. Má chuirtear duine amach is féidir sin a achomharc, agus déanfaidh an eagraíocht na cinntí deireanacha.

Is iad Daoine Teagmhála Ainmnithe Fhoras na Gaeilge:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Duine Teagmhála Ainmnithe:** | **Seosamh Ó Coinne** | socoinne@forasnagaeilge.ie | 01 6398400 |
| **Leas-Duine Teagmhála Ainmnithe:** | **Nuala Ní Scolláin** | nniscollain@forasnagaeilge.ie | 04890 890970 |

## Cód Iompair do Thuismitheoirí/Cúramóirí/Caomhnóirí

Tá an Foras Teanga go hiomlán tiomanta do leas leanaí, daoine óga agus úsáideoirí seirbhíse aosaigh, ball foirne/saorálaithe, agus tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí a chumhdach agus a chur chun cinn. Creideann an Foras Teanga go bhfuil sé tábhachtach go léireoidh baill foirne/saorálaithe agus tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí a bhaineann leis an bhForas Teanga meas agus tuiscint ar shábháilteacht agus leas daoine eile.

Moltar do thuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí a bheith oscailte agus aon ábhair imní nó gearáin a fhéadfaidh a bheith acu faoi aon ghné den Fhoras Teanga a chomhroinnt leis an Duine Teagmhála Ainmnithe.

Ba chóir eispéireas dearfach a bheith ag leanaí, daoine óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh a fhreastalaíonn ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an bhForas Teanga, mar ar féidir leo rudaí nua a fhoghlaim i dtimpeallacht shábháilte dhearfach. Mar thuismitheoir/caomhnóir ag duine óg agus/nó úsáideoir seirbhíse aosaigh a fhreastalaíonn ar imeachtaí eagraithe ag an bhForas Teanga táthar ag dréim leis uait go gcloífidh tú leis an gCód Iompair seo a leanas.

Táthar ag tnúth leis ó thuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí:

- a leanaí, daoine óga agus/nó úsáideoir seirbhíse aosaigh a spreagadh go dearfach agus spéis a léiriú sa ghníomhaíocht atá roghnaithe acu. Tacú le rannpháirtíocht do leanaí, daoine óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh agus cuidiú leo sult a bhaint as a ngníomhaíocht;
- gan brú a chur ar a leanaí, daoine óga, agus úsáideoirí seirbhíse aosaigh, nó a thathant orthu, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí nach mian leo;
- an Fhoirm Thoilithe agus Shláinte a bhaineann le rannpháirtíocht a leanaí, daoine óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh i ngníomhaíochtaí a eagraíonn an Foras Teanga;
- na leanaí, daoine óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh a fhágáil ag gníomhaíochtaí agus a thógáil uathu go poncúil;
- a chur in iúl don fhoireann má tá duine éigin eile lena leanaí, daoine óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh a thógáil nó má tá siad le taisteal abhaile go neamhspleách;
- a chinntiú go bhfuil éadaigh oiriúnacha dhóthanacha ar a leanaí, daoine óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh do na coinníollacha aimsire atá ann;
- sonraí aon ábhar imní sláinte a bhaineann leis na leanaí, daoine óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh ar an bhfoirm thoilithe. Is cóir aon athrú i riocht na leanaí, daoine óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh a thuairisciú do bhaill foirne/saorálaithe roimh imeachtaí;
- a chur in iúl do bhaill foirne/saorálaithe roimh imeacht ó ghníomhaíocht má tá leanaí, daoine óga, nó úsáideoir seirbhíse aosaigh le tógáil go luath ó ghníomhaíocht;
- a leanaí, daoine óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh a spreagadh cloí leis na rialacha agus a mhúineadh dóibh nach féidir leo ach a ndícheall a dhéanamh;
- dea-shampla a thabhairt trí imirt chothrom a aithint agus éachtaí an uile dhuine a mholadh;
- iad féin a iompar go freagrach; ná tarraing náire ar do leanaí, daoine óga, nó úsáideoir seirbhíse aosaigh;
- teanga cheart chuí a úsáid;
- leanaí, daoine óga, agus úsáideoirí seirbhíse aosaigh a spreagadh chun glacadh le freagracht as a n-iompar féin;
- buíochas agus tacaíocht a léiriú do bhaill foirne/saorálaithe;
- a chinntiú go bhfuil leanaí, daoine óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh poncúil;
- a bheith réadúil agus tacúil;
- éadaigh chearta agus trealamh ceart a chur ar fáil dá leanaí, daoine óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh do ghníomhaíochtaí;
- a chinntiú go bhfuil riar déanta ar riachtanais sláinteachas agus chothaithe a leanaí, daoine

óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh;

- aitheantas a thabhairt do thábhacht agus ról bhaill foirne/saorálaithe an Fhorais Teanga, a thugann a gcuid ama le rannpháirtíocht leanaí, daoine óga, agus úsáideoirí seirbhíse aosaigh sna gníomhaíochtaí a chinntiú.

Tá ceart ag Tuismitheoirí/Caomhnóirí/Cúramóirí ar:

- a chinntiú go bhfuil a leanaí, daoine óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh sábháilte;
- a bheith curtha ar an eolas faoi fhadhbanna nó ábhair imní a bhaineann lena leanaí, daoine óga, agus úsáideoirí seirbhíse aosaigh;
- a bheith curtha ar an eolas má ghortaítear a leanaí, daoine óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh;
- go lorgófar a dtoiliú le haghaidh rudaí mar thurais, grianghrafadóireacht, meáin, etc;
- cur le cinnteoireacht laistigh den Fhoras Teanga;
- gearán a dhéanamh má tá ábhair imní acu.

Pléifidh an Foras Teanga le haon oilghníomh agus sárú ar an gcód iompair seo láithreach. Má leanann tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir ar aghaidh ag sárú an chóid iompair féadfaidh an Foras Teanga iarraidh ar na leanaí, daoine óga, agus/nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh imeacht ón ngníomhaíocht atá eagraithe ag an bhForas Teanga.

Is iad Daoine Teagmhála Ainmnithe Fhoras na Gaeilge:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Duine Teagmhála Ainmnithe:** | **Seosamh Ó Coinne** | socoinne@forasnagaeilge.ie | 01 6398400 |
| **Leas-Duine Teagmhála Ainmnithe:** | **Nuala Ní Scolláin** | nniscollain@forasnagaeilge.ie | 04890 890970 |

# Cód Iompair d'Úsáideoirí Seirbhíse Aosaigh

Tá an Foras Teanga tiomanta timpeallacht shábháilte, ionchuimsitheach agus dhearfach a chruthú agus a choinneáil.

Táimid tiomanta seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil a chuireann chun cinn dea-chleachtas agus chosnaíonn leanaí, daoine óga agus aosaigh ó dhochar.

Aithnímid an tábhacht a bhaineann lenár n-úsáideoirí seirbhíse aosaigh a dhéanamh páirteach i mbaint amach na n-aidhmeanna seo. Moltar duit aon ábhair imní nó gearáin atá agat faoi aon ghné den Fhoras Teanga a chomhroinnt le baill foirne/saorálaithe nó leis an Duine Teagmhála Ainmnithe.

Braithimid go bhfuil sé tábhachtach na caighdeáin shoiléire iompraíochta a bhfuilimid ag tnúth leo ónár n-úsáideoirí seirbhíse aosaigh a leagan amach: nuair atá tú páirteach inár gcuid gníomhaíochtaí nó ag freastal ar ócáidí eagraithe ag an bhForas Teanga táthar ag tnúth leis uait:

- caitheamh le gach duine go cothrom;
- meas a léiriú ar chearta, dínit agus luach gach rannpháirtí is cuma faoi aois, inscne, cumas, cine, cúlra cultúrtha nó creideamh reiligiúnach, nó féiniúlacht ghnéasach;
- aon ábhair imní nó eachtraí maidir le cumhdach a thuairisciú láithreach don Duine Teagmhála Ainmnithe;
- meas a léiriú ar thuairimí daoine eile, go háirithe leanaí agus daoine óga, agus éisteacht leis na tuairimí sin;
- éisteacht le gach treoir ó na baill foirne/saorálaithe atá i gceannas ar an ngníomhaíocht. Cloígh leis na rialacha agus bíodh meas agat ar na baill foirne/saorálaithe agus a gcinntí;
- bheith ina n-eiseamláir (smacht acu orthu féin/tiomanta/coinneáil ama);
- gan barraíocht ama a chaitheamh i d'aonar le leanaí nó daoine óga ar bhuail tú leo tríd an bhForas Teanga.

Nuair atá tú páirteach inár ngníomhaíochtaí nó ag freastal ar ár ngníomhaíochtaí, ní ceadmhach duit:

- tobac nó alcól a chaitheamh i láthair leanaí nó daoine óga;
- drugaí mídhleathacha a chaitheamh;
- teanga mhí-chuí a úsáid;
- súgradh garbh, bulaíocht nó iompar míchuí a cheadú, a spreagadh nó bheith páirteach ann;
- a bheith páirteach in aon ghníomh mí-úsáide nó dochar ar leanaí, daoine óga, nó aosaigh eile.

Pléifidh baill foirne/saorálaithe le haon oilghníomh agus mí-iompar ginearálta tuairisceofar sin don Duine Teagmhála Ainmnithe. Is é a bheidh de thoradh ar mhí-iompar leanúnach go gcuirfear amach ó ghníomhaíochtaí an Fhorais Teanga iad. Má chuirtear duine amach is féidir sin a achomharc, agus déanfaidh an eagraíocht na cinntí deireanacha.

Is iad Daoine Teagmhála Ainmnithe Fhoras na Gaeilge:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Duine Teagmhála Ainmnithe:** | **Seosamh Ó Coinne** | socoinne@forasnagaeilge.ie | 01 6398400 |
| **Leas-Duine Teagmhála Ainmnithe:** | **Nuala Ní Scolláin** | nniscollain@forasnagaeilge.ie | 04890 890970 |

# TREOIRLÍNTE MAIDIR LE CUMHDACH

## Treoirlínte Frithbhulaíochta

Ní ghlacfar nó ní bheifear i bhfách le bulaíocht laistigh den Fhoras Teanga. Tabharfar aghaidh ar gach cineál bulaíochta, bíodh siad ar siúl duine le duine nó trí theicneolaíochtaí digiteacha. Tá an fhreagracht ar gach uile dhuine a bheith ag obair le chéile leis an mbulaíocht a stad – baill foirne, leanaí, daoine óga, úsáideoirí seirbhíse aosaigh, tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí.

Is féidir a leanas a áireamh mar bhulaíocht:

- brú fisiciúil, ciceáil, bualadh, liomóg, etc;
- glaoch ainmneacha, tarcaisne, spréadh ráflaí, cleithmhagadh leanúnach;
- ciapadh mothúchánach trí mhagadh, uirísliú agus neamhaird leanúnach ar dhaoine;
- achasáin, graifítí nó gothaí atá seicteach/ciníoch;
- goid ó dhaoine eile;
- ráitis agus/nó moltaí a bhaineann le gnéas;
- teagmháil fhisiciúil gan iarraidh.

Is féidir bulaíocht a bheith déanta ar dhuine ar bith ach is féidir le daoine ó mhionlaigh eitneacha agus chreidimh, daoine a bhfuil míchumais acu, agus daoine ón bpobal LADGC+ a bheith faoi níos mó riosca bulaíochta agus féadfar go ndíreofar orthu go sonrach agus go mbeidh tacaíocht bhreise ag teastáil uathu.

Is féidir fóraim chuí a bhunú laistigh den eagraíocht, má mheastar sin a bheith cuí, le tabhairt faoin mbulaíocht, monatóireacht a dhéanamh uirthi agus í a stad. Sna fóraim beidh, de réir mar is cuí, leanaí, daoine óga, úsáideoirí seirbhíse aosaigh, tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí agus baill foirne/saorálaithe ón bhForas Teanga.

Tá an Foras Teanga soiléir maidir lenár dtiomantas an bhulaíocht a aithint go luath agus gníomh pras le déileáil léi. Spreagtar baill foirne/saorálaithe, leanaí, daoine óga, agus úsáideoirí seirbhíse aosaigh ról a ghlacadh stad a chur leis an mbulaíocht.

Déanfaidh an Foras Teanga athbhreithniú ar gach polasaí agus cleachtas maidir le frithbhulaíocht go rialta i bhfianaise riachtanais athraitheacha agus athruithe a ghlacann gníomhaireachtaí eile.

Agus sinn ag díriú ar an mbulaíocht a chosc agus chun go mbeifear in ann í a aithint go luath, déanfaidh an Foras Teanga:

- meas a léiriú don ghá atá ag gach duine, le timpeallacht mar a bhfuil sábháilteacht, slándáil, moladh, aitheantas agus deiseanna freagracht a ghlacadh ar fáil, agus a gcearta ar seo.
- meas a léiriú ar mhothúcháin agus tuairimí gach aon duine;
- a aithint go bhfuil gach duine tábhachtach agus go ndéanann ár ndifríochtaí gach duine againn speisialta;
- buíochas do dhaoine eile a chur in iúl trí aitheantas a thabhairt dá dtréithe, don méid a thugann siad agus dá ndul chun cinn;
- sábháilteacht a chinntiú trí rialacha agus cleachtais a bheith mínithe go maith agus le feiceáil do chách.

Tá feidhm thacaíochta ag an bhForas Teanga do leanaí, daoine óga agus d'úsáideoirí seirbhíse aosaigh, ar a n-áireofar:

- Ba chóir a fhios a bheith ag leanaí, daoine óga agus úsáideoirí seirbhíse aosaigh cé a éistfidh agus a thacóidh leo.
- Ba chóir gur ball foirne ag a bhfuil taithí nó an Duine Teagmhála Ainmnithe a thugann comhairle agus cabhair.
- Ba chóir rochtain a bheith ag leanaí, daoine óga agus/nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh ar uimhreacha líne chabhrach.
- Is cóir a insint do leanaí, daoine óga agus/nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh céard atá á thaifeadadh, cén comhthéacs agus cén fáth.
- Is cóir córais a bhunú chun an doras a oscailt do leanaí, daoine óga agus/nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh ar mian leo labhairt faoin mbulaíocht nó aon saincheist eile a bhaineann dóibh. Caithfear baic ar labhairt a bhriseadh síos lena chur ar a gcumas do leanaí, daoine óga agus/nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh dul chun cainte le baill foirne/saorálaithe.
- Éistfear go cúramach le haon duine a thuairiscíonn eachtra bulaíochta agus tabharfar tacaíocht dóibh, is cuma má é an duine faoi riosca ar a bhfuiltear ag déanamh bulaíochta nó más é an duine atá ag déanamh na bulaíochta;
- Fiosrófar aon eachtra bulaíochta tuairiscithe go hoibiachtúil agus mar chuid de éistfear go cúramach le gach aon duine a bhfuil baint acu leis;
- Tabharfar tacaíocht agus cabhair d'aon duine a bhfuiltear ag déanamh bulaíochta orthu a gceart a sheasamh maireachtáil i dtimpeallacht shábháilte inar féidir leo forbairt go folláin;
- Tabharfar tacaíocht agus spreagadh dóibh siúd a dhéanann bulaíocht chun bulaíocht a stad;
- Is cóir pionóis lena mbaineann tréimhsí fada aonraithe, nó a uiríslíonn daoine agus a chuireann cuma amaideach nó a mothaíonn siad aisteach dá mbarr, a sheachaint.

Maidir le tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí, cinnteoidh an Foras Teanga;

- Go gcuirtear in iúl do thuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí treoir an Fhorais Teanga maidir le bulaíocht;
- pléifear aon eachtra bulaíochta le tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí an duine ar a bhfuiltear ag déanamh bulaíochta agus an bulaí líomhnaithe;
- Lorgófar comhairle tuismitheora/cúramóra maidir le gníomhaíocht agus déanfar comhaontuithe maidir le cad iad na gníomhaíochtaí is cóir a dhéanamh;
- Tabharfar eolas agus comhairle ar dhéileáil le bulaíocht;
- Is cóir tacaíocht a thairiscint do na tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí lena n-áirítear eolas ar ghníomhaireachtaí eile nó línte tacaíochta.

## Treoirlínte maidir le teagmháil fhisiciúil/cúram pearsanta colainne

Chun leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta a choinneáil sábháilte laistigh den Fhoras Teanga is cóir do bhaill foirne/saorálaithe a chinntiú:

- go bhfuil aon teagmháil fhisiciúil cuí, chomh beag agus gairid agus is féidir agus ag teastáil le haghaidh an tasc riachtanach;
- gur chóir leanaí, daoine óga agus/nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh a spreagadh an oiread a dhéanamh dóibh féin agus is féidir;
- gur chóir míniú a thabhairt ar an ngá le teagmháil fhisiciúil agus gur chóir toiliú a lorg ón leanbh/duine óg/úsáideoir seirbhíse aosaigh;
- Má bhaineann cúram colainne pearsanta leis an ról is baill foirne/saorálaithe oilte a dhéanfaidh é go tuisceanach agus le meas ar dhínit agus ar phríobháideachas an duine;
- má tá imní ann faoi aon rud le linn cúram colainne pearsanta caithfidh baill foirne/saorálaithe é a thuairisciú dá mBainisteoir Líne nó don Oifigeach Ainmnithe um Chumhdach ag an deis is luaithe.

## Treoirlínte maidir le hIdirghabháil Fhisiciúil

Tá an Foras Teanga den tuairim nár chóir do bhaill foirne/saorálaithe idirghabháil go fisiciúil mura bhfuil an oiliúint shonrach faighte acu lena dhéanamh, agus ansin gach í a dhéanamh ach i gcúinsí ina bhfuil sí go huile agus go hiomlán riachtanach. Ba chóir do bhaill foirne agus do shaorálaithe:

- Iarracht a dhéanamh an teannas a bhaint as an ócáid, ag seachaint, mar sin, an ghá le haon chineál idirghabhála fisicúla;
- Gan idirghabháil fhisiciúil úsáid ach nuair atá sí go huile agus go hiomlán riachtanach chun daoine a chosaint ó dhochar;
- A chinntiú go bhfuil aon idirghabháil a úsáidtear comhréireach leis an riosca dochair;
- gan ach cineálacha idirghabhála fisiciúla dá bhfuil oiliúint faighte agus a leanann an cleachtas is fearr reatha a úsáid;
- taifead agus tuairisciú a dhéanamh ar aon idirghabháil fhisiciúil;
- aon chúinsí ónar lean an gá le hidirghabháil a athbhreithniú d'fhonn an gá le hidirghabháil a sheachaint amach anseo.

## Éagsúlacht agus riachtanais bhreise

Tá polasaí cuimsitheachta agus cothroime i bhfeidhm ag an bhForas Teanga. Caithfidh baill foirne agus saorálaithe bheith tuisceanach d'aon éagsúlacht agus d'aon riachtanais bhreise.

Ba chóir do bhaill foirne agus do shaorálaithe:

- a bheith oscailte don éagsúlacht agus a bheith eolach uirthi, lena n-áirítear éagsúlacht i gcreidiúintí agus i gcleachtais leanaí, daoine óga, úsáideoirí seirbhíse aosaigh agus a dteaghlach;
- a fhiafraí conas is féidir tacaíocht a thabhairt do riachtanais chultúrtha leanaí, daoine óga, agus úsáideoirí seirbhíse aosaigh;
- leanaí, daoine óga, agus úsáideoirí seirbhíse aosaigh a spreagadh meas agus tuiscint a léiriú ar riachtanais daoine eile;
- a bheith eolach ar na deacrachtaí atá ann mar gheall ar bhaic theanga agus ar dheacrachtaí cumarsáide eile;
- gan leatrom a imirt ar leanaí, daoine óga, úsáideoirí seirbhíse aosaigh, agus ar a dteaghlaigh a bhfuil cúlraí cultúrtha éagsúla agus creidiúintí dá gcuid féin acu;
- a bheith eolach gur féidir le daoine ó mhionlaigh eitneacha agus chreidimh, daoine a bhfuil míchumais acu, agus daoine ón bpobal LADGC+ a bheith faoi níos mó riosca bulaíochta agus féadfar go ndíreofar orthu go sonrach agus go mbeidh tacaíocht bhreise ag teastáil uathu;
- meas a léiriú ar an bpobal LADGC+ i do ghníomhartha agus do chaint. Ná húsáid teanga homafóbach nó trasfhóbach. Léirigh meas ar aitheantas inscne daoine agus úsáid na forainmneacha a iarrann siad;
- éisteacht go hoscailte agus iarracht a dhéanamh a thuiscint má tharraingíonn leanaí, daoine óga, agus úsáideoirí seirbhíse aosaigh ceist maidir lena n-iompar i leith na héagsúlachta seachas gníomhú go cosantach;
- aon ghníomhartha leithcheala mar a mhínítear i bpolasaí na gníomhaireachta ábhartha maidir le comhdheiseanna a thuairisciú.

## Airgead a Láimhseáil

Mar chuid den ról leis an bhForas Teanga ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe:

- gan airgead a ghlacadh ar iasacht riamh ó leanaí, daoine óga agus/nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh.
- gan airgead a láimhseáil ar le daoine a chasann orthu trína gcuid oibre leis an bhForas Teanga é, go háirithe leanaí, daoine óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh. Murar féidir seo a sheachaint, is cóir taifead scríofa a choinneáil ar cathain, cé mhéad agus cén fáth ar láimhseáil baill foirne/saorálaithe airgead ar le leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta.
- aon amhras maidir le mí-úsáid airgeadais nó láimhseáil mhíchuí airgid a thuairisciú.

## Treoirlínte maidir le Grianghrafadóireacht/Scannánaíocht

Bhí ábhair imní ann faoi na rioscaí atá ann go díreach nó go hindíreach do leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta ó ghrianghraif a úsáid ar shuíomhanna idirlín agus i bhfoilseacháin eile. Is féidir grianghraif a úsáid chun leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta a shainaithint nuair atá faisnéis phearsanta i dteannta leis an ngrianghraf – seo X a chónaíonn in y, ball den chlub z, a bhfuil dúil acu i ngrúpa ceoil áirithe. Is féidir le faisnéis mar sin duine a chur faoi riosca ó dhuine ar mhian leo mealltóireacht a dhéanamh ar an leanbh, duine óg agus/nó aosach soghonta sin. Chomh maith le sin, is féidir inneachar an ghrianghraif a oiriúnú lena úsáid go míchuí.

Aithníonn an Foras Teanga an gá le polasaí a fhorbairt maidir le húsáid íomhánna leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta ar ár suíomh idirlín agus i bhfoilseacháin eile. Tá machnamh déanta againn ar an gcineál íomhánna atá oiriúnach agus a léiríonn ár gcuid oibre go cuí gan leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta a chur faoi riosca níos mó dochair. Cinnteoimid go gcuirtear tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí ar an eolas faoi bpolasaí seo. Nuair atáthar ag meas na rioscaí féideartha a bhaineann le híomhánna d'obair an Fhorais Teanga a úsáid, is é an toisc is tábhachtaí úsáid mhíchuí fhéideartha íomhánna leanaí, daoine óga agus/nó aosach soghonta.

Trí fheasacht a mhéadú ar na rioscaí féideartha agus bearta cuí a dhéanamh is féidir féidearthacht na mí-úsáide íomhánna a laghdú.

Déanfaidh an Foras Teanga:

- machnamh ar mhainicíní nó léaráidí a úsáid más ag cur gníomhaíochta chun cinn atáimid
- gan chéad ainm agus sloinne daoine a úsáid i ngrianghraf. Laghdaíonn sé seo an riosca aird mhíchuí gan iarraidh a fháil ó dhaoine laistigh agus lasmuigh den Fhoras Teanga.

Is cóir an treoir seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- Má úsáidtear ainm an linbh, an duine óig agus/nó an aosaigh shoghonta, ná húsáid a ngrianghraf.
- Má úsáidtear grianghraf, ná hainmnigh an leanbh, duine óg agus/nó aosach soghonta.
- Iarr cead an linbh, duine óig, úsáideoir seirbhíse aosaigh nó tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóir (de réir mar is cuí) lena n-íomhá a úsáid. Cinntíonn sé seo go bhfuil siad ar an eolas maidir leis an gcaoi a bhfuil na híomhánna le húsáid leis an bhForas Teanga a léiriú. Bealach amháin le seo a bhaint amach is ea foirm ceadaithe an linbh, an duine óig agus/nó an aosaigh.
- Ná húsáid ach íomhánna de leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta atá gléasta go cuí chun an riosca a bhaineann le húsáid mhíchuí a laghdú. Maidir leis an inneachar féin tá sé deacair a shonrú céard go díreach atá cuí nuair a chuimhnítear ar an éagsúlacht mhór gníomhaíochtaí. Ach is léir go bhfuil gníomhaíochtaí áirithe (i.e. snámh, gleacaíocht agus ócáidí faoin aer) nuair atá an riosca mí-úsáide féideartha i bhfad níos mó ná mar a bhaineann le hócáidí eile. Leis na gníomhaíochtaí seo is cóir d'inneachar an ghrianghraif díriú ar an ngníomhaíocht agus ní ar leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta faoi leith, agus is cóir íomhánna den aghaidh iomlán agus den chorp a sheachaint. Mar shampla, bheadh leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta i linn snámha cuí nó, más ar thaobh na linne atá siad, ón gcoim nó ón ngualainn suas.
- is cóir a thuairisciú don Duine Teagmhála Ainmnithe má úsáidtear íomhánna míchuí, agus leanfaidh siad ár nósanna imeachta um chumhdach agus féadfaidh siad atreorú go

gníomhaireachtaí reachtúla.

Tá an Foras Teanga tar éis:

- a shocrú céard iad an cineál íomhánna a léiríonn go cuí obair an Fhorais Teanga don ghréasán agus do mheáin eile
- smaoineamh faoin méid machnaimh a dhéanaimid ar úsáid íomhánna leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta i bhfoilseacháin eile, mar shampla, na próisis a bhaineann le híomhánna cuí a roghnú in aon nuachtlitreacha nó irisí.
- níos mó machnaimh a dhéanamh i gcás íomhánna de leanaí, daoine óga agus/nó aosach soghonta a úsáidtear ar an suíomh gréasáin.

### *Grianghrafadóireacht/scannánaíocht ag ócáidí*

Le rioscaí maidir le cumhdach mar gheall ar ghrianghrafadóireachta/scannánaíocht le linn ár n-ócáidí agus gníomhaireachtaí, déanfaidh an Bord Teanga:

- treoir achomair shoiléir a thabhairt do ghrianghrafadóirí maidir lena mheastar a bheith cuí maidir le hinneachar agus iompraíocht;
- a iarraidh go gcaithfidh an grianghrafadóir oifigiúil aitheantas i gcónaí;
- a chur in iúl do leanaí, daoine óga, úsáideoirí seirbhíse aosaigh agus do thuismitheoirí/caomhnóirí go mbeidh grianghrafadóir i láthair ag ócáid agus a chinntiú go gceadaíonn siad le físeáin nó grianghraif a ghlacadh nó a fhoilsiú
- gan rochtain gan mhaoirseacht a cheadú ar leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta, ná seisiúin ghrianghrafadóireachta ina bhfuil duine amháin le duine amháin ag ócáidí;
- gan toiliú do sheisiúin ghrianghrafadóireachta nó iad a cheadú taobh amuigh de na hócáidí nó ag baile leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta;
- a chinntiú más rún do thuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí grianghraf nó físeán a dhéanamh ag ócáid gur chóir iadsan a chur ar an eolas chomh maith faoina bhfuilimid ag tnúth leis;
- foláireamh a thabhairt do thuismitheoirí agus lucht féachana gur féidir iarmhairtí diúltacha a bheith le híomhánna a chomhroinnt a bhaineann le heolas faoina leanaí/daoine óga nó faoi leanaí daoine eile ar mheáin shóisialta (Facebook, Twitter) – agus ba chóir a bheith cúramach faoi chlibeáil;
- a chur in iúl do leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta agus do thuismitheoirí/caomhnóirí má tá ábhair imní acu gur chóir dóibh iad seo a thuairisciú do bhaill foirne/saorálaithe;
- aon duine a bhfuil ábhair imní acu maidir le grianghrafadóireacht atá míchuí nó a chuireann isteach a spreagadh iad seo a thuairisciú do bhainisteoir na hócáide agus taifeadtar iad seo an chaoi chéanna le haon ábhar imní eile maidir le cumhdach.

## Íomhánna/Teachtaireachtaí Gáirsiúla

***D'fhéadfadh gach cás lena mbaineann cruthú, dáileadh nó seilbh íomhánna gáirsiúla leanaí nó daoine óga a bheith coiriúil agus ba chóir iad a thuairisciú don Gharda Síochána.***

Má fhaigheann baill foirne/saorálaithe íomhá gháirsiúil de leanbh/duine óg caithfidh siad seo a thuairisciú láithreach don Duine Teagmhála Ainmnithe, a dhéanfaidh teagmháil leis na Gardaí.

***<u>Ná scrios an íomhá</u>*** *ach níor chuir duit i gcúinse ar bith an íomhá a shábháil nó í a chur chuig duine eile (fiú an Duine Teagmhála Ainmnithe) agus ná taispeáin d'aon duine eile í nó féadfaidh coir a bheith á déanamh agat. Tabharfaidh na Gardaí cad é atá le déanamh leis an íomhá tar éis dóibh í a athbhreithniú.*

Má fhaigheann baill foirne/saorálaithe íomhá nó teachtaireacht gháirsiúil ó aosach shoghonta a casadh orthu trína gcuid oibre ag an bhForas Teanga, ba chóir dóibh seo a thuairisciú don Duine Teagmhála Ainmnithe. Ná sábháil aon íomhánna nó d'fhéadfadh coir a bheith á déanamh agat.

Má fhaigheann baill foirne/saorálaithe íomhá gháirsiúil ó leanbh/duine óg caithfidh siad seo a thuairisciú láithreach don Duine Teagmhála Ainmnithe.

I ngach cás, ba chóir duit rúndacht a choinneáil agus gan ach an Duine Teagmhála Ainmnithe nó daoine bainteacha a chur ar an eolas.

## Treoracha maidir le Meáin Shóisialta, Téacs, agus Ríomhphost

Aithníonn an Foras Teanga gur uirlis thábhachtach iad meáin shóisialta, teachtaireachtaí téacs agus ríomhphoist le cumarsáid a dhéanamh lenár n-úsáideoirí seirbhíse, go háirithe aosaigh óga.

Cuireann úsáid na meán sóisialta, teachtaireachtaí téacs, nó ríomhphoist le cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí seirbhíse le leochaileacht an úsáideora seirbhíse agus na mball foirne/saorálaithe araon.

Níor chóir d'eagraíocht cinneadh a dhéanamh meáin shóisialta, teachtaireachtaí téacs nó ríomhphost a úsáid gan plé inmheánach agus comhaontú i scríbhinn. Cinnteoidh sé sin gur féidir a bhfuil an eagraíocht ag tnúth leis agus riachtanais na heagraíochta maidir le cumhdach a shoiléiriú.

Aithníonn an Foras Teanga go n-áirítear ar na rioscaí um chumhdach d'úsáideoirí seirbhíse:

- rochtain mhíchuí ar shonraí pearsanta, iad a úsáid nó iad a chomhroinnt (e.g. ainmneacha, uimhreacha fóin póca);
- teagmháil gan iarraidh le leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta ag daoine fásta a bhfuil drochrún acu;
- bulaíocht trí théacs nó tríd an idirlíon ag comhaoisigh;
- ábhair ghránna nó míchuí ar bhealach eile a bheith curtha chucu;
- bulaíocht ar líne ag comhaoisigh;
- mealltóireacht le haghaidh mí-úsáid ghnéasach;
- teagmháil dhíreach agus mí-úsáid féin.

Do bhaill foirne/saorálaithe áirítear ar rioscaí a bhaineann le cumhdach:

- míchiall a bhaint as a gcumarsáid le leanaí/daoine óga/aosaigh shoghonta;
- imscrúdú féideartha (inmheánach nó ag údaráis reachtúla);
- gníomh smachta féideartha.

### *Meáin Shóisialta*

Ní gá cead a thabhairt do bhaill foirne/saorálaithe meáin chumarsáide a úsáid ar chúiseanna pearsanta amháin ach bí eolach, le do thoil, go bhfuil tú i ról iontaoibhe, go bhféadfar go mbreathnófar ort mar ambasadóir don Fhoras Teanga agus go gcomhairlítear duit a bheith san airdeall.

Is dea-chleachtas é glacadh leis go bhfuil gach rud a scríobhann tú buan agus gur féidir le haon duine breathnú air am ar bith. Chomh maith leis sin, glac leis gur féidir gach rud a rianú ar ais chugat go pearsanta, chomh maith le do chomhghleacaithe nó an Foras Teanga.

Caithfear úsáid mhíchuí na meán sóisialta mar cibearbhulaíocht nó gnéastéacsáil a thuairisciú láithreach don Duine Teagmhála Ainmnithe. Má dhírítear eachtra mar seo ar an Duine Teagmhála Ainmnithe caithfidh siad sin a chur in iúl don Leas-Duine Teagmhála Ainmnithe láithreach.

Ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe a chinntiú nach bhfuil aon ní dá leanas ina n-inneachar nó i naisc go hinneachar eile:

- Ráitis chlúmillteacha, aithiseacha, bhulaíochta nó chiapthacha

- Sáruithe ar chóipcheart agus ar chosaint sonraí
- Ábhar de chineál mídhleathach
- Tagairtí gnéasacha gránna
- Teanga mhí-chuí

Moltar do bhaill foirne/saorálaithe a chinntiú go bhfuil socruithe imleora príobháideachais i bhfeidhm le rochtain a shrianadh ar ghrianghraif, faisnéis phearsanta, ráitis faoi dhaoine eile, cairde, agus leantóirí do na daoine cuí.

Ba chóir do bhaill foirne agus do shaorálaithe a bpríobháideachas a chosaint ar líne. Ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe smaoineamh go cúramach faoi cé a dtugann siad rochtain ar a bhfaisnéis phearsanta ar líne.

Ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe a chinntiú go bhfuil idirdhealú soiléir ann idir aon phróifílí pearsanta agus proifisiúnta.

*Teagmháil le Leanaí/Daoine Óga*

Níor chóir do bhaill foirne/saorálaithe leanaí nó daoine óga nó aosaigh shoghonta a chastar orthu trína gcuid oibre ag an bhForas Teanga a leanúint nó cairdeas a dhéanamh leo. Má fhaigheann siad iarratas ar chairdeas mar seo ó leanbh/duine óg/aosach faoi riosca níor chóir dóibh glacadh leis an iarratas agus ba chóir dóibh seo a thuairisciú don Duine Teagmhála Ainmnithe. I gcomhthéacs pearsanta, chomhairleodh an Foras Teanga do bhaill foirne/saorálaithe gan cairdeas a dhéanamh le leanaí nó daoine óga nó iad a leanúint ar mheáin shóisialta ach amháin má tá a dtuismitheoirí ar an eolas faoi agus má thoilíonn a dtuismitheoirí.

Má tá cuntas poiblí sna meáin shóisialta ag baill foirne/saorálaithe nach bhfuil smacht acu ar na leantóirí dó (i.e. twitter, Instagram) agus más eol dóibh go bhfuil leanbh/duine óg/aosach soghonta a chas orthu tríd an bhForas Teanga tar éis a gcuntas ar na meáin shóisialta a leanúint, ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe seo a thuairisciú don Duine Teagmhála Ainmnithe.

Níor chóir do bhaill foirne/saorálaithe:

- teachtaireachtaí príobháideacha ar na meáin shóisialta a úsáid le heolas oifigiúil faoi ghníomhaíochtaí an Fhorais Teanga a chur in iúl;
- glacadh le iarratais ar chairdeas nó leanúint taobh amuigh de théarmaí líonraí sóisialta (i.e. faoi 13 bliana d'aois do Facebook);
- tús a chur le comhrá i dteachtaireacht phríobháideach le leanbh nó duine óg nó aosach soghonta a chas orthu tríd an bhForas Teanga. Má fuair siad iarratas ar chairdeas mar seo ó leanbh/duine óg/aosach soghonta níor chóir dóibh freagairt don teachtaireacht agus ba chóir dóibh seo a thuairisciú don Duine Teagmhála Ainmnithe.

## *Teachtaireachtaí téacs agus ríomhphoist*

Leis an riosca um chumhdach a bhaineann le teachtaireachtaí téacs nó ríomhphoist a úsáid:

- is cóir d'eagraíochtaí bearta a dhéanamh chun a aithint cén áit a bhfuil nó cén uair atá téacsáil nó ríomhphost ag teastáil chun cumarsáid a dhéanamh le leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta agus nósanna imeachta ábhartha a fhorbairt chun fónamh ar riachtanais ar leith gach eagraíochta;
- níor chóir ríomhphost ó bhaill foirne/saorálaithe san eagraíocht a bheith curtha ar leithligh, ba chóir plé agus comhaontú/nósanna imeachta a bheith ann;
- caithfidh ríomhphost a chuirtear é a dhéanamh soiléir don leanbh/aosach soghonta a fhaigheann é cén eagraíocht a chuir an teachtaireacht, seachas go díreach an seoladh ríomhphoist foinseach nó

ainm duine a thabhairt;

- is cóir cóipeanna de gach teachtaireacht a chur chuig an Oifigeach Ainmnithe san eagraíocht, atá in ann a chinntiú go bhfuil gach teachtaireacht á húsáid go cuí;
- caithfear toiliú tuismitheora a fháil sula gcuirtear aon teachtaireacht téacs nó ríomhphoist chuig leanaí. Caithfear an rogha a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí a bheith cóipeáilte isteach in aon teachtaireachtaí a fhéadfar a chur chuig na húsáideoirí seirbhíse;
- caithfidh úsáideoirí seirbhíse aosaigh toiliú le téacs nó ríomhphoist a fháil. Mura bhfuil an cumas ag an aosach le toiliú ba chóir seo a fháil ó thuismitheoir/cúramóir. I gcásanna mar seo caithfear an rogha a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí a bheith cóipeáilte isteach in aon teachtaireachtaí a fhéadfar a chur chuig na húsáideoirí seirbhíse;
- ba chóir eolas a thabhairt d’úsáideoirí seirbhíse aosaigh, do thuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí agus do bhaill foirne/saorálaithe maidir le teachtaireachtaí téacs míchuí de réir pholasaí na heagraíochta um chumhdach;
- ba chóir gach uimhir fóin agus/nó seoladh ríomhphoist a stóráil i gcaibinéad slán faoi ghlas nó ar chóras leictreonach faoi chosaint pasfhocail nach bhfuil rochtain air ach ag na baill foirne/saorálaithe is gá chun téacs a chur chuig na húsáideoirí seirbhíse;
- ba chóir nach mbainfeadh inneachar teachtaireachtaí ach le gnó/gníomhaíocht na heagraíochta;
- níor chóir aon teanga ghránna, mhaslach nó mhíchuí a bheith sna teachtaireachtaí téacs riamh agus caithfear aire a thabhairt aon róchairdeas nó teanga arbh fhéidir an chiall chontráilte nó míthuiscint a bhaint as a sheachaint;
- níor chóir úsáideoirí seirbhíse a spreagadh téacsáil ar ais; b’fhearr é a úsáid mar mhodh cumarsáide aon bhealaigh;
- ba chóir úsáideoirí seirbhíse aosaigh a chur ar an eolas, má thograíonn siad nó más gá dóibh téacs a chur chuig ionadaithe na heagraíochta, gur chóir dóibh a chinntiú nach mbaineann ábhar teachtaireachtaí ach le nithe a bhaineann leis an ngnó/gníomhaíocht agus gur gá dóibh a dtuismitheoirí/caomhnóirí a chóipeáil isteach;
- ba chóir an deis a thabhairt do gach úsáideoir seirbhíse tarraingt siar ó thuilleadh teachtaireachtaí téacs a fháil;
- déanfar machnamh ar thús a chur le polasaithe um chumhdach agus nósanna imeachta smachta na heagraíochta má tharlaíonn aon sárú ar an treoirlíne seo, lena n-áirítear comhairliúchán le heagraíochtaí reachtúla nó atreorú chucu má thagann comharthaí chun solais ar ghníomhaíocht mhídhleathach (e.g. mealltóireacht le haghaidh mí-úsáide).

## Leanaí, daoine óga, nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh a iompar

Níor chóir do bhaill foirneálaithe, mar chuid dá ról, leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta a iompar leo féin ina gcarr.

Mura bhfuil aon rogha eile fágtha agus má chaithfidh duine fásta síob a thabhairt do leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta, tá roinnt beart sábháilteachta ann ba chóir a chur i bhfeidhm chun an riosca a laghdú;

- ba chóir don tiománaí dála gach ball foirne a bhfuil rochtain acu ar leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta, comhaontú a bheith déanta acu seiceáil ghrinnfhiosrúcháin na nGardaí a bheith déanta orthu. Ba chóir ceadúnas tiomána an tiománaí a bheith feicthe ag an bhForas Teanga chun a chinntiú nach bhfuil aon droimscríobh neamhréasúnta ann;
- ba chóir tuismitheoirí/cúramóirí a chur ar an eolas cé an duine a thabharfaidh síob do na leanaí, daoine óga agus/nó úsáideoir seirbhíse aosaigh, cad iad na cúiseanna, agus cá fhad a ghlacfaidh an turas;
- ba chóir go labhróidh duine nach an tiománaí beartaithe iad labhairt leis na leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta faoi na socruithe taistil agus chun a sheiceáil go bhfuil siad ar a suaimhneas faoi na pleananna;

- caithfidh an tiománaí (agus an Foras Teanga) a chinntiú go bhfuil árachas acu chun síob a thabhairt do dhaoine eile, go háirithe más post le tuarastal atá acu nó má tá siad ag éileamh costas;
- ba chóir go bhféachfadh an tiománaí le níos mó ná aon leanbh, duine óg agus/nó aosach soghonta amháin a bheith sa charr;
- ba chóir an duine a fhágann leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta abhaile a athrú ar a seal; laghdódh seo an riosca aon duine amháin a bheith leo féin i gcónaí leis na leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta
- ba chóir pointe teagmhála agus fón póca a bheith ag an tiománaí má bhriseann siad síos;
- cinntigh go bhfuil leanaí, daoine óga agus/nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh eolach ar a gcearta agus go bhfuil duine ann ar féidir leo labhairt leo nó aon ábhair imní a bheadh acu a thuairisciú dóibh. Má chruthaítear cultúr sábháilteachta laistigh den Fhoras Teanga is dóchúla go labhróidh na leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta le duine eile má bhraitheann siad míchompordach faoi chás;
- ba chóir do leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh criosanna sábhála a chaitheamh. Tá freagracht dhleathach ar an tiománaí a chinntiú go bhfuil leanbh faoi 14 ag caitheamh crios sábhála (i.e. is iad an duine fásta a mbeadh orthu aon fhíneáil a íoc) ach tá freagracht mhorálta orthu a chinntiú go bhfuil gach paisinéir ag caitheamh crios sábhála.

## Treoirlínte maidir le Turais Chónaithe

D'fhéadfadh sé go mbeadh ceardlanna cónaithe agus am ar shiúl ó bhaile mar chuid d'imeachtaí agus gníomhaíochtaí. Ach beidh leibhéal áirithe pleanála ag teastáil le haghaidh na dturas a shílfeá is simplí ar fad fiú. Tugtar breac-chuntas thíos ar an méid nach mór machnamh air nuair atáthar ag eagrú turais le leanaí, daoine óga agus/nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh:

*Cumarsáid*

- ba chóir **leanaí, daoine óga agus/nó úsáideoirí seirbhíse aosaigh** a bheith curtha ar an eolas faoi na pleananna taistil, ionad, am tógtha, am pillte, an méid is gá dóibh a thabhairt leo, agus aon chostais. Ba chóir tuiscint shoiléir a bheith acu ar cén caighdeán iompraíochta a bhfuiltear ag tnúth leis uathu.
- ba chóir **tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí** a chur ar an eolas faoin méid thuas agus caithfear foirm thoilithe a bheith comhlánaithe acu ina dtugtar sonraí ar aon fhadhbanna leighis. Ba chóir ainm agus sonraí teagmhála an bhainisteora/ceannaire aitheanta a bheith ag tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí i gcás éigeandála.
- ba chóir **baill foirne eile/saorálaithe** a chur ar an eolas maidir lena bhfreagrachtaí roimh an turas. Más turas fada atá i gceist, tá sé tábhachtach cúrsa taistil a bheith ag baill foirne/saorálaithe.

*Taisteal*

- Cinntigh go bhfuil ceadúnas cuí agus bailí ag an tiománaí
- Fág méid ama cuí chun an turas a dhéanamh
- Smaoinigh ar thionchar tráchta agus dálaí aimsire
- Má tá mionbhus in úsáid cinntigh go bhfuil gach suíochán dírithe chun tosaigh agus go bhfuil siad go léir feistithe le crios sábhála má tá leanaí nó daoine óga ar iompar
- Má tá daoine a bhfuil míchumais fhisiciúla acu ar iompar cinntigh go bhfuil an fheithicil oiriúnach dá riachtanais
- Tá PSV bailí/seiceálacha sábháilteachta ag an mbus nó cóiste
- Cinntigh go bhfuil gach duine ag caitheamh crios sábhála
- Seiceáil go bhfuil árachas cuí ann don turas

- Seiceáil go bhfuil taithí ag an tiománaí sa mhodh taistil a roghnaíodh
- Soiléirigh riachtanais mhaoirseachta le gach ball foirne/saorálaí. Níor cheart breathnú ar an tiománaí mar mhaoirseoir le linn an turais
- Deimhnigh go bhfuil an fheithicil ródacmhainneach.

*Cóimheas*
Ag brath ar an ngníomhaíocht féadann an cóimheas daoine fásta le leanaí/daoine óga bheith éagsúil, ach cibé a mheastar a bheith cuí is cóir é a mhéadú nuair atá ag taisteal as baile. Is féidir tuilleadh eolais ar chóimheasa cúraim leanaí a fháil ag: www.earlychildhoodireland.ie..

*Árachas*
Chomh maith le hárachas an mhionbhus/chairr, caithfidh an bainisteoir a chinntiú go gclúdaíonn árachas ginearálta na heagraíochta taisteal go himeachtaí.

*Éigeandálaí*
Deimhnigh go bhfuil clúdach árachais ag an bhfeithicil le haghaidh briseadh síos agus an fheithicil a aisghabháil. Is cóir ar a laghad oiliúint a bheith faighte ag duine amháin de na baill foirne/saorálaithe i nósanna imeachta na garchabhrach agus is cóir fearas garchabhrach a bheith ar fáil. Is cóir rochtain a bheith na baill foirne/saorálaithe ar fhón póca agus sonraí teagmhála do na leanaí, daoine óga agus/nó aosaigh shoghonta go léir.

**Níl ina bhfuil thuas ach bunphointí comhairle agus ní treoirlínte cuimsitheacha iad**.

# AGUISÍN 1

## Spriocanna eagraíochtúla

Is iad aidhmeanna Fhoras na Gaeilge:

- cur chun cinn na Gaeilge;
- úsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa chaint agus i scríbhinn, sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, i dTuaisceart Éireann mar a mbeidh éileamh cuí ann;
- comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach;
- tionscadail tacaíochta a ghabháil de láimh, agus cúnamh deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheasfar is gá;
- taighde, feachtais fógraíochta, caidreamh poiblí agus caidreamh leis na meáin a ghabháil de láimh;
- téarmaíocht agus foclóirí a fhorbairt;
- tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

Mar sin, caithfidh baill foirne/saorálaithe a bheith eolach go bhfuil an eagraíocht ann chun na mórfheidhmeanna agus cuspóirí seo a bhaint amach agus go gcaithfear aon ghníomhaíocht de chuid ball foirne/saorálaithe, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le forbairt phearsanta, a dhéanamh chun aidhmeanna agus cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach níos fearr.

Ba chóir baill foirne/saorálaithe a bheith eolach ar conas is féidir an chaoi a gcuireann siad féin i láthair tionchar a imirt ar chreidiúnacht an Fhorais Teanga agus ar thuairim an phobail air.

Is cóir do bhaill foirne/saorálaithe a ndualgais a chur de láimh le hiomlán éifeachtúlachta agus ar na costais agus na speansais is ísle don Fhoras Teanga.

Is cóir do bhaill foirne/saorálaithe a bheith eolach go ndéanann siad ionadaíocht ar an bhForas Teanga ó am go ham le grúpaí pobail agus deonacha éagsúla in Éirinn, Thuaidh agus Theas, agus níos faide i gcéin ar roinnt ócáidí. Agus iad ag cur a ndualgas de láimh os comhair an phobail, is cóir do bhaill foirne a bheith, agus is cóir go mbraitear iad a bheith, go hiomlán neamhchlaonta, ag cloí le rialacha agus le rialúcháin lena n-áirítear cód iompair, agus bheith ag gníomhú chun aidhmeanna agus cuspóirí an Fhorais Teanga a bhaint amach.

Is cóir do bhaill foirne/saorálaithe bheith eolach ar phleananna corparáideacha agus oibriúcháin na heagraíochta agus cloí leo seo agus straitéisí na Máthair-ranna, an Fhorais Teanga agus na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas.

**AGUISÍN 2**

**Nascadh le cóid agus buan-orduithe an Bhoird**

Baineann Cód an Bhoird leis na Príomhfheidhmeannaigh, agus is cóir do bhaill foirne/saorálaithe bheith eolach ar conas a chuideoidh a bhfuiltear ag súil leis uathu leis an mBord a n-oibleagáidí i leith na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas a chomhlíonadh.

Ba chóir eolas críochnúil a bheith ag baill foirne/saorálaithe ar an gcód iompair don fhoireann agus comhaontú leis mar threoirlínte dá seirbhís i bhForas na Gaeilge, lena n-áirítear cloí le prionsabail agus le luachanna an tsaoil phoiblí mar a shonraítear thuas. Ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe cloí lena ndualgas a bhfeidhmeanna poiblí a chur de láimh go réasúnta agus de réir an dlí, agus na caighdeáin eiticiúla a rialaíonn a ról a aithint. Ba chóir dóibh mar sin cuidiú leis an mBord a chinntiú go gcloíonn Gaeilge le riachtanais reachtúla agus riaracháin maidir le húsáid cistí poiblí agus go gcomhlíonann sé dualgais dhlíthiúla a chuirtear air. Ba chóir dóibh plé leis an bpobal go héifeachtúil agus le hionbhá, ag coinneáil an chaighdeáin is airde agus is féidir iompair agus seirbhíse.

Ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe a chinntiú go mbaineann siad amach na treoirlínte a glacadh maidir leis an gcleachtas is fearr:

- cloí le riachtanais na seirbhíse poiblí maidir le dualgais reachtúla, airgeadais agus riaracháin – cuidiú lena chinntiú go bhfeidhmíonn an Foras na Gaeilge laistigh de theorainneacha a údaráis reachtúil agus d’aon údarás tarmligthe ag an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas, agus de réir coinníollacha a bhaineann le húsáid cistí poiblí;

- ardchaighdeáin ionracais a choinneáil – agus cloí le treoir a eisíonn an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas agus iad ag déanamh cinntí;

- monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar bhaint amach na físe corparáidí – a ndícheall a dhéanamh cuidiú na cuspóirí a leagtar amach sna pleananna corparáideacha agus oibriúcháin a bhaint amach agus spriocanna feidhmíochta a bhaint amach;

- feidhmiú laistigh d’údarás reachtúil agus aon choinníollacha eile a chuireann máthair-ranna i bhfeidhm – cloí i gcónaí leis na cóid a cheadaíonn an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas, agus leis na rialacha a bhaineann le húsáid cistí poiblí;

- caighdeáin bhainteacha agus freagracht aonair a chur i bhfeidhm – mar dhaoine aonair agus maidir leis na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh araon.

Agus is cóir dóibh a chinntiú go gcloíonn siad leis an treoir seo a leanas:

- rannpháirtíocht sa pholaitíocht pháirtí – féadann baill foirne/saorálaithe a bheith páirteach i ngníomhaíocht pholaitiúil ach caithfidh siad a bheith airdeallach ar a ndualgais phoiblí agus discréid chuí a úsáid. Ní úsáidfidh baill foirne/saorálaithe a ról i bhForas na Gaeilge ar son tairbhe páirtí pholaitiúil nó chun tairbhe pholaitiúil phearsanta agus ní cheanglóidh siad iad féin nó an Foras Teanga d’aon turas le haon pháirtí polaitiúil faoi leith;

- saincheisteanna comhionannais – ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe cloí leis an reachtaíocht chomhionannais sa dá dhlínse.

**Leas príobháideach/coimhlint leasa**

Ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe a bheith eolach ar na contúirtí a bhaineann le coimhlint leasa fhíor nó mheasta agus iad ag freastal i bhForas na Gaeilge, agus baineann na treoirlínte seo a leanas leo féin agus baineann siad le dlúthghaolta agus le daoine a chónaíonn leo. I measc treoirlínte tá:

- rialacha le haghaidh luathaitheantais – is cóir do bhaill foirne/saorálaithe a fhógairt a luaithe agus is féidir go praiticiúil aon leas féideartha díreach nó indíreach (a bhaineann le hairgead nó eile) a bhaineann, dar leo, le haon ghné dá ról arbh fhéidir a mheas mar chlaonadh ar a mbreithiúnas;

- nochtuithe leasa – caithfidh gach ball foirne/saorálaí aon leas pearsanta, pobail nó gnó a fhógairt a d'fhéadfadh a bheith i gcoimhlint lena bhfostaíocht. Ba chóir seo a dhéanamh ag tús a dtéarma fostaíochta/oibre deonaí, agus a athnuachan ar bhonn bliantúil ar a laghad ina dhiaidh sin;

- clárú leasanna ar bhonn bliantúil – coinneofar clár de leasanna ball foirne/saorálaithe agus ba chóir go n-áireofaí air liosta de leasanna airgid agus neamhairgid díreacha nó indíreacha;

- bronntanais/fáilteachas – ba chóir do bhaill foirne/saorálaithe a bheith cúramach nuair a ghlacann siad le (haon) fáilteachas nó bronntanais, go háirithe ó eagraíochtaí nó ó dhaoine a bhfuil, nó arbh fhéidir go mbeidh, leas airgid nó eile acu i bhfeidhmiú Fhoras na Gaeilge. Ba chóir dearcadh a bheith ag baill foirne/saorálaithe gan glacadh le haon bhronntanas/fáilteachas dá leithéid seo. Ba chóir comhairle a lorg ón bPríomhfheidhmeannach nó ón mbainisteoir líne maidir le bronntanais/fáilteachas má tá ábhar imní díreach nó indíreach ag aon bhall foirne/saorálaí maidir lena n-iompar féin nó le hiompar daoine eile.

  Go ginearálta níor chóir fáilteachas, bronntanais agus siamsa a thairiscint nó a ghlacadh ach má tá fíorghá le heolas a thabhairt nó ionadaíocht a dhéanamh ar an eagraíocht;

- oscailteacht – caithfidh baill foirne/saorálaithe cloí le straitéis agus treoir an Bhoird maidir le cloí le haon chód cleachtais ar rochtain ar fhaisnéis rialtais;

- cosaint faisnéise oifigiúla – caithfidh baill foirne/saorálaithe faisnéis oifigiúil a choinnítear nó a fhaightear faoin rún le linn dualgais mar baill foirne/saorálaithe a chosaint agus cloí le haon riachtanas sin a dhéanamh;

- nochtadh faisnéise oifigiúla – ní bhainfidh baill foirne/saorálaithe úsáid/mí-úsáid as faisnéis a fhaigheann siad le linn a bhfostaíochta ar son a leasa phríobháidigh féin nó leas príobháideach daoine eile nó ar son leas polaitiúil, agus ní chuirfidh siad chun cinn a leas príobháideach nó daoine, gnólachtaí, cuideachtaí nó eagraíochtaí a bhfuil baint acu;

- rúndacht – ní nochtfaidh baill foirne/saorálaithe aon fhaisnéis rúnda nó sonraí plé a dhéantar i bhForas na Gaeilge;

- árachas agus slánaíocht – cinnteoidh an Príomhfheidhmeannach go bhfuil clúdach cuí árachais ag baill foirne/saorálaithe Fhoras na Gaeilge chun a bhfostaíocht/obair dheonach a ghabháil de láimh;

**Inchuimsitheacht laistigh den eagraíocht**
Maidir lena dhualgais mar fhostaitheoir, cloífidh Foras na Gaeilge leis na hoibleagáidí reachtúla a fhorchuireann Alt 75 den *Northern Ireland Act* (1998) agus an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 i bPoblacht na hÉireann, a tháinig i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair 1999, d'aisghairm sé agus tháinig sé in ionad an Achta in aghaidh Idirdhealú (Pá) 1974 agus an Achta um Chomhionannas Fostaíochta 1977.

Ba chóir aon saincheisteanna a bhaineann le comhionannas a ardú le bainisteoir líne baill foirne/saorálaí agus féadtar sa deireadh iad a ardú leis an bPríomhfheidhmeannach i scríbhinn.

**Téarmaí agus coinníollacha**

Cloífear i gcónaí le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta mar atá leagtha amach i dtéarmaí agus coinníollacha/comhaontú saorálaí agus i sainchuntas poist/róil.

Beidh ar a laghad ag fostaithe agus **nuair atá sé ábhartha** ag saorálaithe ón mBord agus ó bhainisteoirí sinsearacha:
- tuiscint shoiléir ar ról an Bhoird;
- tuiscint shoiléir ar a bhfreagrachtaí féin;
- léaráid a thaispeánann struchtúr foirne;
- príomhthéarmaí comhaontaithe;
- sonraíocht faoin bpearsa;
- struchtúr pá agus polasaí;
- sainchuntas poist;
- téarmaí agus coinníollacha don fhoireann i scríbhinn;
- cóip den pholasaí comhdheiseanna;
- cóip den pholasaí oiliúna;
- cóip den chóras breithmheasa don fhoireann;
- cóip de na rialacha agus de na nósanna imeachta maidir le smacht, casaoid agus achomharc;
- cóip den pholasaí sláinte agus sábháilteachta;
- cóip den pholasaí maidir le ciapadh;
- cóip den pholasaí sceithireachta;
- cóip de pholasaí & nósanna imeachta um chumhdach;
- cóip den chód iompair don fhoireann;
- cóip den chód iompair do leanaí & daoine óga;
- cóip den chód iompair do thuismitheoirí/caomhnóirí;
- cóip den pholasaí micribhitheolaíochta maidir le leanaí & daoine óga.

**Nósanna imeachta maidir le smacht, casaoid agus achomhairc**
Comhaontaíonn Bord Fhoras na Gaeilge nósanna imeachta/réiteach fadhbanna smachta, casaoide agus achomhairc agus ba chóir cloí leo i gcónaí.

**Ceisteanna sláinte agus sábháilteachta**
Cinnteoidh baill foirne/saorálaithe go gcloífidh siad le polasaithe sláinte agus sábháilteachta Fhoras na Gaeilge i gcónaí.

**Athbhreithnithe ar an gcód do bhaill foirne/saorálaithe**

Athbhreithneofar an Cód Iompair do bhaill foirne/saorálaithe de réir mar is cuí le leasuithe comhaontaithe ag an mbord nuair is gá.

## AGUISÍN 3

Foirm Tuairiscithe Eachtra maidir le Cumhdach

**SEO FOIRM CHAIGHDEÁNACH AN FHORAIS TEANGA LE HAGHAIDH ÁBHAIR IMNÍ MAIDIR LE CUMHDACH AGUS/NÓ LEAS A THUAIRISCIÚ**

# FOIRM THUAIRISCITHE LE HAGHAIDH ÁBHAIR IMNÍ AMHRASTA MAIDIR LE CUMHDACH

**Caithfear ceisteanna a fhreagairt ina n-iomláine.**

**Caithfidh an oifigeach AINMNITHE an fhoirm seo a choinneáil faoi rún agus in áit shlán**

**I gcás éigeandála nó lasmuigh d'uaireanta oibre, is cóir teagmháil a dhéanamh leis an Iontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta/FSS nó le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann/An Garda Síochána.**

| | |
|---|---|
| ***Ainm an duine ag déanamh na tuairisce:*** | |
| ***Ainm na hEagraíochta:*** | |
| ***Ainm an linbh/duine óig/aosaigh shoghonta:*** | |
| ***Aois:*** | |
| ***Ainm tuismitheora/cúramóra:*** | |
| ***Seoladh baile:*** | |
| ***Cód poist:*** | |
| ***Uimhir fóin:*** | |

**ÁBHAR IMNÍ:**

***Comhlánaigh an bosca thíos, le do thoil, má tá nochtadh déanta ag leanbh/duine óg/aosach soghonta.***

| |
|---|
| **Cén uair a bhí an nochtadh/ábhar imní? (Cuir isteach dáta/am)** |
| **Cén áit a raibh an nochtadh/ábhar imní déanta?** |
| **Cad iad na tosca ónar lean an nochtadh/ábhar imní?** |
| **An raibh daoine eile i láthair nuair a tharla an nochtadh/ábhar imní?**<br>**Bhí** **Ní raibh** |
| **Má bhí, tabhair ainmneacha/róil le do thoil** |
| **Cén cineál nochtaithe/ábhar imní a bhí ann?** |
| **Tabhair focail linbh/duine óig/aosaigh shoghonta mar a thug siad féin uathu iad** |
| **Cuir síos ar aon chomharthaí de ghortú fisiciúil ar an leanbh/duine óg/aosach soghonta** |

| |
|---|
| **Cuir síos ar aon chomharthaí/athruithe mothúchánacha nó iompraíochta sa leanbh/duine óg/aosach soghonta** |
| **Ar ainmníodh aon duine nó ar cuireadh aon rud i leith aon duine mar chuid de na líomhaintí (má ainmníodh nó má cuireadh, déan taifead de shonraí le do thoil)?** |
| **Cén gníomh amach anseo atá comhaontaithe/socraithe?** |
| **Síniú:** **Dáta:** |
| **Cás atreoraithe chuig:**<br><br>_______________________________ _____________________<br>**Oifigeach Ainmnithe** **Dáta:** |
| Tá treoir forbartha ag an bhForas Teanga de réir an Achta um Chosaint Sonraí 1998 (TÉ nó PÉ nó an dá cheann acu): agus tá aontaithe aige gur chóir taifid ar chásanna a cuireadh ar aghaidh chuig eagrais reachtúla maidir le saincheist um chumhdach faoi leanbh/duine óg/aosach soghonta a choinneáil suas le seacht mbliana. Ba chóir an fhaisnéis seo a choinneáil faoi ghlas i gcaibinéad slán agus rochtain ar na heochracha a choinneáil faoi dhiansmacht. |

# AGUISÍN 4

## Teimpléad Measúnaithe Riosca um Chumhdach

| | **Riosca Aitheanta** | **Rangú**<br>*(Ard/Meánach/Íseal* | **Nós imeachta i bhfeidhm le riosca a bhainistiú** |
|---|---|---|---|
| 1 | | | |
| 2 | | | |
| 3 | | | |
| 4 | | | |
| 5 | | | |
| 6 | | | |
| 7 | | | |
| 8 | | | |
| 9 | | | |
| 10 | | | |

# TEAGMHÁLACHA ÚSÁIDEACHA

**TUSLA**

| | |
|---|---|
| An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | Suíomh gréasáin: www.tusla.ie<br>Fón: 01 7718500<br>Ríomhphost: info@tusla.ie |

**An Garda Síochána** - In éigeandáil déan teagmháil, le do thoil, leis an nGarda síochána, nó ní fheidhmíonn Tusla ach le linn gnáthuaireanta oifige:

| | |
|---|---|
| **Éigeandáil** | 999 |
| **Fiosruithe neamhéigeandála/ginearálta** | 112 |

Ba chóir duit an tseirbhís seo a úsáid má tá coir nó eachtra ar siúl anois nó má tá duine éigin i gcontúirt láithreach.

**Foirne um Chumhdach agus Cosaint FSS**

| | |
|---|---|
| Líne Eolais FSS ar 1850 24 1850. Tá líne eolais FSS oscailte ó Luan go Satharn, ó 8.00 ar maidin go 8.00 tráthnóna. | |
| **Eagraíocht Chúraim Sláinte Phobail FSS - Ceantar 9** | Anne O'Loughlin, Ospidéal Mhuire, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 20 Teil: 01 6250447<br>Ríomhphost: Safeguarding.cho9@hse.ie |
| **Eagraíocht Chúraim Sláinte Phobail FSS - Ceantar 8** | Ionad Cúraim Phríomhúil Chill Dhéagláin, Sráid Chill Dhéagláin, Cill Dhéagláin, Co. na Mí, Teil: 01 6914632 |
| **Eagraíocht Chúraim Sláinte Phobail FSS - Ceantar 7** | Siobhan Nunn, Teach Feá, 101-102 Páirc Ghnó an Náis, Co. Chill Dara, Teil: 045981810<br>Ríomhphost: Safeguarding.CHO7@hse.ie |
| **Eagraíocht Chúraim Sláinte Phobail FSS - Ceantar 6** | Tony McCusker, Ionad Sláinte Bhaile an tSaoir, Ascaill Bhaile an tSaoir, Baile an tSaoir, Baile Átha Cliath 16. Teil: 01 2164511, Ríomhphost: Safeguarding.cho6@hse.ie |
| **Eagraíocht Chúraim Sláinte Phobail FSS - Ceantar 5** | Maura Seabrooke, Oifigí FSS, Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Leacain, Cill Chainnigh, Co. Chill Chainnigh, Teil: 056-7784325<br>Ríomhphost: Safeguarding.cho5@hse.ie |
| **Eagraíocht Chúraim Sláinte Phobail FSS - Ceantar 4** | Kathleen O'Mahony, Ospidéal Fhionnbharra, Bóthar Dhúghlais, Corcaigh, Teil: 021 4923967<br>Ríomhphost: Safeguarding.cho4@hse.ie |
| **Eagraíocht Chúraim Sláinte Phobail FSS - Ceantar 3** | Maggie McNally, Ionad Sláinte Thigh Eoin, an tAonach, Co. Thiobraid Árainn, Teil: 067 46470,<br>Ríomhphost: Safeguarding.cho3@hse.ie |
| **Eagraíocht Chúraim Sláinte Phobail FSS - Ceantar 2** | Pauline Levins, Lá Nua, an Baile Bán, Bóthar Pháirc an Chaisleáin, Gaillimh, Teil: 091 748488<br>Ríomhphost: Safeguarding.cho2@hse.ie |
| **Eagraíocht Chúraim Sláinte Phobail FSS - Ceantar 1** | Donna Carroll, Oifig FSS, Eagraíocht Chúraim Sláinte Phobail Cheantar 1, Campas Sláinte Bhéal Átha Seanaidh, An Clochar, Béal Átha Seanaidh, Co. Dhún na nGall. Teil: 071-9834660 Ríomhphost: Safeguarding.cho1@hse.ie |

**Gníomhaireachtaí tacaíochta eile:**

| | |
|---|---|
| **Barnardos**<br>www.barnardo.ie | **Children's Rights Alliance**<br>www.childrensrights.ie |

| | |
|---|---|
| **An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige**<br>www.dcya.ie | **Parentline**<br>1 890 927277<br>www.parentline.ie |
| **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**<br>www.hse.ie | **Cabhairlíne Chúnamh do Mhná**<br>1 800 341900<br>www.womensaid.ie |
| **Rialtas na hÉireann**<br>www.gov.ie | **Na Samáraigh**<br>1 850 609090<br>www.samaritans.org |
| **Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí**<br>www.ispcc.ie | **Líne Chabhrach na Leanaí**<br>1 800 666 666<br>www.childline.ie |
| **Luath-óige Éireann**<br>www.earlychildhoodireland.ie | **Ionad Eolais do Shaoránaigh**<br>www.citizensinformation.ie |
| **Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath (Náisiúnta)**<br>1800 778888<br><br>**Ionad Éigeandála um Éigniú na Gaillimhe**<br>**01800 355355** (Luan go hAoine 10 am – 1pm agus 3pm – 5.30pm) | **One in Four**<br>Tacaíonn siad le fir agus le mná a d'fhulaing foréigean gnéasach, a lán acu nuair a bhí siad ina leanaí.<br>01 662 4070<br>www.oneinfour.ie |